

Clár

Brollach		2
Rannóg 1:	Dlí na hIomaíochta a Fhorfheidhmiú	5
Rannóg 2:	Measúnú ar Chumaisc agus ar Éadálacha	23
Rannóg 3:	Cothú na hIomaíochta in Éirinn	56
Rannóg 4:	Seirbhísí Beartais agus Corparáideacha	72
Aguisíní		82



Bill Prasifka

Sa bhliain 2007 d'éirigh leis an Údarás Iomaíochta an t-uafás a bhaint amach agus brú ar aghaidh leis an dul chun cinn i dtreo a phríomhsprice – is é sin cultúr iomaíochta níos beoga a chur ar bun.

I rith na bliana chonacthas an chéad chiontú coiriúil faoin Acht Iomaíochta, 2002 sa Phríomh-Chúirt Coiriúil. Ciontaíodh an cosantóir, Denis Manning, i gcabhrú agus i neartú cairtéil i ndáileadh mótarfheithiclí Ford. Bhí díol suntais ar leith ag baint leis an gciontú sa mhéid go dtugann sé teachtaireacht don phobal i gcoitinne go bhfuil na cúirteanna den tuairim gur coireanna tromchúiseacha i gcoinne an phobail iad na coireanna a bhaineann le hiomaíocht agus gur chóir do chiontóirí a bheith ag súil le dianphianóis ina leith.

Chomh maith leis sin, i rith na bliana, daingníodh dhá chiontú eile a bhain le coireanna cairtéil. Ba i gcás a bhain le hola téimh in Iarthar na hÉireann a daingníodh an dá chiontú – cás ina bhfuarthas 15 chiontú sa bhliain 2006. Tionscnaíodh imeachtaí coiriúla freisin sa bhliain 2007 i gcoinne cairtéil lenar bhain dáileadh mótarfheithiclí Citroen. Seirbheáladh Leabhar Fianaise ar chosantóir amháin agus eisíodh toghairm i gcoinne 13 chosantóir eile le go dtiocfaidís os comhair na cúirte sa bhliain 2008.


Tugann an t-eispéireas idirnáisiúnta le fios gur féidir le pionóis seachas pionóis airgid a bheith ar an mbealach is éifeachtaí iompar firthiomaíoch a chosc. Creidim go mbeidh sé seo fíor in Éirinn chomh maith. Ní hé amháin go raibh fíneálacha ag gabháil le ciontuith in Éirinn go dtí seo ach bhí pianbhreitheanna coimeádta ag gabháil leo freisin in dhá chás, cé go rabhadar ar fionraí, agus i gcásanna eile dícháiliú ó stiúrthóireacht. Is céim thábhachtach na pionóis neamhairgid seo don Údarás Iomaíochta i gcur ar bun réimeas forfheidhmithe a chuirfidh cosc le hiompar frithiomaíoch.

Ar cheann de na tosaíochtaí ag an Údarás Iomaíochta tá forfheidhmiú sibhialta agus d'éirigh leis an Údarás é seo a chur i bhfeidhm i roinnt cásanna, na cinn is suntasaí in earnáil an chúraim shláinte. Is chun leasa an tomhaltóra atá an iomaíocht éifeachtach i ngach cuid den gheilleagar agus ní haon eisceacht é cúram sláinte. Tá tábhacht ar leith ag baint le go bhfeidhmeodh ár margáí seirbhísí go héifeachtach agus leanfaidh an tÚdarás Iomaíochta ag idirghabháil go dian i réimsí inar léir dó go bhfuil leas na dtáirgeoirí ag feidhmiú chun dochair na dtomhaltóirí.

Gan amhras, bheadh sé faillíodh ó mo thaobhsa de, gan an bac a lua a cuireadh le obair an Údarás Iomaíochta mar thoradh ar chinneadh na Cúirte Uachtaraí cinneadh Ardchúirte a chur ar ceal inár gcaingean dlí i gcoinne Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa. Rinneamar grinnstaidéar ar an gcinneadh sin, agus thiomnaíomar sinn féin chun ceachtanna a fhoghlaim ón méid a tharla agus chuireamar ár straitéisí um fhorfheidhmiú sibhialta in oiriúint chun a chinntiú go nglacfadh na cúirteanna ar bhealach níos fabhraí lenár gcásanna amach anseo.

D'éirigh an-mhaith le hobair an Údarás Iomaíochta sa bhliain 2007 i gcóras forfheidhmithe cumasc agus d'eisigh an tÚdarás cinntí réasúnaithe i 70 gcás. Seo laghdú ar an mbliain seo caite, i bpáirt toisc go raibh rath ar an Údarás Iomaíochta i gcur i bhfeidhm athruithe chun raon na gcumasc ar ghá iad a chur i bhfios don Údarás faoin Acht a laghdú. Fáiltimid roimhe seo, mar go gcuirfidh cur chuige níos éifeachtaí leis an Údarás Iomaíochta níos mó acmhainní a chaitheamh ag plé le cumaisc a bhfuil saincheistanna deacra dlí, fíorais nó anailíse eacnamaíochta ag eascairt astu. Tá sé seo soiléir inár dtáirge oibre deiridh le roinnt cinntí a léiríonn go bhfuiltear ag cur le sofaisticiúlacht san anailís agus sa réiteach araon, agus iad seo go léir curtha i gcrích faoi spriocdhátaí atá teann. Tá ár gcóras forfheidhmithe cumasc ag teacht go maith leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

I réimse na haighneachta iomaíochta, rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2007 inár n-aighniú fada buan go mbeadh níos mó iomaíochta ann i réimse na seirbhísí gairmiúla. D'fhoilsíomar staidéar ar sholáthar Seirbhísí Fiaclóireachta a leag béim ar roinnt réimsí a bhfuil géarghá feabhas a chur orthu. Fiú níos suntasaí fós, sa bhliain 2007 chonacthas gá le deireadh a chur leis an gcleachtas mí-aimseartha



féinrialúcháin a rinne an donas ar ghairm an dlí. D'ainneoin ghlacadh an phrionsabail, ámh, táthar ag feitheamh le cur i bhfeidhm athruithe suntasacha sna gairmeacha dlíthiúla agus táimid ag súil leanúint ar aghaidh agus leasú ar na gairmeacha dlí a éileamh sa bhliain atá amach romhainn.

Chríochnaigh an bhliain leis an Údarás Iomaíochta ag cur go suntasach le comhairliúchán a bhí faoi cheannas na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le leasú a dhéanamh ar na hAchtanna Iomaíochta. Bhain na cinní a rinne an Roinn nuair a rinneadh an leasú deireanach, as ar eascair an tAcht Iomaíochta 2002, go mór leis an rath atá ar an obair againne agus ar féidir liomsa tuairisc a thabhairt ina leith anseo. Beidh a leithéid chéanna de rath ar léargas na Roinne sa leasú atá le teacht, sna blianta amach romhainn.

Ní bheadh rath ar ár gcuid oibre, ámh, ach an tacaíocht sheachtrach a fhaighimid. Bhí an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ina pléadáí uchtúil maidir le cúrsaí iomaíochta i rith na bliana. Ní bheimís tar éis an rath céanna a bhaint amach i bhforfheidhmiú coiriúil gach saineolas, díograis agus seiftiúlacht an Stiúrthóra Iomchúisimh Phoiblí agus an Phríomh-Atur nae Ionchúisimh. Táimid buíoch as ucht a dtacaíochta leanúnaí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Údarás Iomaíochta, A bhuíochas leis an mheabhair chinn, an díograis agus na cúlraí ilchultúrtha éagsúla atá ag an bhfoireann is láthair oibre rathúil taithneamach atá ann agus is mór agamsa é a bheith bainteach leo.



Dlí na hlomaíochta a Fhorfheidhmiú

Ceaptar dlí na hiomaíochta chun cosaint agus buntáiste a thabhairt do thomhaltóirí go príomha a bhfuil sé de cheart acu earraí agus seirbhísí a cheannach ar phraghas iomaíoch. Cuireann breis iomaíochta luach maith ar fáil do thomhaltóirí, cothaíonn sé gnó agus cuireann sé le geilleagar na tíre ar fad. Is é an toradh a bhíonn ar iompar frithiomaíoch ná go n-íocann na tomhaltóirí praghsanna níos airde gan aon bhuntáiste breise a fháil agus go dtógtar ón iomaíochas i ngeilleagar na hÉireann.

Cuireann cairtéil an croch-chomaoin is mó ar thomhaltóirí: praghas-socrú, camastaíl tairisceana agus cionroinnt margaidh a dhéanann iomaitheoirí agus a fhágann tomhaltóirí gan na buntáistí a bhaineann le dian-iomaíocht ar phraghas, sheirbhís agus nuálaíocht. Níl aon bhuntáiste iomaíoch to thomhaltóirí ag baint le cairtéil, nó tá siad ann chun an buntáiste a thabhairt d'iomaitheoirí de bharr costais folaithe agus praghsanna níos airde, agus bíonn iomaíocht agus tomhaltóirí thíos leis.

Thosaigh forfheidhmiú ar dhlí na hiomaíochta sa bhliain 2006 15 chiontú ar dhaoine agus ar chuideachtaí maidir le cairtéal ola téimh. D'áirigh sé seo am chéad chiontú in Éirinn agus san Eoraip os comhair giúiré. Chuidigh cinneadh a rinne an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ó shin i leith cur le cumhachtaí forfheidhmithe an Údaráis tá imeachtaí nua a tionscnaíodh sa bhliain 2007 bainteach go díreach leis an méadú sin ar acmhainní. Mhéadaigh Acht Iomaíochta, 2002 na pionóis ar sháruithe agus lonnaigh sé iad laistigh de dhlínse na Príomh-Chúirte Choiriúil. I mí Feabhra 2007, ghearr an Phríomh-Chúirt Choiriúil an chéad chiontú coiriúil agus pianbhreith de réir an Achta Iomaíochta, 2002. Tabharfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí níos mó caingne dlí sa bhliain 2008.

Is ionann na bearta frithiomaíocha a bhíonn ar bun ag na cairtéil agus daoine ag gadaíocht, ag féachaint le brabús breise a dhéanamh agus an tomhaltóir thíos leis. Mar a dúirt an Breitheamh McKechnie sa Phríomh-Chúirt Choiriúil sular gearradh pianbhreith:¹

¹ *DPP v Denis Manning, An Phríomh-Chúirt Choiriúil, breitheamh neamh-thuairiscithe, 9 Feabhra 2007*

'Is coir in aghaidh tomhaltóra é an cineál seo coire agus ní hamháin in aghaidh duine nó daoine. Mar gheall air seo tá sé éagsúil ó chineálacha eile coireanna; agus cé go bhfuil suim ag an tsochaí i gcosc a chur ar gach cineál de choir, agus iad a bhraith agus a ionchúiseamh, is coir an-díobhálach é aon choir ina bhfuil sárú ar an Acht Iomaíochta i gceist. Bhí gach duine ar mhaith leo feithicil a cheannach, le linn na tréimhse a luaigh mé, ó na déileálaithe seo ar airgead, i mbaol calaoise, agus is cinnte go ndearnadh calaois ar chuid mhór díobh leis an scéim agus na cleachtais a d'úsáid an cairtéal seo gan náire. I mo thuairimse, rinne na gníomhaíochtaí seo droch-chomaoin scannalach ar an bpobal.'

1.1 Cásanna Coiriúlachta arna dTabhairt ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Cairtéil Ola Téimh

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Michael Flanagan ag trádáil faoin ainm Flanagan Oil, Con Muldoon, Muldoon Oil Limited, James Kearney, Cloonan Oil Limited, Ruby Oil (Roscommon) Limited, Kevin Hester, Sean Hester, All Star Oil Limited, Alan Kearney, Mor Oil Limited, Pat Hegarty, Sweeney Oil Limited, Gort Oil, Declan Geraghty, Matt Geraghty Oil Limited, Michael McMahon, Fenmac Oil & Transport Limited, Tom Connolly, Eugene Dalton Snr., Corrib Oil Company Limited, Kevin Cunniffe, Hi-Way Oil (Galway) Limited, JP Lambe.

Sa bhliain 2007, leanadh leis an ionchúiseamh ar roinnt ball de chairtéal ola téimh. Ar an 23 Eanáir 2007, i bPríomh-Chúirt Choiriúil Bhaile Átha Cliath, ciontaíodh an Corrib Oil Company Limited agus a stiúrthóir, Eugene Dalton Snr, agus gearradh pianbhreith orthu. Gearradh fineáil €15,000 ar Corrib Oil Company Limited €15,000 agus gearradh fineáil €10,000 ar Eugene Dalton. Dícháilíodh Eugene Dalton go huathoibríoch ar feadh tréimhse cúig bliana ó oifig stiúrthóra a ghlacadh in aon chuideachta in Éirinn faoi Alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. D'iontráil an SIP *nolle prosequi* i gcoinne stiúrthóra eile den Corrib Oil Company Limited, Thomas Connolly. Ar an 9 Bealtaine, d'iontráil an SIP *nolle prosequi* i gcoinne Sweeney Oil Limited agus d'fhág sin gurbh é Pat Hegarty an t-aon chosantóir a bhí fágtha san ionchúiseamh a bhain le hola téimh. Socrófar dáta sa bhliain 2008 don triail seo. Tugann na ciontuithe seo go 17 san iomlán líon na gciontuithe i gcásanna ola téimh.

**TÁBLA 1.1 TORADH NA NIMEACHTAÍ NACH RAIBH I GCRÍCH MAIDIR LEIS AN GCÁS OLA
TÉIMH AMHAIL 31 NOLLAIG 2007**

Cosantóir	Toradh
Corrib Oil	Gearradh pianbhreith an 23 Eanáir 2007 agus fíneáil €15,000
Tom Connolly	<i>Nolle prosequi</i> , 23 Eanáir 2007
Eugene Dalton Snr	Gearradh pianbhreith an 23 Eanáir 2007 agus fíneáil €10,000
Sweeney Rabbitte Oil	<i>Nolle prosequi</i> , 9 Bealtaine 2007
Pat Hegarty	Ar feitheamh trialach

Irish Ford Dealers Association

An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí v Denis Manning

Thionscain an Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí in aghaidh Denis Manning sa Chúirt Dúiche i gCorcaigh i mí Aibreáin 2006. DPP v Manning Toghaireadh Denis Manning os comhair na cúirte chun freagra a thabhairt mar gheall ar dhá chúis lenar líomhnaíodh gur chabhraigh agus gur chuidigh sé leis an Irish Ford Dealers Association agus baill an chumainn sin i gcur i bhfeidhm comhaontuithe chun praghsanna díolta mótarfeithiclí Ford taobh istigh den Stát a shocrú ó Bhealtaine 2001 go dtí Meitheamh 2003. Bhain an chéad cheann den dá chúis le cion arna líomhain faoi Acht na bliana 1991 arna leasú agus an dara ceann den dá chúis le cion arna líomhain faoi Acht na bliana 2002.

An 21 Meitheamh 2006, cuireadh an tUasal Manning chun a thrialach maidir leis an dá chúis ón gCúirt Dúiche i gCorcaigh go dtí an Phríomh-Chúirt Choiriúil. Tháinig sé i láthair na Príomh-Chúirte Coiriúla i mBaile Átha Cliath den chéad uair os comhair na Bhreithimh Paul Carney an 26 Meitheamh. Cuireadh an cás ar athló go dtí an 24 Iúil 2006 nuair a chuir an Breitheamh Carney an cás in aghaidh an Uasail Manning síos chun a thrialach ar an 30 Eanáir 2007 sa Phríomh-Chúirt Choiriúil ag suí go speisialta i gCorcaigh. Cuireadh an cás faoi bhráid an bhreithimh iomaíochta, an Breitheamh Uasal Liam McKechnie, lena thriail.

Ar an Mháirt, 30 Eanáir 2007, phléadáil an tUasal Manning ciontach sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i dtaobh scóir amháin de shárú ar an Acht Iomaíochta, 2002.

Seo a leanas an cúiseamh:

Go ndearna tusa, Denis Manning cabhrú agus neartú an 1 Iúil 2002 agus an 30 Meitheamh 2003, na dátaí araon san áireamh, le Irish Ford Dealers Association agus a bhaill, gach gnóthas faoi bhrí Alt 3 den Acht Iomaíochta 2002, cion a dhéanamh, eadhon comhaontú a chur i bhfeidhm a raibh mar ábhar aige cosc, srianadh nó saobhadh a dhéanamh ar iomaíocht i dtrádáil mótarfheithiclí sa Stát ach tabhairt faoi phraghas-socrú mótarfheithiclí, bíodh sin ina phraghas-socrú díreach nó indíreach. Contrártha d'Alt 4(1) agus 6 den Acht Iomaíochta 2002 agus contrártha d'Alt 7(1) den Acht um an Dlí Coiriúil 1997.

Thug an Breitheamh McKechnie breith ar an gcás ar an 9 Feabhra 2007, ag gearradh pianbhreith coimeádta de 12 mhí, ar fionraí go ceann cúig bliana, chomh maith le fineáil de €30,000. Dúirt an Breitheamh McKechnie go raibh an choir a rinne an tUasal Manning díobhálach go háirithe mar gur in aghaidh tomhaltóirí a bhí sé, agus ní in aghaidh duine amháin nó beirt. De réir an Bhreithimh, rinne na gníomhaíochtaí lena raibh baint ag an Irish Ford Dealer's Association 'droch-chomaoin scannalach ar an bpobal'. Lean sé ar aghaidh, ag insint cén fáth ar cheart don Chúirt cur i bhfeidhm pianbhreith coimeádta a thabhairt faoi bhráid ina leithéid de chásanna. Dúirt se ar leathanach 83:

'I mo thuairimse tá fáthanna maithe le go dtabharfadh an chúirt faoi bhráid cur i bhfeidhm pianbhreitheanna coimeádta ina leithéid de chásanna.

Ar an gcéad dul síos, is féidir lena leithéid de phianbhreith oibriú mar bhac éifeachtach go háirithe áit ina gcaithfear fineáil a ghearradh ag leibhéal ró-ard dá mbeadh siad leis an éifeacht chéanna a bhaint amach.

Sa dara háit, seans nach ndéanfaidh fineáil ar chomhlachtaí leor-spreagadh a ráthú do dhaoine sna comhlachtaí sin gníomhú go freagrach. Is féidir nach mbeadh an éifeacht chéanna ag an bpointe seo i roinnt cásanna ag baint le dhaoine aonair.

Ina theannta sin, is féidir go mbeadh sé ina spreagadh do dhaoine níos mó comhoibríthe a thairiscint in imscrúduithe ag baint le cairtéil in aghaidh a bhfostóirí dá mbeadh an tuiscint i ngnóthais go mbainfidh cúirteanna úsáid go minic as pianbhreith coimeádta.

Chomh maith leis sin, is féidir le príosún bheith ina bhac an-láidir dóibh siúd go háirithe nach bhfuil taifead acu, iad sin a bhfuil meas orthu sa phobal agus iad sin nach bhfuil dealraitheach cion a dhéanamh athuair, agus sa deireadh, is féidir le gearradh pianbhreithe ar an gcineál sin duine teachtaireacht láidir mhorálta a theagasc. Dá réir sin, tá, i mo thuairimse, roinnt fáthanna láidre i dtaobh pianbhreith coimeádta a chur ar dhuine a fuarthas ciontach de réir Acht 2002. Sa chomhthéacs seo ba mhaith liom a dhearbhu go soiléir agus go neamhchoimsithe nach bhfeicimse aon chúis go mbeadh tréimhse fhada ann sular gnáthrud é go mbeadh daoine a ciontaítear faoin reachtaíocht seo á gur i bpríosún.

Citroen Dealers Association

Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v John McGlynn

I mí an Mheithimh 2007, thionscain an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí in aghaidh John Mc Glynn, ag maíomh gur sháraigh sé Alt 7(1) den Acht um an Dlí Coiriúil, 1997, trí na baill den Citroen Dealers Association a chabhrú agus a neartú chun cion a dhéanamh, is é sin, páirt a ghlacadh i gcomhaontú a raibh sé mar aidhm aige iomaíocht sa trádáil mótarfheithicil a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh sa Stát trí praghsanna mótarfheithicil a shocrú go díreach nó go hindíreach. Ta a leithéid de chion in aghaidh Alt 4(1) agus 6 den Acht Iomaíochta, 2002. Tá sé chúiseamh á gcur i leith an Uasail John Mc Glynn le tréimhse ón 1 Iúil 1998 go dtí an 25 Samhain 2003, agus ba chion coiriúil é a leithéid de ghníomhaíocht le linn na tréimhse seo in aghaidh an Achta Iomaíochta, 1991 arna leasú ag an Acht Iomaíochta, 2002.

Chuir an Breitheamh Brian Sheridan an tUasal John McGlynn ar aghaidh le haghaidh trialach ar an 5 Meitheamh 2007. Tá an triail le teacht faoi bhráid an Bhreithimh McKechnie ar an 3 Márta 2008.

Cásanna eile a thionscain an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Thionscain an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí breise in aghaidh baill eile den Citroen Dealers Association. Maíonn na cúiseamh in aghaidh gnóthais ag oibriú déileálaithe Citroen sa Stáit, agus oifigigh agus stiúrthóirí aonair na ngnóthas sin, gur aontaigh siad ar phraghsanna agus gur shocraigh siad na praghsanna sin ar dhíolacháin gluaisteáin Citroen i sáruithe ar Ailt 4 agus 6 den Acht Iomaíochta. Tá na déileálaithe agus na stiúrthóir sin liostáilte thíos.

TÁBLA 1.2

Cosantóir	Dátaí na Chéad Láithreas sa Chúirt Dúiche
Mr John McGlynn	Triail le tosú 3 Márta 2008
Bursey Peppard Limited	7 Eanáir 2008
Mr James Bursey	9 Eanáir 2008
Patrick Duffy Motors (Newbridge) Limited	9 Eanáir 2008
Mr Patrick Duffy	9 Eanáir 2008
Ravenslodge Trading Limited	18 Eanáir 2008
Mr Jack Doran	18 Eanáir 2008
Finglas Motors M50 Limited	4 Feabhra 2008
Gowan Motors (Parkgate) Limited	4 Feabhra 2008
Mr Michael Patrick Gibbs	4 Feabhra 2008
Mr Bryan Smyth	4 Feabhra 2008
James Durrigan & Sons Limited	11 Feabhra 2008
Mr James Durrigan	11 Feabhra 2008
Mr Bernard Byrne	14 Feabhra 2008

1.2 Cumhachtaí Forfheidhmithe in Úsáid

Faoi Ailt 31 agus 45 den Acht Iomaíochta 2002, féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta toghairm a eisiúint agus /nó cur isteach ar bharántais chuardaigh chun cuidiú le himscrúduithe ar shárú an Achta. Le linn 2007, bronnadh 10 mbarántas cuardaigh ar an Údarás Iomaíochta maidir le himscrúduithe reatha faoi iompar frithiomaíoch. Oifigigh Údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta a d'fhorghníomhaigh na barántais chuardaigh seo. Chuir Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise agus gardaí áitiúla de chuid an Gharda Síochána ar fud na tire iad seo i bhfeidhm.

Chomh maith leis sin, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta 18 dtoghairm finné le linn na bliana. Tá sé de cheart ag an Údarás Iomaíochta toghairmeacha a eisiúint chun iallach a chur ar fhinnéithe fianaise a thabhairt faoi mhionn agus na cáipéisí a lorgáitear orthu. Is cion é faoin Acht Iomaíochta, 2002, loic a dhéanamh de réir na dtoghairmeacha seo.

TÁBLA 1.3

Úsáid na Cumhachta Forfheidhmithe	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001
Barántais Chuardaigh	10	9	42	24	21	18	2
Toghairmeacha	18	38	46	58	69	56	11

1.3 Treoir maidir le cur i bhfeidhm Dhlí na hIomaíochta

Treoir maidir le Comhchaibidlíocht a bhaineann le Táillí Leighis a Shocrú

I mí Eanáir d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta Nóta Treorach maidir le caibidlíocht chomhárghála ag baint le socrú táillí leighis.

Sa bhliain 2005, chuir an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú i gcrích, maidir leis an gcaoi a ndéantar táillí do sheirbhísí lianna comhairleacha a chaibidliú idir lianna comhairleacha agus árachóirí sláinte príobháideacha, atá i dtuairim an Údaráis Iomaíochta, ina shárú ar Acht 4(1)(a) den Acht Iomaíochta, 2002. D'eisigh an tÚdarás Iomaíochta litir thionscnaimh ag cur síos ar a dhearcadh chuig an Irish Hospital Consultants Association agus thángthas ar réiteach idir an Údarás Iomaíochta agus an Irish Hospital Consultants Association ar an 27 Meán Fómhair 2005.

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta doiciméad comhairliúcháin i mí Eanáir 2006 chun raon na treorach a chinneadh a bhféadfaí a sholáthar maidir le comhchaibidlíocht i ndáil le táillí leighis a shocrú. An aidhm a bhí leis an Doiciméad Comhairliúcháin ná tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a ndéantar táillí do lianna comhairleacha a chaibidliú idir lianna comhairleacha agus árachóirí sláinte príobháideacha.

Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin, chinn an tÚdarás Iomaíochta nóta treorach a fhoilsiú de réir Alt 30(1)(d) den Acht iomaíochta, 2002. Is é an aidhm atá ag an Údarás Iomaíochta ná treoir a eisiúint a chinnteoidh go bhfuil lianna comhairleacha (agus gairmithe eile a bheadh sa riocht céanna) ar an eolas maidir leis na toirmisc a sonraítear san Acht Iomaíochta, 2002, mar a mbaineann siad leo siúd agus cuidiú leo an tAcht a chomhlíonadh.

1.4 Cásanna a tugadh in aghaidh an Údaráis Iomaíochta

Faoi Alt 14 den Acht Iomaíochta, 2002, tá sé de cheart ag duine arb éagóir leis nó léi comhaontú frithiomaíoch nó mí-úsáid ceannasachta faoiseamh a lorg má dhéanann na nithe sin dochar dó nó di. Tá feidhm ag an gceart seo i leith an Údaráis Iomaíochta chomh maith céanna is atá i leith aon duine eile a mheasfaí arb páirtí a ndearnadh éagóir air nó í an té sin. Is cásanna sibhialta iad na caingne faoi Alt 14 agus déanann cúirt cinneadh ina leith bunaithe ar chothromaíocht na dóchúlachta. Is féidir le páirtí éagóraithe iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh trí mheán urghaire nó dearbhaithe. Féadfaidh an chúirt damáistí a dhámhachtain, lena n-áirítear damáistí eiseamláireacha. Ceadáíonn Alt 14 don chúirt an cheannasacht a scor nó a choigeartú (lena bhféadfaí díolachán na sócmhainní a áireamh).

Comharchumann na gComhar Creidmheasa in Éirinn v An tÚdarás Iomaíochta

I mí Bealtaine 2007, chuir an Chúirt Uachtarach breith ar ceal a rinne an Ard-Chúirt roimhe sin, gur mhí-úsáid Comharchumann na gComhar Creidmheasa in Éirinn (CCCÉ) a stádas ceannasach trí sholáthar Scéim Cosanta Coigiltis (SCC) a ‘cheangal’ le ceannach a sheirbhísí ionadaíochta comhar creidmheasa.

Bhí an cás sé ar an gcéad uair ar glaodh ar an gCúirt Uachtarach breithniú a dhéanamh ar cheist shubstainteach i ndlí iomaíochta na hÉireann. Dhearbhaigh an Chúirt an tábhacht a bhaineann le leas na dtomhaltóirí a chur chun cinn agus gurb é sin *‘aim agus cuspóir iomlán dhlí na hiomaíochta’*. Lean sé ar aghaidh leis an méid seo a leanas, *‘Caithfidh margáí iomaíocha freastal ar an thomhaltóirí. Seo an t-aon chuspóir atá acu.’*

TÁBLA 1.4 CUMHACHTAÍ IMSCRÚDAITHE & FORFHEIDHMITHE AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA

Cumhachtaí Imscrúdaithe & Forfheidhmithe	Cur Síos
Cineálacha Imscrúduithe a rinneadh	<ul style="list-style-type: none"> • Imscrúduithe coiriúla • Imscrúdaithe sibhialta • Measúnacht ar Chumaisc • Staidéir Fhoirmiúla
Cumhacht le Dul Isteach & Áitreabh a Chuardach	Féadfaidh oifigigh údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta dul isteach in áitreabh nó in áit chónaithe agus cuardach a dhéanamh ar an áit sin le barántas eisithe ag an gCúirt Dúiche
An Chumhacht chun Doiciméid agus Taifid a Urghabháil le Barrántas	Féadfaidh oifigigh údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta doiciméid/taifid a urghabháil de bhun barántais eisithe ag an gCúirt Dúiche
An Chumhacht Finnéithe a Ghairm gus Soláthar Taifead agus Eolais a Éileamh	Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta finné a ghairm le go mbeadh sé/sí i láthair os a chomhair agus a éileamh go gcuirfeadh sé/sí taifid agus eolas ar fáil Tá na díolúintí agus na pribhléidí céanna ag an bhfinné is a bheadh aige/aici os comhair na hArd-Chúirte Is cion coiriúil é gan an t-éileamh seo a chomhlíonadh
An chumhacht olas a éileamh ar thríú páirtithe	Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta eolas a fháil ó thríú páirtithe, lena n-áirítear comhairleoirí gairmiúla agus institiúidí airgeadais
Bealaí inar féidir Imscrúduithe a Chur i gCrích	<ul style="list-style-type: none"> • Ionchúiseamh coiriúil (ar díotáil) – Arna thionscnamh ag an SIP sa Phríomh-Chúirt Choiriúil (nó an Chúirt Chuarda Choiriúil faoi Acht 1991) tar éis don Údarás Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh • Ionchúiseamh coiriúil (achomair) – Arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta sa Chúirt Dúiche • Caingean Sibhialta – Arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta san Ard-Chúirt d'fhonn stad a chur le hiompar a cheaptar a bheith frithiomaíoch • Socraíocht gan caingean cúirte – Áit a ndéanann na páirtithe i gceist na sárúithe a d'fhéadfaí a bheith ann ar dhlí na hiomaíochta a aithint agus a leigheas
An tUasleibhéal Fíneálacha & Pionóis	<ul style="list-style-type: none"> • Coiriúil (ar díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil) – €4 mhilliún nó 10% den láimhdeachas, cibé acu • Coiriúil (achomair sa Chúirt Dúiche) – €3,000 agus/nó suas le sé mhí sa phríosún • Caingean Sibhialta (arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta) – Faoiseamh urghaire agus dearbhairtheach in áit fíneálacha • Caingean Sibhialta (arna thionscnamh ag na páirtithe díobhálaíthe) – Damáistí de rogha na Cúirte

Thug an Chúirt Uachtarach breith nár tharla aon *'cheangal'* mídhleathach mar nach táirge ar leith é an SCC ón *'bpacáiste de sheirbhísí a sholáthar an CCCÉ dá bhail féin'*. Bhí cás an Údaráis ag brath ar an gceist chùng cibé acu an raibh an SCC ina tháirge ar leithligh nó nach raibh. Bhí an Chúirt den tuairim, ámh, dá mba rud é gur sháraigh CCCÉ an chonstaic seo is dócha go mbeidís tar éis ceannasacht a bhaint amach san SCC agus mar thoradh air sin *'is dócha go bhfuil sé dosheachanta é a bheith i mbun gníomhaíocht mhí-úsáideach a bhaineann le táirgí a cheangal'*.

Ina theanna sin, cé nach raibh sé riachtanach go ndéanfadh an Chúirt Uachtarach cinneadh maidir le cibé acu an raibh na seirbhísí ionadaíochta comhar creidmheasa a sholáthar an CCCÉ ina mhargadh ar leith nó nach raibh, dar leis go raibh a leithéid de mhargadh ina *'ábhar buartha'* toisc na n-impleachta seo a leanas *'ba chóir glacadh leis go bhfuil gach comhar de ghnóthais ghnó, chun críche dhlí na hiomaíochta, rannpháirteach go huathoibríoch i ngnó ait a soláthraítear seirbhísí chun luach saothair a fháil'*. Bhí an Chúirt den tuairim freisin *'nár cuireadh aon fhianaise i láthair maidir le haon mhargadh de dhioltóirí agus ceannaithe de sheirbhísí ionadaíochta'*.

An tÚdarás Iomaíochta v Beef Industry Development Society

I mí an Mheithimh 2003, thionscain an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí san Ard-Chúirt i gcoinne an Beef Industry Development Society (BIDS). Chuir na himeachtaí dlíthiúla seo i coinne cuíchóiriú a dhéanamh ar thionscal na próiseála mairteola – a bhí faoi stiúir grúpa de phróiseálaithe mairteola – agus bhí an tÚdarás Iomaíochta den tuairim go raibh sé seo ina shárú ar Alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002. I mí Iúil 2006, dhiúltaigh an Ard-Chúirt an faoiseamh a lorg an tÚdarás Iomaíochta agus comhdaíodh achomharc leis an gCúirt Uachtarach.

I mí Márta 2007, rinne an Chúirt Uachtarach cinneadh iarratas a chomhdú do réamhrialú leis an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach (CBE) de réir Airteagal 234 den Chonradh maidir leis an achomharc a rinne an tÚdarás Iomaíochta in aghaidh bhreith 2006 de chuid na hArd-Chúirte.

D'iarr an Chúirt Uachtarach ar an CBE soiléiriú an raibh '*iomaíocht sa chómhargadh a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh ina aidhm, ar leith óna éifeacht*', ag an gcomhaontú i measc próiseálaithe mairteola acmhainn a laghdú '*agus ar an gcaoi sin nach raibh sé ag cloí le hAirteagal 81(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh?*'. Cuirfidh léirmhíniú an BCE ar Airteagal 81 (1) den Chonradh ar chumas na Cúirte Uachtaraí breith a thabhairt ar an gceist seo.

An tÚdarás Iomaíochta v Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann

Ar an 25 Bealtaine 2007, tháinig an tÚdarás Iomaíochta ar chomhaontú maidir le téarmaí socraithe le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann (IMO) maidir le himeachtaí dlí a thionscain an tÚdarás Iomaíochta san Ard-Chúirt. Is é an comhlacht ionadaíoch náisiúnta é an IMO do dhochtúirí teaghlaigh agus do dhochtúirí neamh-chomhairleacha ospidéil, chomh maith le 800 baill atá ina lianna. I mí Feabhra 2005, chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le himscrúdú ar líomhaintí de phraghas-socrú a rinne an IMO maidir le soláthar Tuairiscí Dochtúir Phríobháidigh do chomhlachtaí árachais saoil. Rinneadh líomhain chomh maith gur bhagair an IMO nach gcuirfeadh siad na seirbhísí seo ar fáil mura n-íocfadh na comhlachtaí árachais saoil méadú beartaithe ar na táillí.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú ar cibé acu ar sháraigh an IMO Alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002 nó nach ndearna. Ag eascairt as seo thionscain an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí san Ard-Chúirt in aghaidh an IMO, ag maíomh go raibh cosc nó srian ar iomaíocht nó saobhadh iomaíochta mar aidhm ag iompar an IMO sa mhargadh d'eolas leighis soláthraithe ag comhlachtaí árachais agus/nó gurb é cosc nó srian ar iomaíocht nó saobhadh iomaíochta an éifeacht a bhí ag iompar an IMO sa mhargadh d'eolas leighis soláthraithe do chomhlachtaí árachais agus an margadh foghabhálach árachais saoil.



De réir na gcoinníollacha socraithe d'aontaigh an IMO:

1. staonadh ó tháillí a mholadh nó tuairim ar tháillí a thabhairt, is é sin táillí atá dochtúirí le soláthar do chomhlachtaí árachais saoil nó iompar comhordaithe a éascú ar aon bhealach eile maidir le táillí do na seirbhísí seo.
2. gan dochtúir a threorú nó moladh a thabhairt do dhochtúirí, go díreach nó go hindíreach, seirbhísí a choinneáil ó chomhlachtaí árachais saoil ag sárú dlí iomaíochta, nó iompar comhordaithe a éascú ar bhealach eile mar shárú ar dhlí iomaíochta maidir le freagra na ndochtúirí le tograí faoi leith ar tháillí atá siad le gearradh do sheirbhísí soláthraithe do chomhlachtaí árachais saoil.
3. gan aon chumarsáid a eisiúint chuig a bhail a thugann treoir nó a mholann do dhochtúirí, go díreach nó go hindíreach, seirbhísí a choinneáil ó chomhlachtaí árachais saoil mar shárú ar dhlí iomaíochta, nó iompar comhordaithe a éascú ar aon bhealach eile a sháraíonn dlí iomaíochta, maidir le freagra na ndochtúirí ar tháillí atá siad le gearradh do sheirbhísí soláthraithe do chomhlachtaí árachais saoil, Tuairiscí Dochtúirí Priobháideacha agus scrúduithe leighis.
4. gan a bhail a dhímholadh, go díreach nó go hindíreach, as tabhairt faoi caibidlíocht aonair le comhlachtaí árachais saoil.
5. gan léiriú do chomhlachtaí árachais saoil go ndíúltóidh a bhail seirbhísí a chur ar fáil do na comhlachtaí árachais saoil mura nglacann siad leis na leibhéil de tháillí nó na méaduithe atá a chuardach ag an IMO.
6. gan spreagadh, moladh nó comhairle a thabhairt d'aon tríú páirtí, nó tabhairt orthu, nó iarracht a dhéanamh tabhairt orthu, páirt a ghlacadh in aon ghníomh a bheadh coiscthe dá ndéanfadh an cosantóir é de réir choinníollacha na gcomhaontuithe seo.

Mar pháirt de na coinníollacha socraithe, d'aontaigh an IMO costais imeachtaí an Údaráis Iomaíochta a íoc. Tá an Comhaontú Socraithe ina shocrú iomlán agus deiridh d'aon líomhaintí a tháinig as na firinní líomhanta agus cúrsaí a pléadáladh le linn na n-imeachtaí seo, ach níl aon admháil i gceist gur sáraíodh Alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002 nó d'aon cheann de na firinní líomhanta.

Imeachtaí Sibhialta Leanúnacha Eile

Tá imeachtaí fós i bhfeidhm maidir leis an dá chás An tÚdarás Iomaíochta v Superquinn (Taifead na hArd-Chúirte 1999 Uimh. 6916P) agus An tÚdarás Iomaíochta v Nash Beverages Limited (Taifead na hArd-Chúirte 1998 Uimh. 12162P). Is féidir tuilleadh eolais maidir leis na cásanna seo a fháil i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo.

Obair le gníomhaireachtaí Stáit eile

Le linn 2007, d'oibrigh an tÚdarás Iomaíochta go dlúth le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile sa Stát chun comhlíonadh dhlí na hiomaíochta a chothú.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Nuair a chuireann an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú coiriúil i gcrích féadfaidh sé comhad a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí le moladh go mbeadh triail ar díotáil ann.

Nuair a cheapann an SIP go bhfuil cás inchosanta ann, glacann a oifig an fhreagracht iomlán uirthi féin maidir le haon chaingean forfheidhmithe ina dhiaidh sin. Sna cásanna sin tógann Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh i gcúram na himeachtaí thar ceann an SIP agus ullmhaíonn an Oifig sin an Leabhar Fianaise a sheirbheálfar ar an gcúisí.

RANNÓGA NA GCAIRTÉAL SAN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Is ar Rannóga na gCairtéal agus na Monaplachtaí atá an phríomhfhreagracht dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú, go háirithe Ailt 4 go 6 den Acht Iomaíochta, 2002 agus Airteagail 81 agus 82 den Chonradh AE. Ina theannta sin, tá ról forfheidhmithe ag Rannóg na gCumasc, de réir mar atá sonraithe sa chéad chaibidil eile.

Ról Rannóg na gCairtéal

Díríonn Rannóg na gCairtéal ar imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chairtéil choiriúla a bhíonn ag gabháil do ‘thrombheartaíocht’, mar shampla iad sin a bhíonn ag gabháil do phraghas-socrú, tairiscint-socrú agus leithdháileadh margaidh i measc iomaitheoirí. Go minic is coireanna casta iad seo agus bíonn gá le scileanna speisialta chun imscrúdú a dhéanamh orthu. Fostaíonn Rannóg na gCairtéal iarbhaill den Gharda Síochána, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, na Coimisinéirí Ioncaim agus gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí a bhfuil taithí acu ar imscrúdú bóna báin, lena n-áirítear daoine a bhfuil taithí acu i bhforfheidhmiú dhlí na hiomaíochta i ndlínsí eile ar fud an domhain. Fostaíonn an Rannóg roinnt imscrúdaitheoirí ó dhlínsí eile ó áiteanna ar fud an domhain. Chomh maith leis sin, bíonn beirt Bhleachtaire-Sháirsintí ann ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise Garda (GBFI) ar lasacht leis an Údarás Iomaíochta le go n-oibreodís go lánaimseartha le foireann an Údaráis Iomaíochta agus tá siad ina nOifigigh Údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta.

Nuair a fhaigheann an tÚdarás Iomaíochta fianaise go bhfuil cairtéal ag feidhmiú, cuireann sé comhad faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí le moladh go ndéanfaí ionchúiseamh ar díotáil ar na páirtithe i gceist. Ón mbliain 2002 i leith, déantar ionchúisimh ar díotáil a thriail sa Phríomh-Chúirt Choiriúil. I gcásanna eisceachtúla, nuair atá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim nach bhfuil gá cás a chomhdú ar díotáil. féadfaidh an tÚdarás féin ionchúiseamh achomair a thionscnamh sa Chúirt Dúiche.

Ról Rannóg na Monaplachtaí

Déanann Rannóg na Monaplachtaí imscrúdú, go príomha, ar líomhaintí, go raibh daoine aonair nó cuideachtaí ag gabháil do mhí-úsáid cheannasachta in earnálacha éagsúla. Tá mí-úsáid cheannasachta i gcoinne an dlí de réir Alt 5 den Acht Iomaíochta, 2002. Ní sárú é ar an dlí má tá ceannasacht agat. Chun gur coir a bheadh i gceist bheadh ar an duine aonair nó ar an gcuideachta mí-úsáid a bhaint as an gceannasacht sin. Chomh maith leis sin, tá Rannóg na Monaplachtaí freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar chomhaontuithe neamhchairtéil a d’fhéadfadh a bheith frithiomaíoch. D’fhéadfadh gur idir dhíoltóirí sa mhargadh céanna na comhaontuithe seo (comhaontuithe cothrománacha) nó idir ghnóthais ag staidéanna éagsúla den phróiseas táirgeachta, dailte nó den slabhra miondíolacháin (comhaontuithe ingearacha).

Nuair atá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim gur sáraíodh an tAcht Iomaíochta, is féidir leis imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh d’fhonn iallach a chur ar pháirtithe deireadh a chur leis an ngníomhaíocht a mbreathnaítear uirthi a bheith ina gníomhaíocht neamhdhleathach. Imeachtaí sibhialta a bhíonn sna himeachtaí seo de ghnáth (trí mheán na hArd-Chúirte) cé go bhféadfadh imeachtaí coiriúla a bheith ann ag brath ar choinníollacha gach cáis ar leith. Chun a ról imscrúdaithe a chomhlíonadh, tá foireann ildisciplíneach i Rannóg na Monaplachtaí ar a bhfuil triúir eacnamaithe agus triúir aturnaetha amhail 31 Nollaig 2007.

Go minic tagtar ar réiteach ar féidir leis an Údarás Iomaíochta glacadh leis tar éis caibidliocht fhairsing a bheith ann leis na páirtithe. Chomh maith leis sin, féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta cásanna a shocrú gan leas a bhaint as na cúirteanna sa chás go n-aithníonn na páirtithe ciontacha a n-iompar frithiomaíoch agus go leigheasann siad é.

An Garda Síochána

Bhí beirt Bhleachtair-Sháirsintí ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (GBFI) ar iasacht le Rannóg na gCairtéal mar Oifigigh Údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta ó mhí an Mhárta 2002 i leith. Cuireann siad siúd maille le baill eile den Gharda Síochána cúnamh suntasach ar fáil i gcónaí don Údarás Iomaíochta ag amanna ríthábhachtacha, mar shampla, nuair atá barántais cuardaigh á bhforghníomhú.

Rialtóirí

Go minic iarrtar ar an Údarás Iomaíochta scrúdú a dhéanamh ar chásanna in earnálacha ina bhfuil rialtóir ceaptha ag an Rialtas cheana féin, e.g., cumarsáid, fuinneamh agus eitlíocht. Cé gur ar an Údarás Iomaíochta atá an fhreagracht i gcónaí an tAcht Iomaíochta a fhorfheidhmiú, i gcásanna áirithe oireann sé go mbeadh idirchaidreamh ann idir an tÚdarás Iomaíochta agus an ghníomhaireacht rialaitheach chuí chun réiteach a fháil ar chúrsaí.

Féadfaidh rialtóir toradh sásúil a bhaint amach níos gasta ná mar a d'fhéadfadh an tÚdarás Iomaíochta trí mheán imeachtaí dlíthiúla, ach a chumhachtaí rialaitheacha a fheidhmiú. Ar an gcaoi seo, is féidir leis an Údarás Iomaíochta a chinntiú go bhfaigheann tomhaltóirí an toradh ar bhonn tráthúil éifeachtach. Tá an tÚdarás Iomaíochta tar éis dul i gcomhaontuithe comhair leis an gCoimisiún Craolacháin in Éirinn, leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh, leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, leis an Údarás Árachas Sláinte agus le hOifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí.

SÁRUITHE AR THUAIRISCIÚ AGUS GEARÁIN A DHÉANAMH LEIS AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Sáruithe Féintuairiscithe ar an Acht Iomaíochta

I measc na bpionóis is féidir a ghearradh ar dhaoine agus ar chuideachtaí a dhéanann coireanna tromchúiseacha faoin Acht Iomaíochta tá fíneálacha substaintiúla agus téarmaí príosúnachta. Má fhaigheann duine nó cuideachtaí iad féin sa riocht seo féadfaidh siad an deis a thapú díolúine a lorg faoin gClár Díolúine Cairtéil (*Cartel Immunity Programme*), ar clár é atá á chomhreacháil ag an Údarás Iomaíochta agus ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Tá leasa substainteacha ag baint le bheith ar an gcéad duine nó an chéad chuideachta a chuireann gníomhaíocht cairtéil i bhfios, comhoibriú leis an Údarás Iomaíochta agus leis an SIP agus eolas iomlán a sholáthar dóibh. Ar na leasa sin tá ionchúiseamh coiriúil a sheachaint, díolúine ó théarmaí príosúnachta agus ó fhíneálacha substainteacha, agus fo-phionóis a sheachaint, amhail a bheith coiscthe ó fheidhmiú mar oifigeach nó mar stiúrthóir ar chuideachta faoi Alt 160 d'Acht na gCuideachtaí.

Féadfaidh cuideachtaí, a ghlacann freagracht iomlán, trí réiteach corparáideach, as gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a oifigeach agus a fostaithe agus a aontaíonn comhoibriú go hiomlán leis an Údarás Iomaíochta a bheith incháilithe díolúine a fháil don chuideachta agus dá hoifigigh, a stiúrthóirí agus a fostaithe, agus a hiaroifigigh, iarstiúrthóirí agus a hiarfhostaithe. Fiú amháin mura nglacann cuideachta freagracht iomlán as gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a fostaithe, a hoifigeach agus a stiúrthóirí indibhidiúla féadfaidh an chuideachta a bheith incháilithe díolúine a fháil faoin gClár Díolúine Cairtéil agus seans go seachnófaí fíneálacha agus téarmaí príosúnachta.

Ba chóir iarratais ar dhíolúine a dhéanamh ar dtús báire le hOifigeach Díolúine an Údaráis, oifigeach atá ag obair i Rannóg na gCairtéil. Seo a leanas an uimhir ghutháin maidir le Díolúine Cairtéil [087 7631378](tel:0877631378). Mar chuid den Chlár Díolúine Cairtéil tá córas marcála ann, a chaomhnaíonn an deis díolúine a bhaint amach don chéad duine nó an chéad chuideachta a chuireann isteach air, agus a cheadaíonn do dhaoine eile cur isteach air agus b'fhéidir díolúine a bhaint amach sa chás nach bhfuil an chéad duine a chuir isteach air incháilithe díolúine a fháil. Is féidir tuilleadh eolais maidir leis na gClár a fháil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie.

Gearán a Dhéanamh maidir le hlompar Frithiomaíoch

Tá gearáin phoiblí faoi iompar frithiomaíoch ina bhfoinse eolais thábhachtach don Údarás Iomaíochta. Má tá tomhaltóirí indibhidiúla den tuairim go bhfuil gníomhaíocht fhrithiomaíoch ag titim amach agus má chuireann siad an tÚdarás Iomaíochta ar an eolas ina leith is féidir leo cuidiú go mór leis an Údarás Iomaíochta, d'fhonn a chinntiú go mbaineann tomhaltóirí leas as iomaíocht agus as trádáil chóir. Chuir líomhaintí faoi chairtéil agus faoi phraghas-socrú eolas luachmhar ar fáil don Údarás agus mar thoradh air sin bhí imscrúduithe agus ionchúisimh rathúla ann.

Tagann na gearáin a cuirtear i bhfios don Údarás Iomaíochta ón iliomad foinsí – i measc na bhfoinsí sin tá baill den phobal, gnóthais indibhidiúla, eagraíochtaí trádála, ionadaithe poiblí, agus Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. Moltar do dhaoine a bhfuil eolas acu ar ghníomhaíocht fhrithiomaíoch dul i dteagmháil leis na Údarás Iomaíochta.

SÁRUITHE AR THUAIRISCIÚ AGUS GEARÁIN A DHÉANAMH LEIS AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Is mór an chabhair don Údarás Iomaíochta iad na líomhaintí a bhfuil fianaise ag gabháil leo agus ar féidir iad a fhíorú agus úsáidtear iad chun dul i mbun imscrúdaithe. Toisc go bhfuil sé de dhualgas ar an Údarás líomhaintí a chruthú ag caighdeán dlíthiúil, is iad na líomhaintí a bhfuil fianaise ag gabháil leo is dóichí a mbeidh imscrúdú de chuid an Údaráis Iomaíochta mar thoradh orthu. Nuair atá an t-eolas a chuirtear ar fáil trí mheán gearáin ina eolas imleor foras réasúnta a thabhairt don Údarás Iomaíochta a cheapadh go raibh coir i gceist faoin Acht Iomaíochta, 2002, is féidir imscrúdú foirmiúil a chur ar bun.

Nuair a chuireann sonraí an ghearáin in iúl go bhfuil dlíthe nó rialacháin ann, nó go bhfuil riaradh á dhéanamh ag Roinn nó ag gníomhaireacht Rialtais, a chuireann srian nach gá le hiomaíocht, cuirtear an cheist faoi bhráid na Rannóige Aighneachta.

Ar an gcéad dul síos deimhneoidh an tÚdarás Iomaíochta gur féidir déileáil leis an ngearán faoi dhlí na hiomaíochta. Tá Córas Scagthástála Gearáin ag an Údarás Iomaíochta le foireann a thagann le chéile gach seachtain chun gach iarratas ar eolas agus gach gearán a mheas. Díríonn Córas Scagthástála an Údaráis Iomaíochta ar na cásanna is ábhartha a roghnú, ach cinntítear go ndéileáiltear le gach gearán, idir ghearáin nach bhfuil aon fhianaise ag tacú leo is ghearáin atá ar bheagán fianaise, go gasta ach go cóir.

- Réamh-Scagthástáil;
- Measúnú sonrach; agus
- Imscrúdú.

Sna cásanna is tromchúisí féadfaidh imscrúdú iomlán eascairt as gearán agus féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta cúpla gníomh a chur sa siúl, ina measc:

- Comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) le moladh go mbeadh cúiseamh coiriúil ann;
- Imeachtaí cúirte a thionscnamh san Ard-Chúirt d'fhonn deireadh a chur le hiompar frithiomaíoch;
- Socraíochtaí lasmuigh den chúirt a aontú le cuideachtaí agus le heagraíochtaí a aontaíonn gan tabhairt faoi iompar frithiomaíoch agus, i gcásanna áirithe, a n-iompar a athrú ionas go ndéanfaí aon díobháil iomaíoch a leigheas; agus
- Moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais maidir le rialacháin fhrithiomaíochta a athrú.

Gearáin a réiteach gan caingeán dlí

I gcás fhorhmór na ngearán a cuirtear faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta léirítear nach raibh sárú ar dhlí na hiomaíochta i gceist nó gur féidir iad a réiteach go luath gan aon ghá le caingeán dlí.

SÁRUITHE AR THUAIRISCIÚ AGUS GEARÁIN A DHÉANAMH LEIS AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Tar éis réamh-scagthástáil a dhéanamh ar ghearáin is féidir cúrsaí a réiteach i roinnt mhaith cásanna ar na cúiseanna seo a leanas:

- Níl sa ghearán i ndáiríre ach iarratas ar eolas;
- Níl bhaineann an gearán le dlí na hiomaíochta;
- Eascaíonn na gearán as go bhfuil gnó in iomaíocht dhlísteanach ina margadh áitiúil; agus
- Baineann an gearán le go bhfuil praghsanna comhchosúla ann agus níl aon fhianaise ann nó níl sé le tuiscint go raibh comhaontú ann idir chuideachtaí.

Déantar meastóireacht níos grinne ar roinnt gearán d'fhonn a mheas cén suntas a bhaineann leo agus a chinneadh cibé acu an cóir imscrúdú iomlán a thosú nó nach cóir. Mar chuid den mheastóireacht shonrach seo, d'fhéadfaí ráitis fhoirmiúla a thógáil ó ghearánaithe agus ó tríú páirtithe agus d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar na paraiméadair dhlíthiúla a bhaineann leis an gcás. Ar na príomhchúiseanna a ndéantar gearáin a réiteach tar éis a leithéid sin d'imscrúdú tá siad seo a leanas:

- Ní féidir bunús a thabhairt leis an ngearán;
- Baineann an gearán le díospóid phríobháideach nó chonartha agus níl aon díol suntas iomaíochta ag baint leis;
- Tá údarás ag gníomhaireacht rialaitheach eile agus is féidir leis an ngníomhaireacht sin réiteach a fháil ar an scéal ar bhealach níos tráthúla ach a fheidhmeanna a chur i gcrích; nó
- Baineann an gearán le saincheistanna agus fíricí atá cosúil leo sin a ndearnadh scrúdú orthu cheana agus a ndearna an tÚdarás Iomaíochta réiteach a fháil orthu cheana.

PRÓISEAS SCAGTHÁSTÁLA NA NGEARÁN

	2007	2006	2005	2004
Iomlán Faighte	397	419	413	293
Réitithe ag an Scagthástáil Phríomhúil	211	247	328	212
Meastóireacht Shonrach	88	72	61	25
Leanúnach	30	31	27	-
Réitithe	58	41	34	25
Curtha leis na himscrúduithe/leis an obair reatha	94	23	19	42
Imscrúduithe Iomlána	4	5	6	14

Conas dul i dteagmháil leis an Údarás Iomaíochta le gearán nuair a mheastar go bhfuil an dlí á bhriseadh:

Foirm ghearáin ar an ngréasán: www.tca.ie/complaints.html
Rphst: complaints@tca.ie
Teil: Íosghlao: 1890 220 224 (idir.: +353-1-8045400)
Facs: +353-1-8045401
Gearáin i scríbhinn: An tÚdarás Iomaíochta, Teach Parnell, 14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

Measúnú ar Chumaisc agus ar Éadálacha

Is féidir le formhór na gcumasc a bheith tairbhiúil do thomhaltóirí, nuair a eascraíonn níos mó éifeachtachta astu, maille le laghdú ar chostais nach bhfuil gá leo. Cibé scéal é, is féidir le cumaisc eile iomaíocht a laghdú chun dochair do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh nós imeachta forfheidhmithe cumaisc ann atá éifeachtach agus tráthúil chun go bhféadfaí cumaisc a bheadh tairbhiúil a cheadú, fad is a chuirfeadh sé cosc le cinn a laghdaíonn iomaíocht go substainteach.

Ghlac an tÚdarás Iomaíochta an fheidhm air féin measúnú a dhéanamh ar chumaisc agus ar éadálacha an 1 Eanáir 2003, nuair a tháinig Cuid 3 den Acht Iomaíochta, 2002 i bhfeidhm. Roimhe sin, bhí cumaisc mar fhreagracht ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, go príomha. Ón 1 Eanáir 2003, bhí an deis ag an Údarás Iomaíochta a éifeachtacht a mheas maidir le soláthar fhorálacha an Achta Iomaíochta, 2002 mar a mbaineann le cumaisc agus éadálacha.

Sa bliain 2006, thug sé seo ar an Údarás a léirléamh ar gceanglas fógartha ‘*carries on business*’ a leasú, treoirlinnte nua a fhoilsiú maidir le rochtain ar chomhad i gcásanna cumasc agus treoirlinnte nuashonraithe um athbhreithniú ar chumaisc a fhoilsiú (*merger review guidelines*).

Lean an obair seo ar aghaidh le linn 2007, go háirithe ar na bealaí seo a leanas:

- Leasú ar an Ordú ón Aire maidir le critéir an fhógra éigeantaigh le haghaidh cumasc ina bhfuil gnóthaí sna meáin i gceist;
- Comhdháil cumasc a eagrú d’fhonn breac-chuntas a thabhairt agus plé a dhéanamh ar na leasuithe beartaithe ar an gcóras cumasc le cleachtóirí;
- Sainaithint a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an Acht Iomaíochta, 2002 d’fhonn feabhas a chur fheidhmiú chóras na gcumasc; agus
- Teacht i bhfeidhm an Fhógra Dhlínsiúil Chomhtháite (*Consolidated Jurisdictional Notice*) ón gCoimisiún Eorpach agus leasú ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta chun tionchar an fhógra a léiriú ar threoir an Údaráis.

Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na gcumasc agus na n-éadálacha, lena n-áirítear ‘cumaisc mheáin’, ón mbliain 2006 i leith. Is dócha gur tharla seo mar thoradh ar na leasuithe ar thuiscint an Údaráis ar an gceanglas ‘*carries on business*’ agus ar na critéir a bhaineann le fógra éigeantach do chumaisc ina bhfuil gnóthaí sna meáin i gceist. Ciallaíonn an laghdú seo go bhfuil an tÚdarás níos fearr in ann acmhainní a dhíriú ar chumaisc níos casta. Ina measc, mar shampla na ceithre imscrúdú ag Céim 2 a cuireadh i gcrích sa bhliain 2007 agus roinnt cinntí ag Céim 1 a raibh gá le tograí agus/nó anailís eacnaiméadrachta sofaisticiúla ina leith.²

Déantar plé níos sonraí ar gach ceann de na forbairtí thuasluaite sa téacs thíos.

2.1 Fógraí Cumaisc le linn 2007

Ní gá ach do pháirtithe a bhfuil tairseacha áirithe i gceist lena ngnóthais, tairseacha atá sonraithe san Acht Iomaíochta, 2002, cumasc beartaithe a chur i bhfios don Údarás Iomaíochta le go ndéanfaí measúnú orthu. Níl aon tairseach infheidhmithe, ámh, i gcás cumaisc áirithe i ngnóthaí sna meáin, agus caithfear iad seo a chur i bhfios don Údarás is cuma cén láimhdeachas atá acu.³

Léiríonn na cumaisc a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta sa bhliain 2007 na réimsí tábhachtacha de gheilleagar na hÉireann a mbaineann sé seo leo – na hearnálacha seo a leanas ina measc – seirbhísí airgeadais, miandíolachán, foirgníocht agus seirbhísí gaolmhara, cumarsáid leictreonach, bia agus deoch, cúram sláinte agus na meáin chumarsáide. Is féidir tionchar neamhfhfabhrach ar thomhaltóirí na hÉireann a bheith ag praghsanna arda, praghsanna a eascraíonn as easpa iomaíochta sna hearnálacha seo.

Tháinig laghdú suntasach ar líon na gcumasc agus na n-éadálacha a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta le linn 2007. Fuarthas 72 fógra sa bhliain 2007, i gcomparáid le 98 sa bhliain 2006 agus 84 sa bhliain 2005. In Aguisín A tá staitisticí maidir le cumaisc a ndearnadh meastóireacht orthu idir 2005 agus 2007.

² I measc samplaí de chinntí dá leithéid ag Céim 1 le déanaí bhí M/06/098, Premier Foods/RHM; M/07/022, Thomas Crosbie Holdings/South East Broadcasting; agus M/07/027, Britvic/C&C.

³ Féach cuid 2.3 le haghaidh tuilleadh sonraí s.

Is féidir an laghdú seo, go pointe áirithe, a chur i leith na nithe seo a leanas:

- léirléamh an Údaráis ar an gceanglas ‘*carries on business*’ maidir le tairseach an fhógra éigeantaigh. Ón mbliain 2003 i leith bhí an tÚdarás den tuiscint gur chuimsigh an téarma sin gnóthas a bhí ag díol ar oileán na hÉireann, fiú amháin mura raibh láithreachth fhisiceach ag an gnóthas sin ar an oileán. Mar thoradh air seo tharla cumaisc le naisc neamhimleora leis an Stát a bheith á gcur i bhfios. Ar an 12 Nollaig 2006, d’fhoilsigh an tÚdarás a thuiscint leasaithe ar an téarma.⁴ An léirléamh atá aige anois ar an téarma, nuair nach bhfuil láithreachth fhisiceach ag gnóthas ar an oileán, ná go gcaithfidh an gnóthas sin díolacháin dar luach €2 mhilliún a dhéanamh chuig an oileán sa bhliain airgeadais is déanaí ionas go dtuigfí an téarma ‘*carry on business*’ leis; agus
- an leasú ar an Ordú ón Aire maidir leis an gcritéir d’fhógra éigeantach le haghaidh cumasc ina bhfuil gnóthaí sna meáin i gceist (níos mó plé air seo ag 2.3 thíos).⁵

Tá liosta iomlán na gcumasc a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta sa bhliain 2007 in Aguisín B. Seo a leanas staitisticí éagsúla maidir le meastóireacht an Údaráis Iomaíochta ar chumaisc agus éadálacha sa bhliain 2007:

- Laghdaigh an líon cumasc a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta chuig 72 sa bhliain 2007, ó 98 fógra sa bhliain 2006 agus 84 fógra sa bhliain 2005;
- Le linn na bliana chuir an tÚdarás Iomaíochta i gcrích a chuid oibre ar naoi n-idirbheart a cuireadh i bhfios dó sa bhliain 2006 agus ar cuireadh síneadh lena spriocdhátaí go dtí 2007 (ceann amháin ar bhain dífheistiú ar ghnó leis a reachtáil éadálaí faoi bhranda iomlán);
- Rinneadh anailís ar gach idirbheart laistigh den tréimhse ama reachtúil;
- Ceadaíodh 58 as 72 fógra cumaisc a fuair an tÚdarás Iomaíochta le linn 2007 le linn an imscrúdaithe tosaigh (Céim 1). Tarraingíodh siar dhá fhógra ina dhiaidh sin⁶ agus bhí naoi gcinn fós á n-imscrúdú ag deireadh na bliana;
- Ceadaíodh dhá idirbheart ag Céim 1 a raibh gá le bearta sonracha chun dul i ngleic le cúiseanna imní a chuir an tÚdarás Iomaíochta chun tosaigh le linn an imscrúdaithe tosaigh;

- 4 Féach Cinneadh Uimh. N/02/003 *Notice in respect of certain terms used in Part 3 of the Competition Act 2002 (Arna leasú, 12 Nollaig 2006)*, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta, www.tca.ie.
- 5 D’fhéadfadh gnéithe eisigineacha a bheith mar chúis leis an meath ar líon na bhfógraí cumaisc. Mar shampla sa dara leath den bhliain 2007 toisc go raibh margáí caipitiúla ag éirí níos teanna mar thoradh ar dheacrachtaí sa mhargadh iasachtaí fophríomha, seans gur chuir méadú rátaí úis agus ionchais go mbeadh cor chun donais ar ghniomhaíocht eacnamaíochta dhomhanda leis an laghdú ar líon na bhfógraí. D’fhonn tástáil a dhéanamh ar cibé acu an raibh gnéithe eisigineacha ina gcúis do thaifead an Choimisiúin Eorpaigh, a bhfuil córais fógartha comhchosúil aige le hÉirinn ach atá beagán éagsúil ó thaobh na tástála iomaíochta de. Má chuirtear líon na gcumasc a cuireadh i bhfios don Choimisiún sna blianta 2006 agus 2007 i gcomparáid lena chéile, tháinig laghdú de 10% ar a laghad orthu, ag cur in iúl go raibh laghdú ar an líon cumasc a cuireadh i bhfios don Stát toisc gnéithe eisigineacha. Le haghaidh sonraí maidir le fógraí an Choimisiúin féach <http://ec.europa.eu/comm/competition/mergers/statistics.pdf>
- 6 Tarraingíodh ceann amháin siar toisc gur fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuiscint ar an gceanglas ‘*carry on business*’, tarraingíodh an ceann eile siar toisc nár imigh an cumasc chun cinn.


- Chuir an tÚdarás lomaíochta tús le trí imscrúdú iomlána (Céim 2), gach ceann díobh a ceadaíodh (ceann amháin a bhain le dífheistiú ar ghnó agus sócmhainní a fuarthas mar chuid d'idirbheart fógartha); agus
- Sa bhliain 2007 tháinig laghdú ar líon na gcumasc a bhain le gnóthaí meáin a cuireadh i bhfios don Údarás. Cuireadh 17 gcumasc dá leithéid i bhfios don Údarás lomaíochta, i gcomparáid le 22 sa bhliain 2006.

I rith na tréimhse 2003 go dtí deireadh 2007:

- cuireadh 382 cumasc agus éadail i bhfios don Údarás lomaíochta (47 sa bhliain 2003, 81 sa bhliain 2004, 84 sa bhliain 2005, 98 sa bhliain 2006 agus 72 sa bhliain 2007).
- bhí na tÚdarás lomaíochta tar éis cinntí a dhéanamh i ndáil le 367 de na fógraí seo, tarraingíodh siar sé cinn agus bhí naoi gcinn fós á n-imscrúdú.

Léiríonn Fíor 2.1 thíos, na comparáidí míosúla idir na fógraí a fuair an tÚdarás lomaíochta don tréimhse 2005 go dtí 2007. Is i mí Bealtaine [11] agus i mí na Nollag [10] a fuarthas an líon ba mhó fógraí. Sna trí bliana roimhe sin, bá é mí an Mheithimh an mhí ba ghnóthaí, le meánlíon fógraí de 11 ann gach bliain.

FÍOR 2.1 CUMAISC A CUIREADH I BHFIOS DON ÚDARÁS 2005–2007 DE RÉIR MÍOSA



2.2 Cumaisc a raibh gá imscrúdú iomlán a dhéanamh orthu (Céim 2)

Caithfidh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú iomlán a dhéanamh (Imscrúdú Céim 2) ar idirbheart más rud é nach raibh an tÚdarás in ann a bhaint mar thátal as réamhimscrúdú (Céim 1) nach ndéanfadh an t-idirbheart iomaíocht a laghdú go substainteach (*substantially lessen competition*). Sa bhliain 2007 chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le trí imscrúdú Céim 2. Chomh maith leis sin, tugadh imscrúdú amháin Céim 2 ar aghaidh ó 2006. Seo a leanas na himscrúduithe Céim 2 sin:

- **M/06/087** – ceadaíodh an éadail a bhí beartaithe ag Applied Materials Inc. chun sócmhainní a fháil lena n-áirítear gnó bogearraí Brooks Automation Inc., ar an 6 Feabhra 2007. Tugadh an cás seo ar aghaidh ón mbliain 2006.
- **M/07/030** – ceadaíodh an éadail a bhí beartaithe ag Glen Electric Limited, a dhéanamh ar fhochoimplacht ar lánúinéireacht de chuid Glen Dimplex Group, ó Applied Energy Holdings Limited, ar an 25 Meán Fómhair 2007.
- **M/07/031** – ceadaíodh an éadail a bhí beartaithe ag Galco Steel Limited chun Sperrin Galvanisers (Irl) Limited agus Sperrin Galvanisers Limited a fháil, ar an 2 Deireadh Fómhair 2007.
- **M/07/040** – ceadaíodh an éadail a bhí beartaithe ag Communicorp Group Limited a dhéanamh chun sócmhainní agus gnóthaí áirithe de chuid Scottish Radio Holdings a fháil, ar an 7 Nollaig 2007, ag cur tograí ón dá pháirtí san áireamh.

Seo a leanas cuntas níos sonraí ar gach imscrúdú Céim 2:

Éadail Applied Materials Inc. chun sócmhainní a fháil lena n-áirítear gnó bogearraí Brooks Automation Inc. (M/06/087)

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta ar an 6 Feabhra 2007 gur cheadaigh sé gan choinnioll an éadail a bhí beartaithe ag Applied Materials Inc. a dhéanamh chun sócmhainní a fháil lena n-áirítear gnó bogearraí Brooks Automation Inc. Fuair an tÚdarás Iomaíochta fógra maidir leis an éadail bheartaithe ar an 1 Nollaig 2006. Ar an 21 Nollaig 2006 d'fhógair an tÚdarás Iomaíochta a chinneadh imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh i ndáil leis an éadail bheartaithe. Tháinig an cinneadh seo i ndiaidh an imscrúdaithe tosaigh (Céim 1), nuair nach raibh an tÚdarás Iomaíochta in

ann cinneadh a dhéanamh gan tuilleadh imscrúdaithe an ndéanfadh an t-idirbheart iomaíocht a laghdú nó nach ndéanfadh.

Rinne imscrúdú an Údaráis Iomaíochta ar an éadail bheartaithe scrúdú ar an éifeacht ar iomaíocht a bheadh ag soláthar feidhmchláir shonracha, go háirithe bogearraí MES, sa Stát. Úsáidtear bogearraí MES i raon éagsúil timpeallachtaí déantúsaíochta casta amhail monarchana déantúsaíochta leathsheoltóirí (*'fabs'*), i monarchana taispeántais painéil chláracha, monarchana feithicleacha agus monarchana déantúsaíochta eolaíochta beatha. Tharla an forluí is mó de ghníomhaíochtaí na ngnóthas i gceist, agus an t-aon fhorluí sa Stát, i soláthar MES sa tionscal leathsheoltóirí.

Tar éis a chur ar bun go bhféadfadh fairsinge an dlúis ag eascairt as an gcumasc cúiseanna imní maidir le hiomaíocht a bheith ag baint leo, bhreithnigh an tÚdarás cibé acu an eascródh laghdú suntasach ar iomaíocht as an gcumasc nó nach ndéanfadh. Rinneadh anailísiú ar thrí theoiric roghnacha maidir leis an dochar: praghsanna níos airde do cheannaitheoirí bogearraí MES; diúltú seirbhísí cothabhála a sholáthar d'úsáideoirí a fuair bogearraí MES 'as an mbosca'; agus praghsanna níos mó ar sheirbhísí cothabhála MES.

Chinn an tÚdarás Iomaíochta go raibh forluí teoranta ar ghníomhaíochtaí MES na ngnóthas i gceist sa Stát agus nach dócha go mbeadh aon deiseanna conspóideacha sa Stát go ceann 2-3 bliana eile. Cé go mbeadh dreasacht ann don eintiteas cumaiscthe dochar a dhéanamh d'iomaíocht, ní bheadh sé in ann feidhmiú ar bhealach i gcomhréir le haon cheann de na teoiricí maidir le dochar a dhéanamh a ndearnadh breithniú orthu. Sa mhéid gur táirge é a úsáidtear ar fud an domhain rinneadh an cinneadh soláthraí MES áirithe a úsáid lasmuigh den Stát agus ar bhonn domhanda agus mar sin ní raibh tionchar aige ar an Stát ach sa mhéid go dtarlaíonn go bhfuil monarchana déantúsaíochta sa Stát. De bhreis air sin, sa mhéid go raibh na monarchana seo ann go príomha chun easpórtáil a dhéanamh, agus toisc gur margáí domhanda iad na margáí iarmhartacha tá sé deacair a léiriú go ndéanfar dochar do thomhaltóirí sa Stát.

Éadail Glen Electric Limited, ar fhochoimplacht ar lánúinéireacht de chuid Glen Dimplex Group, ó Applied Energy Holdings Limited (M/07/030)

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta ar an 25 Meán Fómhair 2007 gur chinn sé ceadú a dhéanamh gan choinníoll ar an éadail a bhí beartaithe ag Glen Electric Limited a dhéanamh ar fhochoimplacht ar lánúinéireacht de chuid Glen Dimplex Group, ó Applied Energy Holdings Limited. Fuair an tÚdarás Iomaíochta fógra maidir leis an éadail bheartaithe ar an 6 Meitheamh 2007. Ar an 15 Lúnasa 2007 d'fhógair an tÚdarás Iomaíochta a chinneadh imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh i ndáil leis an éadail bheartaithe. Tháinig an cinneadh seo tar éis réamhimscrúdaithe (Céim 1), nuair nach raibh an tÚdarás Iomaíochta in ann a chinneadh gan tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh cibé acu an laghdódh an t-idirbheart iomaíocht nó nach ndéanfadh.

Chinn an tÚdarás go raibh diminsean táirge an mhargaidh iomchuí ar a laghad cothrom le margadh le haghaidh soláthar táirgí téimh spáis phríomhúil leictreacha, gásadhainte agus olabhreoslaithe sa Stát. Féadfaidh sé téamh spáis thánaistigh a áireamh chomh maith, toisc breithniúcháin a bhaineann le soláthar. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé foinsí fuinnimh in-athnuaite a áireamh. De bhreis air sin, féadfaidh an margadh geografach a bheith níos leithne ná an Stát. Cibé scéal é, ní raibh gá ag an Údarás teacht ar dhearcadh maidir leis na saincheisteanna seo mar nach raibh cúiseanna imní iomaíochta i gceist.

Chinn an tÚdarás nach n-eascródh méadú mór i gcomhchruinnú sa mhargadh iomchuí as an idirbheart. Ina theannta sin, toisc líon mór na n-iomaitheoirí gníomhacha sa soláthar táirgí téimh spáis phríomhúil, an méadú neamhbhríoch ar dhlús margaidh iar-éadála, agus cumas cheannaithe na dtógálaithe agus mórdhioltóirí táirgí téimh spáis phríomhúil a aimsiú ó thar lear go gasta agus gan costais shuntasacha iompair a thabhtú, tháinig cumhacht mhargaidh a fheidhmiú go haontaobhach. Dá ndéanfadh an t-eintiteas cumaiscthe aon iarracht praghas a tháirgí téimh leictreacha spáis phríomhúil a ardú i ndiaidh na héadála roghnódh forbróirí réadmhaoine ar an gcéad athrú chuig iompórtálacha eile de tháirgí leictreacha spáis phríomhúil nó chug soláthraithe eile táirgí téimh spáis phríomhúil, nó ina dhiaidh sin, chuig soláthraithe táirgí téimh gásadhainte agus olabhreoslaithe.


Thug anailís an Údaráis le fios nach n-athródh an éadáil bheartaithe na coinníollacha margaidh atá i réim a chuirfeadh ar chumas iomaitheoirí teacht ar réiteach eatarthu – rud a laghdódh ar iomaíocht, nó aon sárú ar a leithéid a thabhairt faoi deara agus pionós a ghearradh ina leith. Na cúiseanna atá leis seo ná:

- Bheadh líon mór iomaitheoirí fós ag freastal ar an margadh iomchuí, agus is iomaitheoirí iad seo atá éagsúil ó thaobh toise de is cuma cibé roimh éadáil nó i ndiaidh éadála;
- Bheadh sé fós ina phríomhthréith den mhargadh iomchuí go bhfuil bacainní iontrála ísle ann agus iomaíocht láidir fhéideartha;
- Bheadh lascaine praghais fós ina ghné láidir den phróiseas iomaíoch;
- Tá difríochtaí móra idir struchtúir chostais idir na hiomaitheoirí;
- Bheadh trédhearcacht íseal phraghais (toisc lascainiú forleatach praghais) fós ina ghné thábhachtach den phróiseas iomaíoch, agus mar sin bheadh sé deacair ar iomaitheoirí aon imeacht ó thuiscint chomhchoiteann chun iomaíocht a laghdú a thabhairt faoi deara; agus
- Toisc líon mór gnólachtaí agus poitéinseal iomaíochta láidir i dteannta a chéile níor dhócha go mbeadh gnólachtaí ábalta aon mheicníocht pionóis inchreidte a chur ar bun a bhféadfaidís úsáid a bhaint as chun teacht ar thuiscint chomhchoiteann chun iomaíocht a laghdú.

Éadáil Sperrin Galvanisers (Irl) Limited agus Sperrin Galvanisers Limited ar Galco Steel Limited (M/07/031)

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta ar an 2 Deireadh Fómhair 2007 gur cheadaigh sé gan choinníoll an éadáil a bhí beartaithe ag Galco Steel Limited a dhéanamh ar Sperrin Galvanisers (Irl) Limited agus Sperrin Galvanisers Limited. Fuair an tÚdarás Iomaíochta fógra maidir leis an éadáil bheartaithe ar an 12 Meitheamh 2007.

Ar an 15 Lúnasa 2007, d'fhógair an tÚdarás Iomaíochta a chinneadh imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh i ndáil leis an éadáil bheartaithe. Glacadh an cinneadh seo tar éis réamhimscrúdaithe (Céim 1), nuair nach raibh an tÚdarás Iomaíochta in ann a chinneadh gan tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh cibé acu an laghdódh an t-idirbheart iomaíocht nó nach ndéanfadh.



Chinn an tÚdarás Iomaíochta gurb é an margadh iomchuí an margadh galbhánaithe tumtha the. Ní raibh ar an Údarás a chinneadh cibé acu ar bhain an margadh geografach le hoileán na hÉireann nó arbh margadh réigiúnach é, mar fiú amháin ar bhonn na hanailíse a rinneadh ar dheighleoga níos cúinge, ní dhéanfadh sé aon difear do chinneadh an Údaráis maidir leis an éadáil bheartaithe.

Léirigh an t-imscrúdú a rinne an tÚdarás gur tháinig an cumasc laistigh de raon 'Zone C', is é sin, cumasc ar dhócha a tharlódh i margadh ard-dlúis agus dá bhrí sin go mbeadh sé níos dóchála go n-eascródh cúiseanna imní iomaíochta as. Mar sin rinne an tÚdarás anailís ar na sainghnéithe seo a leanas a bhaineann leis an margadh, d'fhonn éifeachtaí dóchála an chumaisc ar iomaíocht a mheas:

- cóngaracht na hiomaíochta;
- cumas iontrála;
- fairsingiú agus acmhainn;
- iompórtálacha; agus
- cumhacht ceannaitheoirí agus costais aistrithe.

Fuair an tÚdarás amach nach raibh na páirtithe in iomaíocht ach i réigiúin Uladh agus Chonnacht, áit a raibh iomaitheoirí inchreidte eile ag feidhmiú. Ina theannta sin, bhí leibhéil shuntasacha acmhainne le spáráil sa tionscal, agus bhí an acmhainn sin i seilbh iomaitheoirí den chuid is mó. Ba dhócha go n-úsáidfí seo (agus go ndéanfaí fairsingiú) go tráthúil, agus go himleor. De bhreis air sin, ba dócha go dtarlódh iontráil nua ar bhonn tráthúil agus imleor. Ina theannta sin, ní raibh aon chostais aistrithe ann do cheannaitheoirí, a chuir galbhánaí amháin i gcomórtas leis an ngalbhánaí eile chun praghsáil níos ísle a bhaint amach. Mheas an tÚdarás Iomaíochta gur dhócha go ndéanfadh na gnéithe thuasluaite srian a chur leis an eintiteas cumaisc the praghsanna a ardú i ndiaidh na héadála.

Chomh maith leis sin chinn an tÚdarás nach raibh roinnt mhaith de na cúinsí ann a chuideodh le gnólachtaí dul i gclaonpháirt go hintuigthe roimh éadail nó i ndiaidh éadála:

- bhí na míreanna cruaike le galbhánú éagsúil ó thaobh toise, cineáil agus cainníochta de agus ní raibh siad aonchineálach;
- bhí na costais inathraitheach, ag brath ar ghnéithe amhail toise agus minicíocht ualaigh agus cineálacha na dtáirgí cruaike a bhíle galbhánú. Fuair custaiméirí lascaín go minic ach galbhánaithe a chur i gcomórtas lena chéile;
- chuirfeadh an cumasc leis an éagothroime i dtóise na ngalbhánaithe tumtha the agus mar sin ag laghdú na dóchúlachta go dtarlódh iompraíocht chomhordaithe;
- ní raibh aon naisc struchtúracha idir na gnólachtaí galbhánaithe;
- bhí an margadh ag fás agus tharla iontrálaithe nua le blianta beaga anuas; agus
- bhí roinnt srianta iomaíochta ann, lena n-áirítear dóchúlacht iontrála, úsáid níos mó ar acmhainneacht agus nó acmhainneacht nua a thógáil.

Éadail Communicorp Group Limited ar shócmhainní agus gnóthaí áirithe de chuid Scottish Radio Holdings (M/07/040)

Ar an 7 Nollaig 2007 d'fhógair an tÚdarás Iomaíochta gur cheadaigh sé an éadail a bhí beartaithe ag Communicorp Group Ltd chun sócmhainní agus gnóthaí áirithe de chuid Emap plc a fháil⁷.

Tháinig faomhadh an Údaráis Iomaíochta i ndiaidh roinnt aighneachtaí a fháil maidir le tograí a cuireadh san áireamh nuair a bhí an tÚdarás ag teacht ar a chinneadh agus bhí siad ceangailteach ar na páirtithe. Cuireadh na haighneachtaí seo isteach chun dul i ngleic le roinnt cúiseanna imní a tháinig chun cinn ón idirbheart. Fuair an tÚdarás Iomaíochta fógra maidir leis an éadail bheartaithe ar dtús ar an 30 Iúil 2007. Ar an 9 Samhain 2007, d'fhógair an tÚdarás Iomaíochta a chinneadh imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh i ndáil leis na éadail bheartaithe. Glacadh an cinneadh seo tar éis réamhimscrúdaithe (Céim 1), nuair nach raibh an tÚdarás Iomaíochta in ann a chinneadh gan tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh cibé acu an laghdódh an t-idirbheart iomaíocht nó nach ndéanfadh.

⁷ Is é a bhí i gceist leis na sócmhainní seo ná gach leas raidió sa Stát de chuid Emap's (.i., FM104, Today FM agus Donegal Highland Radio) agus maybefriends.com Internet dating agency.

Chinn an tÚdarás gurb é an margadh d'fhógraíocht raidió an margadh iomchuí agus go mbaineann na margáí geografacha iomchuí go díreach le limistéir a fhaigheann clúdach ó na stáisiúin raidió i gceist. Dá bharr sin, fuair an tÚdarás amach go raibh trí mhargadh táirge agus gheografacha iomchuí ann:

1. An margadh le haghaidh fógraíocht raidió i gContae Dhún na nGall;
2. An margadh le haghaidh fógraíocht raidió go náisiúnta; agus
3. An margadh le haghaidh fógraíocht raidió i gCathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath.

An margadh le haghaidh fógraíocht raidió i gContae Dhún na nGall

Fuair an tÚdarás amach gurb é Highland Radio an t-aon stáisiún raidió ag feidhmiú sa réigiún sin agus mar sin i ndiaidh an idirbhirt ní bheadh aon athrú ar struchtúr an mhargaidh sa mhargadh fógraíochta raidió i gContae Dhún na nGall agus mar sin ní raibh aon fhorluí idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe roimh an idirbheart. Mar sin chinn an tÚdarás nach raibh aon chúis imní ag baint leis an idirbheart beartaithe maidir le hiomaíocht sa mhargadh seo.

An margadh le haghaidh fógraíocht raidió go náisiúnta

Fuair imscrúdú an Údaráis amach gur chuir an sciar den mhargadh a mheastar ón lucht éisteachta, an t-ioncam ó fhógraíocht agus na nóiméid fógraíochta in iúl go n-eascródh cumasc 'Zone C' as an éadail bheartaithe sa mhargadh fógraíochta raidió náisiúnta. I ndiaidh na héadála bheadh dhá eintiteas ag rialú an mhargaidh náisiúnta: RTÉ (Radio 1, 2FM agus Lyric FM) agus Communicorp (Newstalk agus Today FM). Bhainfeadh an t-aon dá stáisiún raidió náisiúnta sa Stát le Communicorp. Go praiticiúil, bheadh cumasc trí le dó ag eascairt as na éadail bheartaithe sa mhargadh náisiúnta le haghaidh fógraíocht raidió. Mar sin féin, ar na cúiseanna thíosluaite, bhreithnigh an tÚdarás nach mbeadh tionchar neamhfhabhrach ag an struchtúr úinéireachta nua seo ar an margadh náisiúnta agus ar bhealaí áirithe go bhféadfaí breathnú ar an gcumasc seo mar chumasc ar son na hiomaíochta:

- Tá leagan amach na gclár éagsúil ar Today FM ná mar atá Newstalk. Cuireann Today FM *‘formáid leathan comhaimseartha ceoil le claonadh láidir cúrsaí reatha ar fáil maille le cúrsaí spóirt agus sraitheanna fuirseoireachta’*, agus cuireann Newstalk cláir chomhrábhunaithe amháin ar fáil le nuacht, spórt agus eolas faoin trácht gach 20 nóiméad;
- Tá fianaise ann ó roinnt foinsí⁸ a léiríonn gurb é 2FM an t-iomaitheoir is dlúithe atá ag Today FM, agus gurb é Newstalk an t-iomaitheoir is dlúithe ag RTÉ Radió 1;
- Níor chuir formhór na gníomhaireachtaí fógraíochta aon chúiseanna imní in iúl maidir leis an gcumasc ag an leibhéal náisiúnta; agus
- Trí thiomsú a dhéanamh ar fhógraíocht Today FM agus Newstalk bheadh an t-eintiteas cumaiscthe níos fearr in ann dul san iomaíocht lena bhfuil á thairiscint ag RTÉ ar fud na trí raidió stáisiún.

An margadh le haghaidh fógraíocht raidió i gCathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath Fuair imscrúdú an Údaráis amach gur chuir an sciar den mhargadh a mheastar ón lucht éisteachta, an t-ioncam ó fhógraíocht agus na nóiméid fógraíochta in iúl go n-eascródh cumasc ‘Zone C’ as an éadail bheartaithe sa mhargadh fógraíochta raidió do chontae agus chathair Bhaile Átha Cliath. Bhain dhá cheann de na sé stáisiún raidió tráchtála atá gníomhach sa mhargadh le haghaidh fógraíocht raidió i gContae agus Cathair Bhaile Átha Cliath le Communicorp roimh an éadail, eadhon 98FM agus Spin 103.8. I ndiaidh na héadála, nuair a chuirfí FM104 san áireamh, bhainfeadh trí cinn de na sé stáisiún raidió thráchtála i mBaile Átha Cliath leis.

Chun iniúchadh a dhéanamh ar na héifeachtaí iomaíochta a bheadh ag an idirbheart beartaithe ar an margadh d’fhógraíocht raidió i gCathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath bhain an tÚdarás úsáid as cineálacha éagsúla fianaise agus foinsí chun a chinneadh cén dá stáisiún raidió i measc fhógróirí, gníomhaireachtaí fógraíochta agus lucht éisteachta Chontae agus Chathair Bhaile Átha Cliath a d’fheadfadh a bheidh ina n-ionadaithe cóngaracha⁹. Léirigh torthaí an Údaráis gurb iad 98FM agus FM104 na hiomaitheoirí is cóngaraí atá ag a chéile i gContae agus i gCathair Bhaile Átha Cliath agus dá bhrí sin bhí imní ar an Údarás go n-eascródh éifeacht aontaobhach as an gcumasc beartaithe (.i. bheadh an t-eintiteas i ndiaidh na héadála in ann cumhacht aontaobhach a chur i bhfeidhm sa mhargadh, mar shampla, trí phraghas a ardú nó aschur a laghdú) agus mar sin cur isteach ar iomaíocht.

8 D’áirigh siad seo sonraí ón *Joint National Listenership Research Survey (‘JNLR’)*; sonraí Adscan a dhéanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí fógraíochta raidió na bhfógróirí i seachtain áirithe; suirbhé an Údaráis maidir le fógróirí díreacha agus indíreacha, cáipéisíocht inmheánach a chuireann na páirtithe ar fáil agus suirbhé a rinne na páirtithe agus, tuairimí agus aighneachtaí na dtíú páirtithe.

9 D’áirigh na foinsí seo na foinsí atá luaite san fhnóta roimhe seo agus chomh maith leis sin anailís ar Chostas in aghaidh an Mhíle (‘CPT’) atá ina mheastachán ar éifeacht mheáin bunaithe ar an gcostas a bhainfeadh le teacht ar mhíle duine agus atá in uirlis chomparáideach a mbaineann fógróirí úsáid aisti chun luach ar airgead a mheas a bhaineann le fógra a chur ar stáisiún raidió ar leith.

Faoin Acht Iomaíochta, 2002, is féidir le páirtithe san idirbheart beartaithe tograí a chur faoi bhráid an Údaráis chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní iomaíochta. I gcás go nglacann an tÚdarás leis na tograí seo agus go gcuirtear iad san áireamh nuair atá an tÚdarás ag glacadh cinnidh tá siad ceangailteach ar na páirtithe. Sa chás seo chuir Communicorp agus Emap na tograí isteach chun freagairt do na cúiseanna imní maidir le hiomaíocht a chuir an tÚdarás in iúl i ndáil le margadh fógraíocht raidió Contae agus Cathair Bhaile Átha Cliath.

¹⁰ Is é atá i gceist le ceannaitheoir aitheantais ná staid de réir dréachtfhógra ón gCoimisiún Eorpach *Draft Notice on Remedies Acceptable under Council Regulation (EEC) No 139/2004 and under Commission Regulation (EC) No 802/2004* ('an Dréachtfhógra') faoi nach bhféadfadh páirtithe an ghníomh fhógartha a chur i gcrích sula rachaidís i gcomhaontú ceangailteach le ceannaitheoir le haghaidh gnó, faofa ag an Údarás 'the parties may not complete the notified operation before having entered into a binding agreement with a purchaser for the business, approved by the Authority (alt 50).

¹¹ Coimisiún, *Dréachtfhógra*, alt 55

¹² Tá IRS ar an oifig lárnach díolacháin agus margaochta le haghaidh 16 stáisiún thráchtála raidió ar fud an Stáit, lena n-áirítear Highland Radio. Mheas an tÚdarás go gcaomhnódh an togra seo neamhspleáchas agus inmhharthanacht IRS mar eintiteas cumaiscthe malartach sa mhargadh le haghaidh sliotáin fógraíochta raidió

Is féidir na tograí a tairgeadh agus a glacadh a achoimriú sna ceithre ghné seo a leanas:

Ó Communicorp:

1 Faoi réir fhaomhadh an Údaráis agus roimh dhúnadh an idirbhirt ina iomláine, arna fhógairt ag an Údarás dífheistiú a dhéanamh ar Capital Radio Productions Limited, t/a FM104.

Rinneadh seo chun dul i ngleic leis na saincheisteanna iomaíochta a ndearna an tÚdarás cur síos orthu i ndáil leis an margadh d'fhógraíocht raidió i gContae agus i gCathair Bhaile Átha Cliath ach soláthar a dhéanamh ar cheannaitheoir aitheantais¹⁰ FM104 agus ar an gcaoi sin cosc a chur le díghrádú suntasach ar shócmhainní FM10. Mar shampla, i measc na sócmhainní is tábhachtaí agus is luachmhaire ag an stáisiún raidió tá conarthaí le pearsana indibhidiúla. Cuireann an ceannaitheoir aitheantais dreasachtaí méadaithe ar fáil do pháirtithe chun dífheistiú a chur i gcrích ionas go bhféadfaidís a gcumasc féin a chur i gcrích ('*increased incentives for the parties to close the divestiture in order to be able to complete their own*')¹¹ agus ar an gcaoi sin na príomhshócmhainní a chaomhnú maille le sláine oibríochtúil FM104 mar ghnó inmharthana.

2 Gealltanais gach leas urlámhais a fháil nó a chur i bhfeidhm in aon leas substaintiúil nó ar chúrsaí Independent Radio Sales agus leanúint ag tairiscint am chraolta do IRS ar ghnáth-thearmaí tráchtála.¹²

Rinneadh é seo a thairiscint i gcomhthéacs chúiseanna imní an Údaráis, ar cúiseanna imní iad a cuireadh in iúl i gcumaisc roimhe seo, maidir le hinmharthanacht IRS agus

d'fhonn déileáil, go hiontaofa, le haon chúiseanna imní féideartha a chuirfeadh tríú páirtithe in iúl maidir le inmharthanacht leanúnach IRS.

Ó Emap:

- 3 Gealltanais gach céim réasúnta a ghlacadh éascú a dhéanamh ar go gcomhlíonadh Communicorp a dhualgais éifeacht a bheith aige ar dhífheistiú FM104.

Chinntigh sé seo nár chuir úinéirí reatha FM104 bac le go gcomhlíonadh Communicorp na tograí a bhí á thairiscint aige.

- 4 Gealltanais leanúint ag feidhmiú mar FM104 mar ghnóthas leantach mar a bhí sé ag feidhmiú roimh an idirbheart sa chás seo.

Chinntigh sé seo, sa tréimhse eastramhach, roimh aistriú FM104 chuig Communicorp, go gcaomhnódh Emap a oibriúchán tráchtála.

I gcás dhífheistiú beartaithe FM104 rinne an tÚdarás tástáil margaidh ar na tograí a tairgeadh d'fhonn a chur ar bun cibé acu ar cheap sé go raibh an dífheistiú iomchuí, comhréireach agus éifeachtach, nó nach raibh, i ndul i ngleic le cúiseanna imní iomaíochta a thabharfadh an t-idirbheart beartaithe chun cinn. Rinne an tÚdarás dáileadh ar: (a) leagan neamhrúnda de Ghné 1; agus, (b) ceistneoir gairid chuig na sé cheannaitheoir ionchasacha a cheannódh an gnó a bhí le dífheistiú agus rinne tástáil ar an togra dífheistiúcháin le haghaidh rioscaí iomaíochta, ceannaitheora agus sócmhainne¹³. Cuirtear síos ar an tástáil margaidh ar bhonn níos mionsonraí i gcuid 2.5 thíos.

Chinn an tÚdarás go raibh dífheistiú FM104 ina réiteach éifeachtach. Baineann an dífheistiú beartaithe ar FM104 an forluí a chruthódh an t-idirbheart beartaithe sa mhargadh seo agus beidh tionchar láidir aige ar chothú sciar an eintitis sa mhargadh d'fhógraíocht raidió i gContae agus i gCathair Bhaile Átha Cliath ag an leibhéal a bhí i réim roimh an éadail. Baineann sé seo cúiseanna imní maidir le hiomaíocht a tháinig chun cinn toisc an idirbhirt bheartaithe sa mhargadh le haghaidh fógraíocht raidió i gContae agus i gCathair Bhaile Átha Cliath.

¹³ Féach an Coimisiún Iomaíochta, *Application of divestiture remedies in merger inquiries: Competition Commission Guidelines*, Nollaig 2004: 'to be effective, a divestiture should involve the sale of an appropriate divestiture package to a suitable purchaser through an effective divestiture process.' (alt 2.2) Is féidir rochtain a fháil air seo ag: http://www.competition-commission.org.uk/rep_pub/rules_and_guide/pdf/divestiture_remedies_guidance.pdf.

2.3 Cumaisc a bhaineann le gnóthaí meáin

Ionstraim Reachtúil Nua

Ar an 1 Eanáir 2003 rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ordú, faoi Alt 18(5) den Acht Iomaíochta, 2002. Sonraíonn an Ionstraim Reachtúil (I.R.) seo Uimh. 622 de 2002 go bhfuil gach cumasc meáin ina aicme (*'class'*) meáin a chaithfear a chuir i bhfios go héigeantach fiú amháin mura bhfuil an cumasc meáin sin ag sárú na dtairseach airgeadais don fhógra sainordaitheach atá leagtha mach in Alt 18(1) den Acht Iomaíochta 2002.

Ceadaíonn an tAcht don fhéidearthacht go bhféadfadh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta fós cosc a chur le cur i bhfeidhm cumaisc mheáin a cheadaigh an tÚdarás iomaíochta ar fhorais iomaíochta tar éis imscrúdú iomlán a dhéanamh, ar mhaithe le leas an phobail.

Cibé scéal é, toisc aicme an chumaisc mheáin atá sonraithe in I.R. 622 de 2002 cuireadh an-chuid cumasc i bhfios don Údarás nach bhfuil aon nasc acu leis an Stát, agus i gcásanna áirithe, nach bhfuil aon nasc praiticiúil acu le gnóthaí sna meáin in aon chor toisc:

- go sainmhínítear cumasc meáin (*'media merger'*) san Acht mar chumasc ina bhfuil ar a laghad ceann amháin de na gnóthais ag gabháil do chúrsaí sna meáin chumarsáide sa Stát; agus
- nuair atá an tÚdarás iomaíochta ag ainmniú an ghnóthais atá páirteach ann (*'undertaking involved'*) leanann sé cleachtas an Choimisiúin Eorpaigh amharc ar na ngnóthas atá páirteach ann mar an ngrúpa iomlán, seachas mar an chuideachta í féin nó an ceannaitheoir nó an spriocdhream.

Ar an 21 Márta 2007, rinneadh I.R. Uimh. 622 de 2002 a chúlghairm le I.R. Uimh 122 de 2007. Leis an Ordú nua éilítear go dtabharfaí fógra maidir le:

- gach cumasc nó éadáil ina bhfuil dhá ghnóthas nó níos mó ag gabháil do ghnó sna meáin (*'media business'*) sa Stát; agus
- gach cumasc nó éadáil ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na gnóthais ag gabháil do ghnó sna meáin (*'media business'*) sa Stát agus ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na gnóthais ag gabháil do ghnó sna meáin (*'media business'*) in áit éigin eile.

Ón 21 Márta 2007 nuair a tháinig an tOrdú nua i bhfeidhm:

- tharla laghdú ar an líon cumasc a raibh baint acu le gnóthais mheáin a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta, ó 23 sa bhliain 2005 agus 22 sa bhliain 2006 go 17 sa bhliain 2007;
- níor fógraíodh aon chumasc nach raibh baint aige leis na meáin de réir alt 18(1)(b) den Acht Iomaíochta 2002, rud atá éagsúil le blianta eile; agus
- bhí nasc ag gach cumasc a raibh baint acu le gnóthais mheáin, agus a fógraíodh ón 21 Márta 2007, leis an Stát.

Cumasc meáin shuntasacha sa bhliain 2007

Fógraíodh dhá chumasc meáin le linn 2007 as a dtáinig tograí ó na gnóthais i gceist. Ba éadáil Communicorp Group Limited chun sócmhainní agus gnóthais áirithe de chuid Scottish Radio Holdings a fháil ceann amháin díobh seo. Ceadaíodh é i gCéim 2 le tograí ó na páirtithe a bhí ina ngealltanais a bhí ceangailteach orthu. Le haghaidh tuilleadh plé ar an gcás seo, féach 2.2 thuas. Bhain an cumas meáin eile le héadáil Thomhas Crosbie Holdings Limited chun WLR M a fháil.

Éadail Thomas Crosbie Holdings Limited ar 75% de scaireanna eisithe ag South East Broadcasting Company Limited ag Trádáil mar WLR FM

Ceadaíodh éadail Thomas Crosbie Holdings (TCH) ar rialú South East Broadcasting Company Limited (ag trádáil ag 'WLR FM'), ag Céim 1 le gealltanais cheangailteacha.¹⁴ Cuireadh an éadail seo i bhfios Údarás ag an am céanna le héadail TCH ar rialú WKW FM Limited, ag trádáil mar 'Beat FM' (a ceadaíodh i gCéim 1 gan tograí).

Is cuideachta urlámhais é an t-éadalaí, TCH, a bhfoilsíonn a fhochuideachtaí páipéir nuachtáin éagsúla, ina measc The Irish Examiner agus The Waterford News and Star. Tá leasa mionlaigh ag TCH chomh maith in County Bealtaineo Radio Limited, NWR FM Limited agus Red FM.

Cuireann WLR FM seirbhís raidió áitiúil ar fáil atá dírithe ar dhaoine idir 25 agus 55 i gCathair agus i gContae Phort Láirge. Is stáisiún raidió réigiúnach é Beat FM a chuireann seirbhís chraolacháin fuaimne ar fáil ag díriú ar lucht éisteachta idir 15 agus 34 bliain d'aois sna contaetha seo a leanas Loch Garman, Port Láirge, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Tiobraid Árann Theas.

Fuair an tÚdarás trí iarratas ó thríú páirtithe. Luadh trí chúis imní maidir le:

- cruthú dé-oplacht raidió áitiúil d'fhógróirí;
- an fhéidearthacht diúltú le slótáin fógraíochta ar an raidió a dhíol le páipéar nuachta amháin tar éis éadála; agus
- go ndéanfadh TCH, tar éis na héadála, cineál éigin de phacáiste fógraíochta cuachta a thairiscint d'fhógróirí den Waterford News and Star agus an dá stáisiún raidió.

¹⁴ Cás M/07/022.

Thug an tÚdarás faoi imscrúdú leathan i gCéim 1 agus bhí sé in ann na buarthaí maidir leis an dara agus tríú ceist ar leag na tríú páirtithe béim orthu a réiteach. Fuair sé amach (1) go gcruthódh aon diúltú sliotáin fógraíochta a dhíol tar éis éadála buarthaí de réir Alt 5 den Acht Iomaíochta, 2002 agus thiocfadh go ndéanfadh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú air; agus (2) nach ndearnadh cuachadh a chomhlíonadh i gcleachtas agus gur féidir leis bheith praiticiúil agus, seans, maith don iomaíocht.

Bhreithnigh an tÚdarás go sonrach chomh maith na cúiseanna imní maidir le cruthú féideartha dé-oplacht d'fhógróirí i gceantar Phort Láirge agus mheas sé go raibh fógraíocht raidió i margadh leithleach le fógraíocht priontála. Siocair go raibh fógraíocht raidió san iomaíocht i margadh éagsúil ó fógraíocht preasa, ní raibh aon fhorluí iomaíochta idir na teidil TCH agus WLR FM i ndíolachán fógraíochta i gCathair agus i gContae Phort Láirge. Mar sin, mheas an tÚdarás nach gcruthódh comhcheangal na teidil TCH agus WLR FM leis féin aon chúis imní maidir le hiomaíocht.

Fuair an tÚdarás amach, áfach, go raibh forluí díreach i gceantair chlúdaigh Beat FM agus WLR FM i gCathair agus i gContae Phort Láirge. Bhí daonra de 460,000 duine i gceantar clúdaigh Beat FM, agus chónaigh 107,000 (.i. 23%) díobh seo i gceantar clúdaigh WLR FM, .i. Cathair agus Contae Phort Láirge.

Chun dearbhú an iad WLR FM agus Beat FM iomaitheoirí is cóngaraí a chéile, d'úsáid an tÚdarás sonraí JNLR chun an méid seo a leanas a dhearbhu:

- Próifil agus leibhéal an fhorluí i lucht éisteachta gach stáisiúin ina gcroí-spriocluchtanna éisteachta i gCathair agus i gContae Phort Láirge. Fuair an tÚdarás amach go bhfuil forluí ann ó thaobh lucht éisteachta de chomh maith leis na nóiméid a éistear leis na stáisiúin idir Beat FM agus WLR FM. Ach de réir cosúlachta, ba Today FM príomhiomaitheoir Beat FM i sprioclucht éisteachta an stáisiúin sin (daoine idir 15 agus 34 bliain d'aois) agus gurb é Raidió 1 RTÉ príomhiomaitheoir WLR FM i measc iad siúd ata os cionn 35+ bliain d'aois.

- An leibhéal d'fhorluí in ioncaim fógraíochta ina croí-spriocluchtanna éisteachta. Nochtaigh imscrúdú an Údaráis go dtógann WLR FM agus Beat FM le chéile, suas níos lú ná 4% den mhargadh fógraíochta raidió náisiúnta. Mar sin, bhain an tÚdarás de tháatal as nach raibh aon bhuairt maidir le hiomaíocht sa mhargadh d'fhógraíocht raidió náisiúnta ag teacht as an idirbheart beartaithe, siocair an leibhéal forluí agus an iomaíocht a bheidh fós sa mhargadh tar éis éadála.
- Maidir le fógraíocht ar raidió áitiúil, tar éis an chumaisc beidh an t-aon dá stáisiún raidió a dhíríonn ar fhógraíocht áitiúil i gCathair agus i gContae Phort Láirge faon rialachán amháin, agus bhí buairt ann maidir leis seo. Ach nochtaigh an t-imscrúdú a rinne an tÚdarás gur caomhnaíodh an iomaíocht theoranta atá idir Beat FM agus WLR FM roimh an gcumasc trí chinntiú gur oibríodh agus bainistíodh gach stáisiún go leithleach, le go leor tríú páirtithe ag leagan béime ar an tábhacht atá le leithleachas idir foirne díolacháin an dá stáisiúin. Mar sin, bhain an tÚdarás de tháatal as go mbeadh sé riachtanach bainistíocht an dá stáisiúin raidió a choinneáil ar leith óna chéile chun an leibhéal d'iomaíocht a bhí ann roimh an gcumasc a chaomhnú agus gur cheart go mbeadh teorainn le malartú eolais áirithe.

Chuir TCH tograí faoi bhráid an Údaráis den chineál a ndéantar tagairt dóibh in ailt 20 (3) agus (4) den Acht Iomaíochta 2002, ag súil go mbeadh siad ceangailteach air dá gcuirfeadh an tÚdarás iad san áireamh agus é ag déanamh a chinnidh. San áireamh leo seo bhí cothabháil foirne leithleacha díolacháin fógraíochta don dá stáisiún, leithleachas bainistíochta agus feidhmiúcháin eile idir an dá stáisiún agus ceapachán breathnadóir neamhspleách chun comhlíonadh na dtograí a mhaoirsiú. Mar sin, cheadaigh an tÚdarás an éadail i gCéim 1, ag cur tograí TCH san áireamh.¹⁵

¹⁵ Bheadh a leithéid seo de thograí míchuí sa chumasc Communicorp/SRH i bhfianaise na gcúinsí éagsúla i ngach cás. Go ginearálta, is fearr réitigh struchtúracha ná réitigh iompraíochta.

Staitisticí

Maidir le staitisticí do 2007, cuireadh 17 cumasc meáin i bhfios don Údarás, i gcomparáid le 22 cumasc meáin sa bhliain 2006 agus 23 sa bhliain 2005. De na cumaisc meáin a fógraíodh le linn 2007:

- Bhí baint ag cúig cinn le héadáil stáisiúin raidió. Bhí baint ag ceann amháin de na cumaisc seo le hoibriú stáisiúin raidió réigiúnacha san RA;
- Bhí baint ag cúig cinn le héadáil foilseacháin chlóite nó ar líne;
- Bhí baint ag cúig cinn le héadáil chlár craolacháin agus/nó ábhar craolacháin;
- Bhí baint ag dhá cheann le héadáil targaidí nach de na meáin iad (fógraíodh an dá chumasc seo sula dtáinig I.R. Uimh. 122 de 2007 i bhfeidhm);
- Cheadaigh an tÚdarás lomaíochta 15 faoi dheireadh na bliana agus níor iompraíodh aon cheann ar aghaidh go 2008; agus
- Ní dhearna an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta aon ordú le linn 2007 i dtaobh imscrúdú iomlán a dhéanamh de réir Alt 22 den Acht lomaíochta 2002 nó cosc a chur ar éifeachtú chumaisc meáin.

TÁBLA 2.3 CUMAISIC MHEÁIN A CHUIREADH I BHFIOS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA SA BHLIAIN 2007

FÓGRA	DÁTA AN FHÓGRA	EARNÁIL EACNAMÁIOCHTA	DÁTA AN CHINNIDH/ STÁDAS
M/07/003 – General Electric Company/Vetco International Limited	8 Eanáir 2007	Soláthar córais , táirgí agus seirbhísí do tháirgeadh ar tír mór agus eischósta d’ola agus gás	25 Eanáir 2007
M/07/005 River Newspapers (NI) Limited/Olok Limited	12 Eanáir 2007	Earnáil na Meáin Cumarsáide, go háirithe páipéir nuachta	9 Feabhra 2007
M/07/006 GMG Radio Holdings Limited/Saga Radio Limited, Saga Radio (North East) Limited, Saga Radio (Scotland) Limited, Saga Regional Digital Radio Limited	17 Eanáir 2007	Craoladh Raidió sa Ríocht Aontaithe	14 Feabhra 2007
M/07/008 CBS Outdoor Limited/ Haveco Limited	31 Eanáir 2007	Réitigh margaiochta agus meáin	13 Feabhra 2007
M/07/010 Irish Times/ Gazette Group	27 Feabhra 2007	An earnáil foilseacháin agus fógraíocht páipéir nuachta	22 Márta 2007
M/07/019 Agricultural Trust/ Irish Catholic	09 Bealtaine 2007	Tréimhseacháin speisialta seachtainiúil	23 Bealtaine 2007
M/07/021 Thomas Crosbie Holdings/WKW FM	11 Bealtaine 2007	Craoladh Raidió	17 Lúnasa 2007
M/07/022 Thomas Crosbie Holdings/South East Broadcasting	11 Bealtaine 2007	Craoladh Raidió	5 Meán Fómhair 2007
M/07/029 ntl Communications (Ireland) Limited/Clane Cable Systems	1 Meitheamh 2007	Teilifís Iníoctha Miondíolta	27 Meitheamh 2007
M/07/040 Communicorp/SRH	30 Iúil 2007	Craoladh Raidió	7 Nollag 2007

TÁBLA 2.3 CUMAISC MHEÁIN A CHUIREADH I BHFIOS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA SA BHLIAIN 2007

M/07/046 Smart Telecom/E-nvi	20 Lúnasa 2007	Soláthar de seirbhísí teilifís ilchainéalach, teileafónaíochta agus leathanbhanda	17 Meán Fómhair 2007
M/07/047 LGI Ventures BV/City Channel Limited	22 Lúnasa 2007	Táirgeadh clár teilifíse agus craoladh teilifíse	12 Meán Fómhair 2007
M/07/048 News Corporation/Dow Jones	27 Lúnasa 2007	Foilseacháin Páipéir Nuachta	13 Deireadh Fómhair 2007
M/07/050 Universal Pictures/Sparrowhawk	4 Meán Fómhair 2007	Na Meáin Cumarsáide	28 Meán Fómhair 2007
M/07/061 News Corporation/NGT/NGC – UK	26 Deireadh Fómhair 2007	Táirgiú agus soláthar de chainéil teilifíse	22 Samhain 2007
M/07/064 Johnston Press/Clonnad	12 Nollaig 2007	Páipéir Nuachta réigiúnacha agus nuachtlitreacha saorbhileogaach/pobail saor in aisce	Gníomhach amhail 31 Nollaig 2007
M/07/069 UTV/FM104	21 Nollaig 2007	Raidió	Gníomhach amhail 31 Nollaig 2007

2.4 Cumaisc faoi bhun tairseacha infhógartha

Féadfaidh cumaisc atá faoi bhun tairseacha láimhdeachais infhógartha iomaíocht a theorannú chomh maith. Go háirithe, d'fhéadfaidís Ailt 4 agus/nó 5 den Acht Iomaíochta, 2002 a shárú.

Tar éis roinnt cumasc den sórt sin a fhiosrú, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta Fógra (N/03/001) ar an 30 Meán Fómhair 2003 ag dearbhú a pholasaí maidir leis na hidirbhearta sin. Soiléiríonn an fógra an chaoi a ndéanfaidh an tÚdarás Iomaíochta cumaisc neamh-infhógartha a láimhseáil agus dearbhaíonn sé polasaí an Údarás maidir lena chinntiú nach ndéanann na hidirbhearta sin dochar d'iomaíocht ná do thomhaltóirí.

Is é bun agus barr an scéil, má mheasann an tÚdarás Iomaíochta, tar éis réamhimscrúdú a dhéanamh, go n-eascróidh cúiseanna imní as an idirbheart, rachaidh sé i dteagmháil leis na páirtithe chun a chinneadh cibé acu an dteastaíonn uatha cumasc a chur i bhfios go toilteanach nó nach dteastaíonn. Murar cuireadh an t-idirbheart i bhfeidhm go fóill, tá an deis ag na páirtithe fógra toilteanach a thabhairt. Má theipeann ar na Páirtithe fógra a thabhairt go toilteanach, féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí dlíthiúla a eisiúint ag lorg urghaire chun srian a chur le cur i bhfeidhm an chumaisc. Má cuireadh an t-idirbheart i bhfeidhm cheana féin, déanfaidh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú chun a fháil amach cibé acu ar sáraíodh Ailt 4 agus/nó 5 den Acht Iomaíochta 2002 nó nár sáraíodh.

Le linn 2007, rinne an tÚdarás Iomaíochta measúnú amháin ar chumasc faoi bhun na dtairseach infhógartha. Ba é an cumasc seo ná éadáil Galco Steel Limited chun Sperrin Galvanisers (Irl) Limited agus Sperrin Galvanisers Limited a fháil, imscrúdú Céim 2 ata pléite ag 2.2 thuas.

2.5 Réitigh cumaisc

Sa bhliain 2007, cheadaigh an tÚdarás dhá chumasc ina ndearna páirtithe na n-idirbheart tograí dhídhílsiú. Seo an chéad uair inar tairgeadh dífheistiú struchtúrtha mar thograí chun aghaidh a thabhairt ar bhuarthaí maidir le hiomaíocht a d’ainmnigh an tÚdarás i bhfógraí cumaisc:

- **M/06/098 – Premier Foods/RHM:** Le linn a imscrúdaithe tosaigh (Céim 1) bhain an tÚdarás de thátaí as go gcruthódh an t-idirbheart beartaithe buarthaí maidir le hiomaíocht sa mhargadh súlaigh tar éis an chumaisc, nó go mbeadh spreagadh agus ábaltacht ag an aonán cumaiscthe praghsanna a ardú go haontaobhach. Thairg Premier Foods dífheistiú a ghnóthais go léir faoin mbranda Erin i bPoblacht na hÉireann, agus ghlac an tÚdarás leis an tairiscint. Sa chás seo, ba le Premier Foods cheana an gnóthas a bhí le dífheistiú. Siocair seo ghlac an tÚdarás le togra dífheistiúcháin ina raibh cead ag na páirtithe dul ar aghaidh le cur i bhfeidhm na n-idirbheart fógartha ar an mbunús go ndíoltar an ghnóthas dífheistithe le ceannaitheoir oiriúnach le linn tréimhse sheasta ama.
- **M/07/040 – Communicorp/Emap:** Mar atá leagtha amach thuas, bhain an tÚdarás de thátaí as imscrúdú Céim 2 go gcruthódh an t-idirbheart beartaithe buarthaí maidir le hiomaíocht sa mhargadh fógraíochta raidió i gCathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath. Thairg Communicorp dífheistiú FM104 agus ghlac an tÚdarás leis an tairiscint. Siocair nach le Communicorp FM104 ag an am áfach, bhí riachtanas breise sa togra dífheistiúcháin do cheannaitheoir ‘aitheantais’. Is é sin, nach mbeadh cead ag na páirtithe an t-idirbheart fógartha a chríochnú gan comhaontas ceangailteach a dhéanamh le ceannaitheoir oiriúnach don ghnóthas dífheistithe.

Siocair nach bhfuil treoirleá dá chuid féin táirgthe ag an tÚdarás maidir le leigheasanna dírithe ar aghaidh a thabhairt ar imní iomaíochta ainmnithe agus go háirithe maidir le tairiscintí ar dhífheistiú structúrtha, d'úsáid sé *Draft Notice on Remedies Acceptable under Council Regulation (EEC) No. 139/2004 and under Commission Regulation (EC) No. 802/2004* ón gCoimisiún Eorpach ó 2007 go mór chomh maith le Treoirleá ar Chleachtais is Fearr do Thiomantais Dífheistiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, ina measc na téacsanna eiseamláireacha do cheangaltais dífheistiúcháin agus sainorduithe iontaobhaithe.

Sa dá chás mheas an tÚdarás gur chríonna an rud é 'tástáil margaidh' a dhéanamh ar na tograí ar thairiscint ó na páirtithe. Rinneadh seo chun dearbhú cé acu an raibh na tograí a tairgeadh cuí, i gcomhréir agus éifeachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar an imní faoi iomaíocht a tháinig as an idirbheart beartaithe. Ag cloí le cleachtas is fearr an AE, tháirg an tÚdarás leagan achomair/neamhrúnda de na tograí a tairgeadh chomh maith le ceistneoir gearr chuig ceannaitheoirí ionchasacha an ghnóthas a bhí le dífheistiú. Fiafraíonn an ceistneoir de na freagróirí ar smaoinigh/mheas siad:

- an gnóthas atá á dhífheistiú a cheannach iad féin;
- go bhfuil an gnóthas atá á dhífheistiú ina ghnó inmharthana agus iomaíoch ar féidir le ceannaitheoir a oibriú ar bhonn neamhspleách;
- go bhfuil an gnóthas atá á dhífheistiú in ann dul san iomaíocht go héifeachtach sa mhargadh bainteach;
- go mbeadh suim ag comhlacht atá toilteanach dul isteach sa mhargadh bainteach, nó leathnú amach ann, sa gnóthas atá á dhífheistiú;
- go bhfuil na tograí a tairgeadh dóthanach chun deireadh a chur leis an iomaíocht;
- an raibh aon imní eile acu.

Tar éis tástáil margaidh rinne an tÚdarás measúnú ar na tograí sin ag cur na cúiseanna imní a luadh san áireamh chomh maith leis na freagraí a tugadh. Arís, siocair nach raibh treoir forbartha aige féin, bhraith an tÚdarás ar threoir Choimisiúin Iomaíochta an RA mar atá sé leagtha amach ina *Application of divestiture remedies in merger inquiries*¹⁶. De réir an Choimisiúin Iomaíochta chun go mbeadh dífheistiú éifeachtach, chaitheadh díolacháin pacáiste dífheistiúcháin iomchuí le ceannaitheoir

¹⁶ An Coimisiún Iomaíochta, *Application of divestiture remedies in merger inquiries: Competition Commission Guidelines*, Nollaig 2004.

oiriúnach trí mheán próisis éifeachtaigh dhífheistiúcháin a bheith i gceist (*'to be effective, a divestiture should involve the sale of an appropriate divestiture package to a suitable purchaser through an effective divestiture process.'*) (alt 2.2). Ina theannta sin, ag leanúint an chleachtais a mholann treoirlínte an Choimisiúin Iomaíochta, rinne an tÚdarás tástáil ar na bearta dhífheistiúcháin dóibh seo leanas:

- Rioscaí Imshocraíochta – is iad seo rioscaí go mbeidh scóip an phacáiste dhífheistiúcháin róshrianta nó cumraithe go neamhchuí chun ceannaitheoir oiriúnach a tharraingt nó nach ligfidh siad do cheannaitheoir oibriú go héifeachtach agus go hinmharthanach sa mhargadh;
- Rioscaí Ceannaitheora – is iad seo rioscaí nach bhfuil ceannaitheoir oiriúnach ar fáil nó go ndéanfaidh na páirtithe cumaisc diúscairt le ceannaitheoir lag nó neamhchuí ar bhealach eile; agus
- Rioscaí Sócmhainne – is iad seo rioscaí go meathlóidh an cumas iomaíochta de phacáiste dhífheistiúcháin roimh dhífheistiú, mar shampla trí chailliúint custaiméirí nó príomhbhaill den fhoireann. (alt 2.4).

Siocair na n-amlínte reatha d'athbhreithniú cumaisc, go háirithe i gCéim 1, ciallaíonn cur isteach thograí na bpáirtithe, agus é ag leathnú tréimhse athbhreithnithe Chéim 1 ó mhí amháin go 45 lá, nach bhfuil mórán ama ag an Údarás tabhairt faoi a thástáil margáí agus a mheasúnú de thograí a thairgeann páirtithe a chríochnú. Is é seo an cás go háirithe áit a dtairgtear tograí ag am measartha mall i bpróiseas Chéim 1 agus/nó áit nach bhfuil na chéad tograí a thairgtear dóthanach chun déileáil leis na ceisteanna iomaíochta atá i gceist. Dá dheasca sin, foilseoidh an tÚdarás treoir do chleachtóirí sa bhliain 2008, ag cur síos ar:

- Chineál agus fhormaid na dtograí ata le cur isteach ag páirtithe;
- An mhodheolaíocht a úsáideann an tÚdarás i dtástáil agus measúnú na dtograí a cuirtear isteach; agus
- Ceisteanna maidir leis an tionchar atá ag tráthúlacht chur isteach tograí na bpáirtithe.

Gan amhras, tarraingeoidh seo go mór ar na treoirlínte reatha mar atá leagtha amach sna fógraí agus treoirlínte éagsúla atá luaite thuas. Ina theannta sin, ní fhoilsítear fógra an Údaráis ach amháin tar éis próiseas comhairliúcháin.

2.6 Comhdháil: ‘*Merger Control in Ireland: Prospect and Retrospect*’

Ar an 11 Aibreán 2007, thionóil an tÚdarás Iomaíochta comhdháil phoiblí dar teideal ‘*Merger Control in Ireland: Prospect and Retrospect*’. Bhí trí sheisiún ann, inar chuir dlíodóirí agus eacnamaithe páipéir i láthair agus rinneadh iad a phlé. Ba é teideal an chéad seisiúin ná ‘*Review of Ireland’s Merger Control: Four Years On*’. Cuireadh dhá pháipéar i láthair. Bhain an chéad cheann, ‘*How to Improve Merger Control in Ireland*’, leis na bealaí inar féidir an córas cumaisc reatha de réir Acht Iomaíochta, 2002 a fheabhsú. ‘*Pigs, Peru and Papers: Reforming Media Merger Control on Ireland*’ teideal an dara páipéar, a d’ullmhaigh beirt oifigeach cásanna i Rannóg na gCumasc, agus scrúdaigh sé na ceistanna ag baint le fógra sainordaitheach de gach ‘cumasc meáin’ agus mhol sé bealaí inar féidir an staid a fheabhsú (le haghaidh sonraí na n-athruithe a tugadh isteach ina dhiaidh sin, féach 2.3 thuas).

Sa dara seisiún, dar teideal ‘*The Use of Economic and Other Evidence in Merger Cases in Ireland*’, chuir Oifigeach Cásanna eile i Rannóg na gCumasc páipéar i láthair ar an ról atá ag fianaise eacnamaíoch i rialú cumaisc sa Stáit agus ar chleachtas reatha agus chleachtas sa todhchaí. I seisiún a trí, chur ionadaí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh páipéar i láthair maidir leis an bhfógra dlínsiúil comhdhlúite nua.¹⁷

¹⁷ Tá na páipéir seo go léir le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis: www.tca.ie. Ina theannta sin, tá leagan athbhreithnithe de cheann de na páipéir ‘*The Role of Economic Evidence in Merger Control in Ireland: Current and Future Practice*’ le bheith in eagrán na Nollag 2007 den *European Competition Journal*.

2.7 Cumaisc Idirnáisiúnta agus Polasaí Cumaisc

An Coimisiún Eorpach

Coiste Comhairleach um Chomhchruinnithe

Mar pháirt dá oibleagáidí idirnáisiúnta, ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt réamhghníomhach ar an gCoiste Comhairleach um Chomhchruinnithe maidir le trí chumasc beartaithe ag leibhéal na hEorpa:

- Cás Uimh. Comp/M.3333 – Sony/BMG

Rinne Rannóg na gCumasc ionadú ar an Údarás ar an gCoiste Comhairleach um Chomhchruinnithe sa chás seo. Sa bhliain 2004, cheadaigh an Coimisiún Eorpach cruthú an chomhfhiontair Sony BMG, ag comhcheangal na rannóg ceoil taifeadta de Sony Corporation agus Bertelsmann AG (BMG). Sa bhliain 2006 áfach, thug an Chúirt Chéadchéime breith go raibh earráidí measúnaithe déanta ag an gCoimisiún agus nach leor an fhianaise ar ar bhraith an Coimisiún chun an cinneadh ceadaithe a fhágáil cóir, agus neamhníodh sí é. Tar éis an neamhnithe seo, rinneadh an cás a chur i bhfios arís don Choimisiún i mí Eanáir 2007 agus thosaigh an Coimisiún measúnú nua den idirbheart. I mí Márta 2007, chuir an Coimisiún tús le grinn-imscrúdú. Faoi dheireadh, i mí Dheireadh Fómhair 2007, dhearbhaigh an Coimisiún Eorpach ceadú de réir rialacha rialála cumaisc an AE do bhunú BMG, comhfhiontar ag comhcheangal na rannóg ceoil taifeadta de Sony agus Bertelsmann i ndiaidh cinnidh nach gcruthódh an t-idirbheart stádas ceannasach nó ceannasach in éineacht a chéile sna margáí bainteacha, nó iad a threisiú.

- **Cás Uimh. Comp/M.4403 – Thales/Finmeccanica/Alcatel Alenia Space agus Telespazio**

Ghníomhaigh Rannóg Cumasc an Údaráis mar rapóirtéir leis an gCoiste Comhairleach um Chomhchruinnithe don chás seo. Cuireadh éadail Thales na Fraince de scairshealbha Alcatel sna comhfhiontair spáis de Alcatel Alenia Space (AAS) na Fraince agus Telespazio na hIodáile i bhfios don Choimisiún Eorpach ar dtús i mí Dheireadh Fómhair 2006. I mí na Samhna 2006, chuir an Coimisiún tús le grinn-imscrúdú chun a dhearbhu cé acu a bheadh an t-aonán nua dealraitheach rochtain a shrianadh ar chomhphárteanna rithábhachtacha dá iomaitheoirí satailít fhoghabálach agus fho-chórais shatailíte. Fuair imscrúdú an Choimisiúin amach go mbeadh ábaltacht an aonáin nua agus a spreagadh i dtaobh seo a dhéanamh an-teoranta agus go mbeadh iomaitheoirí agus custaiméirí araon ag cur srian mór orthu, agus chinn sé nach gcuirfeadh an comhchruinniú bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach agus cheadaigh sé an cumasc i mí Aibreáin 2007.

- **Cás Uimh. Comp/M.4439 – Ryanair/Aer Lingus**

Thionóil an Rannóg na gCumasc roinnt cruinnithe leis na páirtithe sa chás seo, bhuaill sé le foireann cásanna an Choimisiúin Eorpaigh ar roinnt ócáidí agus rinne sé ionadaíocht ar an Údarás ar an gCoiste Comhairleach um Chomhchruinnithe. Cuireadh éadail bheartaithe Ryanair chun Aer Lingus a fháil i bhfios don Choimisiún Eorpach ar an 30 Deireadh Fómhair 2006¹⁸. Ar an 20 Nollaig 2006, thosaigh an Coimisiún grinn-imscrúdú agus ina dhiaidh sin chuir sé cosc ar an éadail, nó dar leis go ndéanfadh sé an dá phríomhaerlíne a oibríonn as Éirinn, agus atá in iomaíocht bhríomhar lena chéile faoi láthair, a chomhcheangal, agus go ngortódh sé tomhaltóirí trí dheireadh a chur leis an iomaíocht seo, ag cruthú monaplachta nó stádais cheannasaigh ar 35 bealach a oibríonn an dá pháirtí. Arsa Coimisinéir an Choimisiúin Eorpaigh, Neelie Kroes *‘Bhí ár gcinneadh cosc a chur leis an gcumasc seo riachtanach chun tomhaltóirí na hÉireann, tomhaltóirí a bhraitheann go mór ar aeriompar, chomh maith le tomhaltóirí eile an AE, a chosaint’*.

¹⁸ Chinn an tÚdarás gan atreorú ar ais go hÉirinn ar an gcumasc seo a iarraidh de réir an ECMR. Tá fáthanna an chinnidh seo leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil 2006.

Athbheithnithe an Choimisiúin Eorpaigh ar Nósanna Imeachta agus Fógraí

Bhí an tÚdarás Iomaíochta páirteach i roinnt cruinnithe saineolaithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cumaisc agus ina measc bhí cruinnithe a rinne scrúdú orthu seo a leanas:

- Fógraí Dlínisiúil Comhdhlúite an Choimisiúin (rinneadh suíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta a oiriúnú chun tionchar na dtreoirlínte nua a léiriú); agus
- Treoirlínte an Choimisiúin maidir le measúnú na gcumasc neamh-chothromaigh de réir Rialachán na Comhairle ar rialú comhchruinnithe idir ghnóthais.

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE)

D'ullmhaigh Rannóg na gCumasc moltaí do Chomhchéimeanna an ECFE ar éifeachtúlachtaí dinimiciúla in anailís chumaisc agus ar bhainistíocht cásanna coimpléascacha cumaisc: conas is féidir le gníomhaireachtaí déileáil le hanailís sonraí coimpléascacha, suirbhéanna agus staidéir mhargaidh, agus an saineolas riachtanach a fháil do cheisteanna substaintiúla coimpléascacha.

NÓSANNA IMEACHTA CUMASC IN ÉIRINN (AN TACHT IOMAÍOCHTA, 2002)

Tástáil Cumaisc: Iomaíochta Laghdú go Substainteach

Baintear úsáid as an tástáil seo chun a bheartú cibé acu an cóir cumasc a cheadú nó nach cóir bunaithe ar an ndéanfaidh sé iomaíochta a laghdú go substainteach (*'substantially lessen competition'*) sa mhargadh earraí agus seirbhísí sa Stát. Baintear úsáid as an tástáil seo sa Bhreatain, agus ghlac an Coimisiún Eorpach le leagan cosúil leis le déanaí. Dírionn an tástáil seo ar an gcaoi a rachaidh idirbheart i gcion ar iomaíocht agus ar thomhaltóirí, agus air sin amháin.

Tairseacha Fógra

Déantar na tairseacha fógra a ríomh ó láimhdeachas na cuideachta. Ní mór don dá ghnóthas láimhdeachas bliantúil domhanda de €40 milliún sa bhliain a bheith acu. Ní mór don dá chuideachta a ngnó a bheith á reáchtáil acu ar oileán na hÉireann, agus ní mór do chuideachta amháin €40 milliún a bheith á ghiniúint aici sa Stát. Má shroictear na tairseacha seo, caithfear an cumasc beartaithe a chur i bhfios don Údarás.

Cumaisc faoi bhun na dtairseach

D'fhéadfadh tionchair fhrithiomaíocha a bheith ag cumaisc atá faoi bhun na dtairseach seo a bheadh díobhálach do thomhaltóirí. Ligeann an tAcht Iomaíochta, 2002, na cumaisc seo a chur i bhfios don Údarás Iomaíochta go toilteanach, le cinnteacht dhlíthiúil a bhaint amach. Cuid den chúis atá leis seo ná go bhfuil cumaisc faoi bhun na dtairseach fós faoi réir bearta feidhmiúcháin faoi Ailt 4 agus 5 den Acht, agus rinne an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú ar na hidirbhearta sin.

Cumaisc a bhfuil acu le gnó sna meáin cumarsáide

Caithfear cumaisc a bhfuil baint ag, ar a laghad, dhá cheann de na gnóthais i gceist le gnó sna meáin chumarsáide sa Stáit, nó a bhfuil baint ag, ar a laghad, ceann amháin de na gnóthais i gceist le gnó sna meáin cumarsáide sa Stáit agus baint ag, ar a laghad, ceann amháin eile de na gnóthais i gceist le gnó sna meáin cumarsáide in áit éigin eile, a chur i bhfios don Údarás Iomaíochta seo, in ainneoin láimhdeachas na ngnóthais atá i gceist. Tá sainmhíniú measartha leathan ag an Údarás Iomaíochta ar cad is gnó sna meáin ann, lena n-áirítear gnó a bhfuil leas aige i nuachtáin, raidió, teilifís agus ardáin chraolacháin, mar shampla. Chomh maith leis sin, sonraíonn an tAcht Iomaíochta gur féidir leis an Aire cumasc a thoirmeasc ar mhaithe le leas an phobail, fiú amháin má cheadaigh an tÚdarás Iomaíochta é.

Réamh-Imscrúdú (Céim 1)

Is é atá i gCéim 1 ná scrúdú tosaigh míosa ar an gcumasc agus de ghnáth is leor é chun cumasc a cheadú. Is féidir síneadh a chur leis an tréimhse mhíosa seo nuair a iarrann an tÚdarás Iomaíochta go foirmiúil go gcuirfeadh na páirtithe eolas breise ar fáil nó nuair a chuireann na páirtithe moltaí isteach le bearta sonracha a ceapadh chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní a chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl. Ceadaíodh tuairim is 95% de na cumaisc i gCéim 1, ar cumaisc iad a cuireadh i bhfios don Údarás in 2007.

Imscrúdú iomlán (Céim 2)

Féadfaidh an tÚdarás lomaíochta imscrúdú iomlán a dhéanamh (imscrúdú Céim 2) mura bhfuil sé ábalta a chinneadh, tar éis dó an réamhscrúdú a dhéanamh, cibé acu an eascródh laghdú substainteach ar iomaíocht (*'substantially lessening of competition'*) as an gcumasc. Is é atá i gCéim 2 ná tréimhse thrí mhí eile ina ndéantar scrúdú sonrach ar idirbheart agus ar an margadh/na margaí ina bhfuil na páirtithe ag feidhmiú.

Measúnú

Le linn Chéim 2 den imscrúdú, má tá cúiseanna imní tromchúiseacha ag Rannóg na gCumasc san Údarás lomaíochta, d'fhéadfadh sé Measúnú i scríbhinn ar an idirbheart a sheoladh chuig na páirtithe le linn na tréimhse. Leagann sé seo amach cúiseanna imní Rannóg na gCumasc, agus ligeann sé dóibh iad a fhreagairt.

Ceadú ar chumasc mheáin ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

I gcás cumaisc mheáin, má cheadaíonn an tÚdarás lomaíochta cumasc ag Céim 1, seoltar é ar aghaidh chuig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus tá 10 lá ag an Aire a chinneadh an dteastaíonn uaidh iarraidh ar an Údarás lomaíochta imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh. Nuair a cheadaíonn an tÚdarás lomaíochta cumasc meáin tar éis imscrúdú Céim 2 a dhéanamh, tá 30 lá ag an Aire chun an cumasc a cheadú le coinníollacha ag gabháil leis, nó an cumasc a thoirmeasc.

Ní bhaineann cinneadh an Aire le critéir iomaíochta, ach baineann sé le forais a bhaineann le leas an phobail mar atá sonraithe san Acht lomaíochta (ar a dtugtar *'relevant criteria'*). I measc na gcritéir ábhartha tá nithe mar seo a leanas: éagsúlacht úinéireacht, neart na meán dúchasach agus trasúinéireacht i bhfoirmeacha éagsúla sna meáin.

Achomharc chun na gCúirteanna

Má dhéantar cumasc a thoirmeasc, tá mí amháin ag na páirtithe a chinneadh an dteastaíonn uatha achomharc iomlán a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte nó nach dteastaíonn. Má dhéanann na páirtithe achomharc, cinnfidh an Chúirt cibé acu an bhfuil bonn cirt le cinneadh an Údaráis lomaíochta nó nach bhfuil.

Ról Rannóg na gCumasc san Údarás lomaíochta

An príomhról atá ag Rannóg na gCumasc ná dul i mbun a thaisc dhlíthiúil – is é sin athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí agus cinntí a dhéanamh maidir le cumaisc a cuirtear i bhfios don Údarás laistigh de thréimhse ama shainithe. Chomh maith leis sin, déanann Rannóg na gCumasc imscrúdú ar chumaisc atá faoi bhun na dtairseach infhógartha faoi Ailt 4 agus 5 den Acht lomaíochta 2002. Tá sé mar ionadaí na hÉireann, freisin, ag cruinnithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cásanna cumaisc agus polasaí cumaisc.

Seo a leanas na poist atá ann i Rannóg na gCumasc: Stiúrthóir, Bainisteoir Rannóige agus ceithre Oifigeach Cásanna.

Cothú na hlomaíochta in Éirinn

Sa bhreis ar a fheidhmeanna um fhorfheidhmiú dlí agus rialú cumais, tá sé de dhualgas ar an Údarás Iomaíochta an iomaíocht a chothú san eacnamaíocht ar bhealaí éagsúla:

- Tionchair na ndlíthe nó na gcleachtas riaracháin reatha ar an iomaíocht a aithint agus chur faoi thrácht;
- Comhairle a chur ar an Rialtas agus ar a chuid Airí faoi na himpleachtaí a bheadh ag reachtaíocht nó rialachán atá beartaithe ar an iomaíocht;
- Staidéar a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an iomaíocht san eacnamaíocht agus poiblíocht a dhéanamh air; agus
- Comhairle agus faisnéis a thabhairt don phobal i gcoitinne, agus do na húdaráis phoiblí, faoi shaincheisteanna iomaíochta.

3.1 Sriantha Poiblí ar ann Iomaíocht a Aithint

Lean an tÚdarás Iomaíochta ar aghaidh sa bhliain 2007 ag ardú feasachta agus ag éileamh go mbainfí amach dlíthe agus rialacháin frithiomaíochta. Is féidir le sriantha poiblí ar iomaíocht iad féin a chur in iúl ar a lán bealaí éagsúla a bhíonn caolchúiseach go minic. Níl i sriantha iomarcacha ar iontráil i ngnó nó i ngairm, i reachtaíocht a bhronnadh cearta monaplachta ar chuideachta ar leith, agus i dtoirmisc ar fhógraíocht ach roinnt samplaí de sriantha poiblí ar shaoirse tráchtála ar an tsaoirse tráchtála chun iomaíocht a dhéanamh ar son chustam na dtomhaltóirí ar théarmaí cothroma. Is féidir iad a idirdhealú ó sriantha príobháideacha a bhaineann níos mó le feidhmeanna forfheidhmiúcháin agus cumais an Údaráis Iomaíochta. Bíonn an toradh deiridh céanna orthu áfach, luach airgid níos lú agus rogha níos lú do na tomhaltóirí.

Tá liosta iomlán de na haighneachtaí foirmiúla a rinne an tÚdarás Iomaíochta i rith na bliana 2007 ar fáil in Aguisín C. Áirítear ina measc aighneachtaí a rinneadh le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí Stáit mar fhreagra ar phróisis chomhairliúcháin phoiblí. Rinne an tÚdarás aighneacht chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis mar shampla faoina *Athbhreithniú ar Iompar Eiticiúil*, agus chuig an Aonad Náisiúnta um Beartas Soláthair maidir le rochtain fhiontair bheaga agus mheánacha ar sholáthar poiblí a fheabhsú. Tá aighneachtaí ar fáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie. Tá achoimre imlíneach d'aighneacht an Údaráis chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis ar fáil thíos.

Tá sé riachtanach deireadh a chur le húinéireacht BSL ar chóras tarchur leictreachais chun iomaíocht a chinntiú

Cuireann an tÚdarás Iomaíochta fáilte roimh na moltaí atá imlínithe ag an Rialtas i leith athchóiriú an mhargaidh leictreachais atá imlínithe sa Pháipéar Bán Fuinnimh mar an chéad chéim loighciúil eile i dtreo margadh leictreachais fíor-iomaíoch.

Cuirtear fáilte ar leith roimh an moladh gur cheart úinéireacht an chórais tarchuir leictreachais a aistriú ón BSL go dtí an comhlacht neamhspleách stáit Eirgrid.

‘Tá sé rithábhachtach úinéireacht an chórais tarchuir leictreachais a aistriú ón BSL chun fíor-iomaíocht a spreagadh i nginiúint leictreachais in Éirinn’ a dúirt Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta, an tUasal Bill Prasifka.

Is é beartas an rialtais le fada é go mbeadh iomaíocht i nginiúint leictreachais. Tá an BSL tiomanta don bheartas seo agus mar sin tá sé aontaithe aige stáisiúin ginte a chur de agus a sciar den mhargadh a laghdú ionas go mbeadh iomaíocht ann i nginiúint leictreachais. Ach ní éireoidh leis an iomaíocht i nginiúint leictreachais mura scartar an líonra tarchuir leictreachais amach ón BSL.

Is é an BSL an fórsa ceannasach i nginiúint leictreachais agus i soláthar leictreachais do theaghlaigh in Éirinn i gcónaí. Níl sé réadúil a bheith ag súil go mbeidh iomaíocht sa mhargadh seo má fhanann an BSL mar ghnólacht ceannasach agus mar úinéir ar áis chomh riachtanach leis an ngréasán tarchuir.

‘Tá sé rithábhachtach go mbeadh fíor-iomaíocht in Éirinn i nginiúint leictreachais, seachas iomaíocht dhealraitheach’, arsa an tUasal Prasifka mar fhocal scoir.

Aighneacht chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis: Athbhreithniú ar Threoir um Iompar Eiticiúil (6ú hEagrán)

I mí Dheireadh Fómhair 2007, chuir an tÚdarás Iomaíochta aighneacht chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis mar chuid dá athbhreithniú ar an eagrán reatha den *Treoir um Iompar Eiticiúil* (an ‘Treoir’).

Go bunúsach is tacar de phrionsabail eiticiúla é an Treoir nach mór do dhochtúirí a chur i bhfeidhm sna cúinsí cliniciúla ina n-oibríonn siad. Ina aighneacht, léirigh an tÚdarás Iomaíochta a thuairim nár chóir do threoirlínte eiticiúla rósrianadh, a dhéanfadh aimhleas tomhaltóirí agus othar, a dhéanamh ar iomaíocht. Go deimhin is féidir le hiompar agus le hiomaíocht eiticiúil a chéile a chomhlánú go hiomlán agus leas na dtomhaltóirí a dhéanamh le chéile.

Mhol an tÚdarás Iomaíochta go ndéanfaí cuid de na treoirlínte reatha a leasú mar gurb é a thuairim go bhfuil cur isteach gan ghá á dhéanamh acu ar iomaíocht seachas freastal ar chúramaí eiticiúla. Rinneadh moltaí sonracha i dtrí phríomhréimse san aighneacht:

- **Fógraíocht:** Ba chóir don Treoir athchóirithe na treoirlínte reatha a shrianann fógraíocht dochtúirí a léirscaoileadh. Tá toimhde láidir in aghaidh fógraíochta agus in aghaidh iomaíochta idir dochtúirí sa Treoir reatha. Mar shampla luann treoirlíne 4.3: nach bhfuil féinfhógraíocht, ná poibliocht chun iomrá gairmiúil a bhreisiú nó a chur chun cinn ar mhaithe le hothair a mhealladh, inghlactha (*‘self-advertisement, or publicity to enhance or promote a professional reputation for the purpose of attracting patients, is unacceptable.’*)
- **Ordú Oidis:** Ba chóir do na treoirlínte tacaíocht níos soiléire a thabhairt d’ordú chógaisí cineálacha, a fhad is go sásaíonn cógas cineálach na caighdeáin riachtanacha. Mhol an tÚdarás chomh maith gur chóir do Chomhairle na nDochtúirí Leighis a threoir maidir le leasa airgeadais dochtúirí i gcuideachtaí cógaisíochta a leasú.
- **Atreoruithe:** Tá an iomarca béime ar dhochtúir teaghlaigh a bheith páirteach i ngach atreorú sa toimhde reatha agus ní gá gurb é is fearr do leas na n-othar.

3.2 Comhairle faoi Reachtaíocht Bheartaithe agus faoi Shaincheistanna Rialacháin agus Iomaíochta

Cuireann an tÚdarás Iomaíochta comhairle go rialta ar Ranna agus ar ghníomhaireachtaí Rialtais maidir le haon tionchar a bheadh ag reachtaíocht nó ag bearta nua beartais atá á mbreithniú ar an iomaíocht. Tugann an tAcht Iomaíochta, 2002, feidhm shainiúil don Údarás Iomaíochta: comhairle a chur ar an Rialtas, ar Airí agus ar Airí Stáit faoi na himpleachtaí a bheadh ag reachtaíocht atá beartaithe ar an iomaíocht. Agus an fheidhm seo á chomhlíonadh aige déanann an tÚdarás Iomaíochta iarracht béim a cur ar cheistanna iomaíochta agus teacht roimh aon iarmhairtí diúltacha a bheadh iontu do thomhaltóirí.

Chomh maith le haighneachtaí foirmiúla a dhéanamh agus tuairimí a thabhairt faoi dhréachtreachtaíocht ar leith, cuireann an tÚdarás Iomaíochta comhairle ar fáil do Ranna Rialtais agus do ghníomhaireachtaí poiblí ar bhealaí eile agus i bhformáidí éagsúla ar nós cruinnithe, cumarsáid scríofa nó cumasc den dá bhealach. I 2007 chuir an tÚdarás Iomaíochta comhairle ar Ranna Rialtais agus ar chomhlachtaí poiblí faoi 27 saincheist i réimse leathan de na hearnálacha eacnamaíochta, lena n-áirítear mar shampla:

- Chuir an tÚdarás Iomaíochta comhairle ar Údarás Rialála na Seirbhísí Maoine faoina Chód Iompair do Ghníomhairí eastáit agus do cheantálaithe le cinntiú nach mbeadh rialacha frithiomaíochta neamhbheartaithe áirithe ann;
- Bhuail an tÚdarás Iomaíochta le Coimisiún Craoltóireachta na hÉireann chun samhlacha féideartha don Teilifís Dhigiteach Trastíre in Éirinn a phlé;
- Chuaigh an tÚdarás Iomaíochta i gcomhairle le comhairleoirí Chumann Cógaisíochta na hÉireann, PWC, maidir leis na táillí clárúcháin cuí a shocrú do chóigiseoirí faoin Acht Cógaisíochta, 2007.

Bhí baill foirne an Údaráis Iomaíochta rannpháirteach freisin in obair na ngrúpaí seachtracha oibre seo a leanas:

- Grúpa Comhairliúchán na Seirbhísí (*Forfás*); agus
- An Painéal Comhairleach Beartais um Shláinte Béil
(*An Roinn Sláinte agus Leanaí*)

1.3 Staidéar ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Iomaíocht in Earnálacha ar Leith

Staidéar ar Ghairmeacha

Le blianta beaga anuas bhí an tÚdarás Iomaíochta rannpháirteach i sraith de mhórstaidéir ar an Iomaíocht i Seirbhísí Gairmiúla, agus rinneadh scrúdú ar ocht ngairm dhifriúla. Teastaíonn ón Údarás Iomaíochta iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an iomaíocht sna gairmeacha atá i gceist, agus iompar a chuireann bac ar iomaíocht a aithint, cé nach gá gur sáraíonn siad an dlí iomaíochta. Scrúdaíonn an tÚdarás Iomaíochta rialacháin agus cleachtais a d'fhéadfadh srian a chur ar iomaíocht sna gairmeacha seo, agus déanann sé iarracht srianta frithiomaíochta a chealú nó a athchur.

D'fhoilsigh an tÚdarás an cúigiú tuarascáil dá chuid sa tsraith seo sa bhliain 2007, faoi ghairm na fiaclóireachta. Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie. Cuireadh tús leis an obair chomh maith ar thuarascálacha faoi na gairmeacha tréidliachta agus míochaine, agus leanfar ar aghaidh leo sa bhliain 2008.

Tuarascáil na bhFioclóirí

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuarascáil faoi shaincheisteanna iomaíochta a bhaineann le gairm na fiaclóireachta ar an 3 Deireadh Fómhair 2007. Fuair an tÚdarás amach go bhfuil an iomaíocht i seirbhísí fiaclóireachta srianta ag córas rialacháin atá as dáta. Áirítear i measc príomhthorthaí na tuarascála:

- Níl cead ag fiaclóirí a bpraghsanna a fhógairt;
- Níl cead ag fiaclóirí lascaine a thairiscint;
- Ní cheadaítear d'fhiaclóirí canbhasáil a dhéanamh ar chustaiméirí a chéile;
- Ní bhíonn sé de rogha ag custaiméirí in Éirinn dul díreach chuig sláinteolaithe cáilithe déadacha ná chuid teicneoirí cliniúla déadacha chun seirbhísí sláinteachais déadacha agus déadchíortha faoi seach a fháil;
- Níl líon na bhfiaclóirí agus na n-ortandóirí atá á n-oiliúint in Éirinn ar aonchéim leis an bhfás ar éileamh.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta 12 mholadh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna iomaíochta a aithníodh. Má chuirtear na moltaí seo i bhfeidhm beidh córas nua-aimseartha rialacháin ann:

- Beidh tomhaltóirí ar an eolas faoi phraghas na seirbhísí déadacha;
- Beidh tomhaltóirí ar an eolas faoina dteidlíochtaí agus faoi infhaighteacht na seirbhísí ina gceantar féin;
- Beidh rogha níos mó ag tomhaltóirí maidir le soláthraithe seirbhísí déadacha;
- Beidh soláthar sásúil fiaclóirí agus ortandóirí ann;
- Beidh leas an phobail i gcroílár na rialachán reachtúil.

Tá na moltaí deartha chun iomaíocht a chothú agus a bhreisiú i seirbhísí déadacha ionas go bhfaighidh tomhaltóirí luach airgid agus go dtabharfar cosaint ag an am céanna dá sláinte agus dá sábháilteacht.

Staidéar ar Mhargadh an Árachais Sláinte Phríobháidigh

Sa bhliain 2006, d'iarr an tAire Sláinte agus Leanaí ar an Údarás Iomaíochta agus ar an Údarás um Árachas Sláinte tuarascáil a thabhairt faoi *'bearta breise chun iomaíocht a spreagadh i margadh an árachais shláinte agus an straitéis nó na straitéisí a d'fhéadfai a ghlacadh chun cothromaíocht níos mó a chruthú sa sciar den mhargadh atá ag árachóirí atá ag iomaíocht le chéile'*.

Thuairiscigh an tÚdarás Iomaíochta a chuid torthaí don Aire Sláinte agus Leanaí i mí Eanáir 2007 agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil ar an 13 Feabhra 2007. Rinne an tÚdarás 16 mholadh ina thuarascáil chun iomaíocht a chothú i margadh an árachais shláinte phríobháidigh in Éirinn, agus iad seo a leanas san áireamh:

- Ba chóir deireadh a chur chomh luath agus is féidir le díolúine VHI Healthcare ó rialúchán stuamachta ionad go mbeidh sé faoi réir ag na rialacháin leachtachta dlíthiúla agus ag na rialacha corparáideacha struchtúir céanna atá i bhfeidhm d'árachóirí sláinte eile in Éirinn;
- Ba chóir pacáiste beart a thabhairt isteach chun faisnéis úsáideach thráthúil a sholáthar do thomhaltóirí le cur ar a gcumas táirgí malartacha árachas sláinte príobháideach a mheas, agus chun feasacht na dtomhaltóirí faoi chomh héasca agus atá sé athrú idir árachóirí sláinte a chur chun cinn;
- Ba chóir do VHI Healthcare éirí as an gcleachtas a *Árachas Taistil Iturais* a chealú nuair a athraíonn a chuid ball go hárachóir eile sláinte;
- Ba chóir na *Rialacháin Íos-sochair* a nuachóiriú agus ba chóir go mbeadh cead ag an Údarás um Árachas Sláinte pleananna teoranta cumhdaigh a cheadú, ionas go mbeadh níos mó nuála sa mhargadh; agus
- Ba chóir cumhachtaí níos leithne a thabhairt don Údarás um Árachas Sláinte chun na hAchtanna Árachas Sláinte a fhorfheidhmiú agus ba chóir feidhm chothú leas na dtomhaltóirí a tharmligean chuige go foirmiúil.

Bhí an Bille um Árachas Sláinte Saorálach (leasú), 2007, os comhair an Oireachtais agus é seo á scríobh, agus táthar ag súil go ndéanfar dlí de 2008. Is é cuspóir an Bhille seo an tslí a ndéanann Vhi Healthcare a chroígnó – árachas sláinte príobháideach a dhíol – a athrú, chomh maith le gníomhaíochtaí coimhdeacha ar bith eile ina mbíonn sé rannpháirteach. I measc nithe eile, d'éileodh an Bille ar Vhi Healthcare fochuideachtaí a bhunú chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh. Chuirfeadh sé deireadh chomh maith leis an dualgas atá ar Vhi Healthcare fógra a thabhairt don Aire Sláinte agus Leanaí faoi aon arduithe préimhe a bheadh beartaithe. Chomh maith leis sin, leagfadh an Bille riachtanais áirithe sócmhainneachta ar Vhi Healthcare agus chuirfeadh de dhualgas air a fhigiúirí faoina sciar den mhargadh a chur in iúl don

Údarás Iomaíochta faoi dhó sa bhliain. D'fhorfheidhmeodh an Bille, go hiomlán nó i bpáirt, trí chinn de na moltaí is tábhachtaí atá i dTuarascáil an Údaráis Iomaíochta.

3.4 Feasacht faoin Iomaíocht a Mhéadú

Leanann an tÚdarás Iomaíocht ar aghaidh lena iarrachtaí chun feasacht faoi ról dearfach na hiomaíochta a mhéadú. Ar mhodhanna éagsúla, cothaíonn Comhaltaí agus baill foirne an Údaráis Iomaíochta feasacht faoi ról na hiomaíochta in eacnamaíocht na hÉireann agus leanann sé de bheith ag tarraingt airde ar fhadhbanna sonracha aitheanta. I measc na mbealaí a úsáidtear chun feasacht a mhéadú tá deiseanna cainte poiblí, óstaíocht ar sheimineáir, láithriúcháin a dhéanamh ag comhdhálacha agus tríd na meáin, mar shampla thug Comhaltaí agus baill foirne an Údaráis Iomaíochta roinnt agallamh sna meáin i gcomhar le foilsíú na dtuarascálacha a foilsíodh i 2007.

Thug comhaltaí agus baill foirne óráidí ag láithriúcháin faoi ábhair eile do réimse leathan de lucht éisteachta i rith 2007. Tá liosta iomlán de na hóráidí agus na láithriúcháin a rinne Comhaltaí agus baill foirne in Aguisín D.

Leanadh ar aghaidh le Sraith Seimineár an Údaráis Iomaíochta, a seoladh sa bhliain 2005 chun tuiscint níos fearr faoi cheisteanna reatha sa dlí agus san eacnamaíocht iomaíochta, sa bhliain 2007. Déanann an tÚdarás Iomaíochta óstaíocht ar sheimineáir phoiblí le liosta d'aoichainteoirí oirce Éireannacha agus idirnáisiúnta. Tá sonraí na seimineár a tionóladh sa bhliain 2007 ar fáil thíos.

TÁBLA 3.1**SRAITH SEIMINEÁR AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA 2007**

Dáta	Cainteoirí	Teideal
21 Feabhra 2007	Herbert Ungerer agus Jolanka Fisher	<i>Promoting Competition in Electricity Markets in Small Economies</i>
10 Bealtaine 2007	Miguel de la Mano, Paul Gorecki agus Gerald FitzGerald	<i>Assessing Non-horizontal Mergers</i>
27 Meán Fómhair 2007	Ingrid Gubbay, David McFadden, Dermott Jewell agus Rosaleen Byrne	<i>Consumer Actions for Damages for Anti-competitive Violations: UK experience and prospects in Ireland</i>
22 Samhain 2007	William Prasifka, John Fingleton agus Ann Fitzgerald	<i>Interface between Competition Policy and Consumer Policy: Issues in UK and Ireland</i>

3.5 Cur i Láthair do Choistí Oireachtais

Bhuail Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta le Comhchoiste Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha an Oireachtais ar an 10 Eanáir 2007 chun an Bille Craoltóireacht molta, 2007 a phlé, go háirithe maidir le riachtanais an chraoltóra poiblí maidir le fógraíocht agus urraíocht.

Bhuail an Cathaoirleach chomh maith le Comhchoiste Fiontraíochta agus Gnólachtaí Beaga an Oireachtais ar an 21 Feabhra 2007 chun léargas a thabhairt ar bhearta chun iomaíocht a fheabhsú in árachas sláinte príobháideach mar atá imlínithe i dtuarascáil an Údaráis Iomaíochta faoin iomaíocht sa mhargadh sin.

Mar ábhar ar leith, bhuail an Cathaoirleach leis an gCoiste céanna ar an 21 Feabhra 2007 chun a bharúil a thabhairt faoi athruithe i bpraghsanna grósaera tar éis don Ordú Grósaeirí a bheith cealaithe. Thug an Cathaoirleach léargas chomh maith faoi thionscadal monatóireachta grósaeirí atá faofa ag an Údarás a thabharfadh miontuairisc ar struchtúr na ndeighleog miondíola agus mórdhíola san earnáil ghrósaerachta, a thuairisceodh cleachtais gnó na hearnála agus a dhéanfadh iniúchadh ar bhacainní ar iontráil agus ar leathnú.

3.6 Tuarascálacha agus Moltaí an Údaráis Iomaíochta roimhe seo

Mar chuid dá fheidhm aighneachta, cuireann an tÚdarás Iomaíochta comhairle ar fáil go leanúnach, tacaíonn le hathrú agus déanann moltaí le Ranna Rialtais agus le gníomhaíochta trína rannpháirtíocht sna próisis chomhairliúcháin phoiblí, mar fhreagra ar éilimh ar chomhairle, tar éis faisnéis a fháil ó ghnó nó ó thomhaltóir cásmhar nó trí staidéir fhoirmiúla ar an margadh.

Ó 1998 i leith, tá staidéir déanta ag an Údarás ar roinnt earnálacha éagsúla. Is é ról an Údaráis Iomaíochta staidéar a dhéanamh ar an margadh atá i gceist agus moltaí a dhéanamh ar bhonn a chuid torthaí. Tá moltaí an Údaráis deartha le bheith comhleanúnach le sé phrionsabal na ndeá-rialachán mar atá leagtha amach i bPáipéar Bán an Rialtais '*Rialáil Níos Fearr*'¹⁹.i. *riachtanas, éifeachtúlacht, comhréireacht, trédhearcacht, cuntasacht agus comhleanúnachas*. Níl an chumhacht ag an Údarás Iomaíochta féin chun athchóiriú a dhéanamh ar na hearnálacha a scrúdaíonn sé. Is ról é sin don Rialtas agus do na húdaráis phoiblí atá freagrach as gach earnáil a rialú.

Tá athruithe sásúla déanta le tamall anuas i réimsí éagsúla. Ina aighneacht chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i mí Iúil 2005, mhol an tÚdarás go gcuirfí an tOrdú Grósaeirí ar ceal, ag rá go bhfuil Éire ar cheann de na tíortha is daoire i gceantar an Euro chun siopadóireacht bhia a dhéanamh. Cuireadh an tOrdú Grósaeirí ar ceal i mí an Mhárta 2006.

¹⁹ Féach <http://www.betterregulation.ie/index.asp>

Tá roinnt de mholtaí an Údaráis maidir leis na hearnálacha Árachais, Baincéireachta agus Árachas Sláinte curtha i bhfeidhm nó curtha chun cinn. As 25 moladh a rinneadh sa staidéar Baincéireachta, tá 15 forfheidhmithe go dtí seo.

Tá moltaí an Údaráis Iomaíochta chun iomaíocht a fheabhsú i seirbhísí gairmiúla forfheidhmithe chomh maith, nó le cur i bhfeidhm. Mar shampla, d'fhorfheidhmigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil trí mholadh chun an córas rialúcháin a bhí molta d'aitirí a dhéanamh níos cuí.

Tá achoimre gearr thíos de thoradh na staidéar éagsúil foirmiúil a rinne an tÚdarás Iomaíochta ó 1998 i leith.

TUAIRISC (DÁTA)	MOLTAÍ & TORADH
Ceadúnú Deochanna Meisciúla (1998)	Cuireadh ceithre mholadh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Bhí na moltaí seo deartha le cinntiú nach gcuirfí ach saincheisteanna a bhaineann go díreach le toise sóisialta dhíol alcóil, ar nó oiriúnacht an iarratasóra agus an áitribh agus gealltanas do rialacháin dóiteáin agus sláinte agus sábháilteachta san áireamh nuair a bhíonn iarratas ar cheadúnas á mheas. Cuireadh moladh amháin, go mbainfí an ‘riail aon mhíle’ amach i bhfeidhm in Acht na nDeochanna Meisciúla, 2000.
Iompar (1999)	Roinneadh roinnt moltaí maidir le hathscruchtúró agus athrialú an mhargaidh iompar iarnróid agus busanna paisinéirí sa Stát. Mhol an tuarascáil go mbeadh an rialachán d’íosmhéid, comhréireach, nasctha le cuspóirí a bheadh sainmhínithe go soiléir agus lonnaithe chomh cóngarach agus is féidir don mhargadh atá le rialú. Tá sé curtha in iúl ag an Rialtas go bhfuil sé beartaithe aige margadh busanna Bhaile Átha Cliath a oscailt don iomaíocht.
Árachas (2005)	Bhí 47 moladh sa tuarascáil chuig an Rialóir Airgeadais (IFSRA) (36), an Roinn Iompair (4), an Roinn Airgeadais (1), Biúró Árachas Gluaisteán na hÉireann (4), an tSeirbhís Chúirteanna/An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (1) agus idirghabhálaithe árachais go ginearálta (1). Tá an Rialóir Airgeadais ag plé le 21 moladh agus pléifear le cinneadh eile i gcomhthéacs athbhreithniú na n-idirghabhálaithe.
Baincéireacht (2005)	Bhí 25 moladh don Rialóir Airgeadais (IFSRA) sa tuarascáil (3), don Roinn Airgeadais (6), d’Eagraíocht Seirbhísí Íocaíochta na hÉireann (IPSO) (10), do Chónaidhm Baincéirí na hÉireann (IBF) (4) agus na bainc (2). Tá 15 mholadh ar fad forfheidhmithe ag an Rialóir Airgeadais, ag an Roinn Airgeadais, an IBF, agus IPSO. Tá tabhairt isteach cóid aistrithe do chuntais reatha agus athruithe ar rialachas chórais íocaíochta na hÉireann áirithe ina measc seo.
An Margadh Árachais Phríobháidigh Sláinte (2007)	Rinne an tuarascáil 16 mholadh chun iomaíocht a chothú sa mhargadh árachais príobháidigh sláinte. Tá na moltaí deartha chun iomaíocht a spreagadh san árachas príobháideach sláinte, laistigh de theorannacha na gcomhpháirtíochta idir glúine, cibé slí ina dtagann éabhlóid ar an margadh. Tá dhá mholadh forfheidhmithe agus ocht gcinn curtha chun cinn.

GAIRMEACHA:

Innealtóirí (2004)	Fuair an tÚdarás lomaíochta amach go bhfuil an iomaíocht ag oibriú go maith agus ní dhearnadh ach dhá mholadh. Tá na moltaí a cuireadh chuige forfheidhmithe ag Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus níl gá le gníomh ar bith faoi láthair maidir leis na moltaí a cuireadh chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.
Ailtirí (2006)	Cuireadh 11 mholadh chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (6), Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) (2), an Cumann Dlí (1), Comhar-Árachas Chomhairlí Éireann Teo (1) agus an tÚdarás Ardoideachais (1). Rinne an tAire trí mholadh a fhorfheidhmiú chun an córas rialacháin a bhí molta d'ailtirí a dhéanamh níos cuí, trí leasuithe ar an Acht um Rialú Foirgníochta, 2007. D'fhorfheidhmigh an tÚdarás Ardoideachais agus an RIAI na moltaí a bhí dírithe orthu sular foilsíodh an tuarascáil deiridh.
Optaiméadraithe (2006)	Díríodh 5 mholadh ar an Aire Sláinte agus Leanaí (2), ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (1), ar Bhord na Radharceolaithe/Chumann Optaiméadraithe na hÉireann (1), agus ar an Údarás Ardoideachais (1). Tá an tÚdarás lomaíochta i mbun fiosraithe le fáil amach an bhfuil aon dul chun cinn déanta maidir lena chuid moltaí a fhorfheidhmiú.
Aturnaetha agus Abhcóidí (2006)	Bhí 29 moladh sa tuarascáil a bhí dírithe ar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (13), an Cumann Dlí (3), Comhairle Bharra na hÉireann (13) agus na Máistrí Fómhais agus na Cláraitheoirí Contae (2). D'fhorfheidhmigh an Chomhairle ceithre cinn de na moltaí sular foilsíodh an tuarascáil deiridh agus ceann eile ó shin. Tá Bille Seirbhíse Dlí cuimsitheach ag teastáil áfach chun am t-athchóiriú ó bhonn go barr atá molta sa tuarascáil seo a sholáthar. D'fhógair Uachtarán an Chumainn dlí i mí na Nollag 2007 go bhfuil aturnaetha i bhfabhar rialachán neamhspleách.
Fiaclóirí (2007)	Fuair an tÚdarás lomaíochta amach go bhfuil an iomaíocht i seirbhíse fiaclóireachta srianta ag córas rialúcháin atá as dáta. Díríodh 12 mholadh ar an gComhairle Fiaclóireachta, ar an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá na moltaí deartha chun iomaíocht a spreagadh agus a bhreisiú i seirbhíse fiaclóireachta ionas go bhfaighidh tomhaltóirí luach airgid agus go dtabharfar cosaint ag an am céanna dá sláinte agus dá sábháilteacht.

Déanann an tÚdarás Iomaíocht athbhreithniú leanúnach ar an dul chun cinn i leith fhorfheidhmiú na moltaí as a chuid staidéar. Mar chuid den athbhreithniú leanúnach seo, bíonn an tÚdarás i bpáirt leo sin a ndírítear na moltaí orthu le déanamh cinnte de go bhforfheidhmítear na moltaí.

RÓL NA RANNÓIGE AIGHNEACHTA SAN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Aithníonn an Rannóg Aighneachta na srianta poiblí atá ar iomaíocht, tacaíonn sé le hathchóiriú na srianta frithiomaíocha, agus cuireann sé ceapadh beartais ar son na hiomaíochta chun cinn mar a éilítear in Alt 30 den Acht Iomaíochta, 2002.

Is féidir le srianta poiblí ar iomaíocht eascairt as dlíthe, rialacháin nó cleachtas riaracháin. Tacaíonn an tÚdarás Iomaíochta le hathchóiriú nuair a bhíonn níos mó srianta ná mar is gá chun tomhaltóirí a chosaint ar iomaíocht, agus nuair a bhíonn tionchair dhiúltacha shrianadh na hiomaíochta níos mó ná mar is gá chun sprioc beartais phoiblí eile a bhaint amach.

Cuireann an Rannóg Aighneachta comhairle go rialta ar Ranna Rialtais agus ar ghníomhaireachtaí poiblí faoi thionchair na reachtaíochta atá beartaithe nó faoi athbhreithniú ar an iomaíocht, agus déanann sé moltaí chuig an Rialtas, a chuid Rann agus a ghníomhaireachtaí, faoi shrianta fhrithiomaíocha a aithnítear le linn Staidéir nó de bharr gearáin a fhaigheann an tÚdarás Iomaíochta.

Cuireann an tÚdarás Iomaíochta cás na hiomaíochta go ginearálta chun cinn, trí óráidí, láithriúcháin agus ionadaíocht.

AR CHÓIR DEIREADH A CHUR LE FÉINRIALÚCHÁN D'ATURNAETHA?

Ba chóir – Deir Declan Purcell nach féidir le duine ar bith ionadaíocht agus rialúchán a dhéanamh ar ghairm agus go bhfuil sé in am tús áite a thabhairt do na tomhaltóirí.

Déanann aturnaetha na hÉireann rialúchán orthu féin, le lánúdarás an dlí ag tacú leo. An mar sin is cóir dó a bheith? An mar sin a dhéantar rialúchán ar ghairmeacha eile? Nó an mar sin a dhéantar é in áiteanna eile? Ní hea an freagra i ngach cás.

Tá córais dhlíthiúla i ndlíní eile cosúil lenár gcóras féin – Sasana agus an Bhreatain Bheag, an Astráil agus an Nua-Shéalainn – ach chuaigh siad ar aghaidh ó fhéinrialúchán go maoirseacht neamhspleách. Tá treocht i leith rialúchán neamhspleách reachtúil in Éirinn freisin. Tá rialtóirí neamhspleácha reachtúla ag na gairmeacha míochaine agus cógaisíochta in Éirinn, a bhuíochas le reachtaíocht an rialtais. Mar atá ag fiacloireacht. Agus baincéireacht. Agus Árachas Príobháideach sláinte. Agus ní hé sin deireadh an liosta.

An gairm uathúil speisialta é an dlí mar sin, é os cionn gach gairme eile ina mhian chun a ghnóthaí féin a reachtáil? Ní hea – cruthaítear an iomarca féidearthachtaí coimhlint leasa sa seanchóras atharthaíoch a chuireann muinín i ngairm chun tomhaltóirí a chosaint. Tá sé in am é sin a aithint, agus an chumhacht chun gnóthaí aturnaetha a rialú a bhaint díobh.

Is é gnó ceart an Chumainn Dlí a bheith ina chomhlacht ionadaíoch d'aturnaetha, feidhmiú ar son leas na n-aturnaetha. Is é an gnó a bheadh ag rialtóirí neamhspleách, ar an taobh eile de, feidhmiú ar son leas na dtomhaltóirí agus leas an phobail. Bíonn na ról ionadaíoch agus rialúcháin ag teacht salachar a chéile go minic agus an tomhaltóir thíos leis. Tá níos mó fianaise ann anois go bhfuil go leor aturnaetha den bharúil seo freisin. Mar a dúirt aturnaí iomráiteach amháin le déanaí, *'Ní dóigh liom gur féidir leis an gCumann Dlí marcaíocht ar dhá chapall i bhfad eile'*.

Féachaimis ar shamplaí praiticiúla den choimhlint seo.

1. Caitheann an Cumann Dlí suimeanna ollmhóra ar fheachtais fógraíochta chun tú a spreagadh chun aturnaí a fhostú ach is beag a chaitear ar fheasacht an tomhaltóra faoi do chearta a chothú nuair a bhíonn tú ag déileáil le haturnaí.
2. Tá stocaireacht déanta ag an gCumann Dlí chun a mhonaplacht ar thíolacadh a choinneáil, in ainneoin na mbuntáistí soiléire a bheadh ann don tomhaltóir dá n-osclófaí an margadh seo.
3. Choinnigh an Cumann Dlí a mhonaplacht ar oiliúint aturnaetha trí dhiúltú do threoirlínte a fhoilsíú a chuirfeadh ar chumas scoileanna eile (m.sh. ollscoileanna) é seo a sholáthar.
4. Theip ar an gCumann Dlí feidhmiú go héifeachtúil i gcoinne mí-úsáidí aitheanta leanúnacha ag aturnaetha, ag fanacht ina ionad sin go dtí go mbíonn scannal ann – agus is iomaí scannal a bhí ann le blianta beaga anuas.

Ní féidir feidhmeanna rialúcháin agus ionadaíochta a chur le chéile in aon eagraíocht amháin, an Cumann Dlí sa chás seo. Ní oibríonn sé. Ní spreagann sé muinín an tomhaltóra ná an phobail.

Chun na coimhlintí seo a réiteach, ní mór dúinn coimisiún seirbhísí dlí atá neamhspleách go hiomlán a bhunú, le tacaíocht reachtaíochta, agus na cumhachtaí seo aige: a dheimhniú conas, agus cé uaidh, ba cheart d'aturnaetha a gcuid oiliúna a fháil; caighdeáin chearta eiticiúla agus iompair a leagan síos; gníomhaíochta aturnaetha a iniúchadh; agus pionós bríoch comhréireach a chur i bhfeidhm i gcás aon éagóra.

Chuirfeadh coimisiún neamhspleách mar seo leasa an tomhaltóra chun cinn agus chuirfeadh sé faisnéis ar fáil don tomhaltóir, ar a dhéanann an Rialtóir Airgeadais.

D'fhéadfadh ionadaithe uathu siúd atá á rialú aige a bheith ar choimisiún neamhspleách, ach is é an rud atá tábhachtach ná nach mbeadh smacht acu ar an gcóras. Ní mór fáilte a chur roimh na hathchóirithe atá beartaithe ag an Rialtas i leith gearáin dlí agus costais dlí, ach ní théann siad fada go leor. Tá gá le rialúchán neamhspleách chun muinín an phobail a athbhunú.

Tá aturnaetha i Sasana agus sa Bhreatain Bheag ag aontú anois le ról rialacháin agus ionadaíochta a roinnt óna chéile, agus rialtóir neamhspleách a chruthú. Ba chóir dá gcomhghleacaithe anseo an rud céanna a dhéanamh; mura ndéanann, ba chóir don Rialtas an cinneadh a dhéanamh ar a son.

Maidir le cuntasacht phoiblí, ná bimis meallta ag éilimh go bhfuil rialúchán deiridh na n-aturnaetha faoin Ard-Chúirt. Cé go bhfuil ról ag Uachtarán na hArd-Chúirte maidir le smachtú deiridh aturnaetha aonair, i ndáiríre is iad na haturnaetha féin atá i gceannas ó thaobh rialúchán ghnóthaí na gairme.


Tá dúshraithe an fhéinrialúcháin ag titim as a chéile le blianta i ngairm na n-aturnaetha, agus fadhb i ndiaidh faidhbe ag teacht chun solais, agus liodán fada glórach gearán ag teacht leo. Níor chóir dúinn cloí níos mó ar gcóras féinrialúcháin míchlúiteach a bhfuil muinín cailte ag an bpobal ann le fada. Thar aon ghairm eile, bheifeá ag súil go mbeadh aturnaetha, a éilíonn go bhfuil ról chomh bunúsach sin acu i gcearta an tsaoránaigh a chosaint, in ann glacadh leis gur chóir rialúchán a dhéanamh orthu ar bhealach a spreagadh muinín an phobail – is é sin córas a bheadh neamhspleách orthu féin.

Ní hamháin go gcaithfear an ceart a dhéanamh, ach é a dhéanamh go follasach.

Tá Declan Power ina chomhalta den Údarás Iomaíochta agus ina stiúrthóir ar a Rannóg Tacaíochta

Seo aistriúchán ar alt a bhí san Irish Times ar dtús ar an Luan, an 12 Samhain, 2007 i '*Head 2 Head*' le Ken Murphy, Stiúrthóir Ginearálta Chumann Dlí na hÉireann. Léirigh torthaí pobalbhreithe ar líne an Irish Times faoin gceist '*Ar chóir deireadh a chur le féinrialúchán d'aturnaetha?*' go raibh 79% i bhfabhar deireadh a chur le féinrialúchán agus 21% ina choinne.

Ar chóir deireadh a chur le féinrialúchán d'aturnaetha?



Aistriúchán ar Alt atáirgthe le caoinchead ón Irish Times

Seirbhísí Beartais agus Corparáideacha

Airgeadas

Maoinítear an tÚdarás Iomaíochta le deontas bliantúil ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Sa bhliain 2007 fuair an tÚdarás Iomaíochta deontas de €6.1 milliún. Tá cuntais an Údaráis Iomaíochta faoi réir iniúchóireachta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ní dócha go mbeidh iniúchóireacht chuntas 2007 curtha i gcrích go dtí an dara ráithe de 2008. Ag am a scríofa seo áfach, bhí toradh caiteachais de €4.8 milliún neamhniúchta ann do 2007, atá cosúil go garbh leis an gcaiteachas sa bhliain 2006. D'éascair an caitheamh íseal den chuid is mó as folúntais éagsúla a bheith ann i rith na bliana.

Saoráil Faisnéise

Fuair an tÚdarás Iomaíochta cúig iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2007, trí cinn de bhreis ar 2006. Bhí nádúr neamhphearsanta ag gach ceann díobh. Rinneadh páirtcheadú ar thrí cinn de na hiarratais ach diúltaíodh rochtain ar roinnt cháipéisí agus diúltaíodh na hiarratais eile. I gcás ceann amháin de na hiarratais ina ndearnadh páirtcheadú ar rochtain ar cháipéisí agus i gcás ceann amháin de na hiarratais eile inar diúltaíodh rochtain, rinne na hiarratasóirí achomharc ar na cinntí. Seasadh leis an dá chinneadh tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh. Cé go n-eascraíonn leibhéal íseal na n-iarratas ar an Údarás Iomaíochta i bpáirt as an laghdú ginearálta ar iarratais shaoráil faisnéise ar chomhlachtaí poiblí, braitheann an tÚdarás Iomaíochta gur mar gheall ar a bheartas onnghníomhach oscailteachta agus trédhearachta, atá le feiceáil sa líon ollmhór cáipéisí ilghnéitheacha a fhoilsíonn sé, atá leibhéal íseal iarratas ann.

Earcaíocht

Déanann an tÚdarás Iomaíochta a chuid earcaíocht foirne féin. D'eagraigh an tÚdarás trí chomórtas earcaíochta poiblí sa bhliain 2007 agus rinne sé ocht gceapachán astu a d'éirigh as folúntais a tugadh ar aghaidh ó 2006 nó a tháinig chun cinn sa bhliain 2007. Mhéadaigh ráta athraithe na foirne san Údarás Iomaíochta sa bhliain 2007 i gcomórtas le blianta eile. D'fhág 13 dhuine a gcuid fostaíochta leis an Údarás Iomaíochta sa bhliain 2007, chuaigh ochtar acu isteach i gcomhlachtaí eile san earnáil phoiblí, ghlac beirt le fostaíocht san earnáil phríobháideach agus chuaigh beirt a bhí ar iasacht go sealadach ag an Údarás Iomaíochta ar ais go dtí na comhlachtaí poiblí as ar tháinig siad.

Ceangaltas Idirnáisiúnta

Tá an rannóg Beartais freagrach as ceangaltas idirnáisiúnta an Údaráis Iomaíochta a chomhordú.

An Líonra Iomaíochta Eorpach (ECN)

Bunaíodh an ECN ar bhonn Rialachán 1/2003, le cinntiú go gcuirtear dlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh (AE) i bhfeidhm go comhleanúnach i ngach Ballstát. Is é cuspóir an ECN creat éifeachtúil dlí a thógáil chun dúshlán a thabhairt do chuideachtaí a bhíonn rannpháirteach i gcleachtais gnó trasteorann frith-thomhaltóra a chuireann srian ar iomaíocht. Tá ballraíocht san ECN éigeantach do gach Ballstát.

I rith 2007, bhí an tÚdarás Iomaíochta gníomhach i dtrí chinn de cheithre Ghrúpa Oibre ECN agus i gcúig cinn de sheacht bhFoghrúpa Earnálach ECN a tháinig le chéile i rith na bliana chomh maith le bheith gníomhach sna Cruinnithe Iomlánacha, Stiúirthóir Ginearálta agus Saineolais uile. Chomh maith le gníomhaíochtaí an ECN, d'fhreastail an tÚdarás Iomaíochta ar Éisteachtaí Béil agus ar chruinnithe Coiste Comhairleach a bhain le sárú dhlí iomaíochta an AE.

Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE)

Le comhaontú rialtais tá Éire ina ball den ECFE. Cuireann an ECFE suíomh ar fáil don 30 ball-rialtas chun ceisteanna agus taithí eacnamaíocha, sóisialta agus rialachais a phlé. Feidhmíonn an ECFE chomh maith mar fhoinse neamhspleách do thaighde agus anailís bheartais. Tá an ECFE comhdhéanta de Choistí a dhíríonn ar réimse leathan de shaincheisteanna beartais. Is é an Coiste Iomaíochta an coiste atá freagrach as beartas iomaíochta.

Cothaíonn an Coiste Iomaíochta athchóiriú margadhbhunaithe trí spreagadh agus cúnamh gníomhach a thabhairt do chinnteoirí atá i rialtas chun dul i ngleic le cleachtais agus rialacháin frithiomaíocha. Freastalaíonn an tÚdarás Iomaíochta ar chruinnithe Choiste Iomaíochta an ECFE agus ar an dá pháirtí oibre a bhaineann leis: Páirtí Oibre 2 um Iomaíocht agus Rialúchán agus Páirtí Oibre 3 um Chomhoibriú agus Forfheidhmiúchán. Tagann an Coiste Iomaíochta agus na Páirtithe Oibre gaolmhara le chéile i bPáras trí huair sa bhliain; bíonn díospóireachtaí comhstádais faoi shaincheisteanna substaintiúla beartais ag na cruinnithe go rialta. Tugtar cuireadh do bhalltíortha aighneachtaí a dhéanamh roimh na cruinnithe comhstádais, agus foilsítear iad seo níos moille, mar aon le Tuarascáil Chúlra ag Rúnaireacht an ECFE agus sintéis den Díospóireacht.

I rith 2007, rinne an tÚdarás Iomaíochta dhá aighneacht comhstádais do Pháirtí Oibre 2 faoi Iomaíocht sa Ghairm Dlí agus Rialúchán agus Iomaíocht Tacsaithe. Rinne an tÚdarás Iomaíochta ceithre aighneacht comhstádais chuig Páirtí Oibre 3 faoi *Soláthar Poiblí: Conas Treoir Éifeachtúil thabhairt do lucht Gnó faoi Mhonaíocht/Mí-úsáid Ceannais; Gnéithe Féideartha ar son agus in Aghaidh na hIomaíochta atá ag Cumainn Trádála/Gnó; agus Bainistiú Cásanna Casta Cumaisc*. Rinne an tÚdarás Iomaíochta trí aighneacht chuig an gCoiste Iomaíochta faoi *Éifeachtúlachtaí Dinimiciúla i gCumaisc: Luacháil na nÚdarás Iomaíochta agus Diúltú Beartaíochta*. Thionóil Páirtí Oibre 3 clár lae iomláin le hIomchúisitheoirí Poiblí faoi Ghnóthaí Cairtéil; d'fhreastail an tÚdarás Iomaíochta agus beirt iomchúisitheoirí ón DPP agus ghlac siad páirt sa chruinniú.

Líonra Idirnáisiúnta Iomaíochta (ICN)

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina bhall den Líonra Idirnáisiúnta Iomaíochta (ICN). Is é cuspóir an ICN ionad speisialaithe neamhfhoirmiúil a sholáthar d'údaráis iomaíochta chun teagmháil rialta a choinneáil le chéile agus tabhairt faoi chúramaí praiticiúla iomaíochta. Tá Údarás Iomaíochta na hÉireann gníomhach i dtrí cinn de ghrúpaí oibre an líonra: An Grúpa Oibre Iompar Aontaobhach (UCWG), an Grúpa Oibre Cumaisc (MWG), agus an Grúpa Oibre Cairtéal (CWG). Bhí Údarás Iomaíochta na hÉireann ina shuí ar ghrúpa stiúrtha an ICN don chéad leath de 2007.

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina chathaoirleach ar fhoghrúpa Fhiosrú agus Anailís Chumasc an MWG. Ag Comhdháil Bhliantúil ICN 2006 d'fhoilsigh an foghrúpa Leabhar Saothar Treoirínte Cumaisc an ICN. Lean foilsíú an Leabhair Saothair críochnú plean oibre dhá bhliain agus bhí comhoibriú i gceist ann le gníomhaireachtaí éagsúla. Ag leanúint ar aghaidh ón Leabhar Saothair agus ó Thionscadal Réiteach ICN agus Lámhleabhar Teicnící Fiosrúcháin a táirgeadh sa bhliain 2005, rinne an tÚdarás Iomaíochta agus Oifig Trádála Cothrom an RA comhóstaíocht ar cheardlann a dhírigh ar dhlíodóirí agus ar eacnamaithe as gníomhaireachtaí iomaíochta. Scrúdaigh an cheardlann saincheisteanna substaintiúla in athbhreithniú cumasc. Bhí 116 rannpháirtí ag an gceardlann, lena n-áirítear 31 cainteoir agus modhnóir, ó 42 tír sna cúig mhór-roinn. Thuairiscigh an tÚdarás Iomaíochta faoi thorthaí na ceardlainne ag Comhdháil Bhliantúil an ICN i Moscó i mí Bealtaine.

Tá an tÚdarás Iomaíochta gníomhach in dhá fhoghrúpa den CWG: An Foghrúpa Ginearálta Creat agus an Foghrúpa Teicnící Forfheidhmiúcháin. Bhí an tÚdarás Iomaíochta rannpháirteach i gcomhar le OFT an RA agus an ACCC, in ullmhú na caibidle faoi chairtéil 'Tionscnamh Cásanna' don Lámhleabhar Forfheidhmiúcháin Frithchairtéil agus chuir siad an Chaibidil i láthair bhallraíocht an ICN i Moscó. Bhí an tÚdarás Iomaíochta rannpháirteach go gníomhach i gCeardlann Cairtéil an ICN a tionóladh sa tSalvadóir i mí na Samhna 2007.

Cuireann an tÚdarás Iomaíochta ionchur ar fáil i ndréachtú na Tuarascála ar Chuspóirí na nDlíthe um Iompar Aontaobhach, Measúnú Ceannais atá á ullmhú ag an UCWG.

Na hÚdaráis Iomaíochta Eorpacha (ECA)

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina bhall de ha hÚdaráis Iomaíochta Eorpacha (ECA). Cuireann an ECA fóram díospóireachta ar fáil idir Údaráis Iomaíochta Náisiúnta i Limistéar Eacnamaíochta na hEorpa. Tá údaráis iomaíochta ó Bhallstáit an AE, an Coimisiún Eorpach, Ballstáit Limistéar Saorthrádála na hEorpa agus Údarás Faireachais EFTA ina mbaill den ECA. Is é cuspóir an ECA an comhoibriú idir údaráis iomaíochta a fheabhsú agus cur le forfheidhmiúchán éifeachtúil an dlí náisiúnta agus Eorpaigh. Bunaíodh Grúpa Oibre nua ar Smachtbhannaí sa bhliain 2006 agus bhí an grúpa seo gníomhach freisin sa bhliain 2007.

Ráiteas Straitéise

Faoi Alt 33 den Acht Iomaíochta, 2002, éilítear ar an Údarás Iomaíochta Ráiteas Straitéise a thiomsú ina n-implínítear na straitéisí agus na táscairí feidhmiúcháin sonracha a bhfuil sé ag súil lena gcomhlíonadh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Clúdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2006 go dtí an 31 Nollaig 2008 sa Ráiteas Straitéise reatha. Cé go bhfuil an tÚdarás Iomaíochta ag súil le leathnú leanúnach céim ar chéim, níl fócas a straitéise ar chumas a thógáil níos mó, ach ar a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar an mbealach is tráthúla, is éifeachtúla agus is éifeachtaí is féidir.

STRAITÉIS AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA DO 2006–2008

Tugann Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta do 2006-2008 forléargas den chéad chéim eile d'fhorbairt na heagraíochta. Is plean straitéiseach é atá ag tnúth le leathnú leanúnach céim ar chéim a dhéanamh ar an Údarás Iomaíochta. Tá an Ráiteas Straitéise ag díriú ar fheidhmeanna an Údaráis Iomaíochta a chomhlíonadh ar an mbealach is tráthúla, is éifeachtúla agus is éifeachtaí is féidir.

Rinneadh Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta a fhorbairt tar éis comhairliúchán leitheadach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Mar ghníomhaireacht atá ag teacht in aibíocht tá an tÚdarás Iomaíochta ag díriú ar chainníocht agus ar cháilíocht a chuid 'aschur' agus a seachadadh a fheabhsú seachas a chumas a thógáil.

Imlínítear Plean Straitéiseach an Údaráis Iomaíochta i dt trí chéim sa Ráiteas Straitéise:

Díríonn Céim 1 ar an gceist:

'Cad iad Cuspóirí an Údaráis Iomaíochta?'

Dá réir sin tosaíonn an roinn seo le ráiteas faoi *Ráiteas Misin agus Spriocanna* an Údaráis Iomaíochta. Áirítear san roinn seo chomh maith tuairisc ar ról an Údaráis Iomaíochta mar atá bronnta air le reachtaíocht.

Díríonn Céim 2 ar an gceist:

'Cad iad na cúinsí, inmheánacha nó seachtracha, a mbíonn tionchar acu ar an gcaoi a bhainfeadh an tÚdarás Iomaíochta a chuid cuspóirí amach?'

Measann an roinn seo an timpeallacht inmheánach ar dtús agus tugann tuairisc dá réir ar struchtúr agus ar acmhainní an Údaráis Iomaíochta. Meastar an timpeallacht sheachtrach ansin agus imlínítear na forbairtí a bhfuiltear ag súil leo sa todhchaí. *Tugtar tuairisc ansin ar Chúinsí Criticiúla Ratha.*

Díríonn Céim 3 ar an gceist:

'Leis na cúinsí comhshaoil ina bhfeidhmíonn an tÚdarás Iomaíochta, conas is fearr is féidir leis an Údarás a chuid cuspóirí a bhaint amach?'

Tugann an roinn seo forléargas ar straitéisí sonracha an Údaráis Iomaíochta don tréimhse 2006-2008. Tugtar tuairisc faoi na príomhtháscairí feidhmiúcháin atá deartha chun ligean don Údarás Iomaíochta rath a chuid straitéise a mheas ó thaobh a chuid spriocanna a bhaint amach. Baintear formhór Ráiteas agus Spriocanna Misin an Údaráis Iomaíochta as feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta mar atá leagtha amach san Acht Iomaíochta, 2002. Áirítear sna feidhmeanna seo forfheidhmiú an dlí Iomaíochta, athbhreithniú ar chumaisc agus aighneacht ar son na hiomaíochta.

STRAITÉIS AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA DO 2006–2008

Is é Misean an Údaráis Iomaíochta:

‘A chinntiú go n-oibríonn an iomaíocht chun leas na dtomhaltóirí ar fud eacnamaíocht na hÉireann’

Ciallaíonn an iomaíocht a chur ag obair chun leas na dtomhaltóirí go gcinntítear gur féidir leis na margáí leas an tomhaltóra agus rogha an tomhaltóra a mhéadú, trí phraghsáil, nuáil, agus níos mó caighdeán agus éagsúlachta i dtáirgí. Mar go mbíonn gnólachtaí ina ‘dtomhaltóirí’ go minic iad féin, nuair a chuirtear an iomaíocht ag obair go maith don tomhaltóir oibríonn an iomaíocht go maith do ghnólachtaí chomh maith.

Spriocanna an Údaráis Iomaíochta

- Sprioc 1:** An gealltanas s is iomláine is féidir don dlí iomaíochta a chinntiú;
- Sprioc 2:** An iomaíocht a spreagadh san áit ina bhfuil sí in easnamh, teoranta nó srianta;
- Sprioc 3:** Feasacht agus tuiscint faoi bhuntáiste na hiomaíochta a ardú i measc lucht déanta beartais, gnólachtaí agus tomhaltóirí;
- Sprioc 4:** Seirbhís éifeachtúil thráthúil a sholáthar do pháirtithe leasmhara, idir inmheánach agus sheachtrach; agus
- Sprioc 5:** Dualgais idirnáisiúnta a chomhlíonadh chomh maith le cur le forbairt agus conbhéirseacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr i mbeartas agus i bhforfheidhmiúchán na hiomaíochta.



William Prasifka

Cathaoirleach



Declan Purcell

Aighneachtaí



Carolyn Galbreath

Cairtéil



Paul Gorecki

Cumaisc



Stanley Wong

Monaplachtaí

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHÚIL AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA (LÉIRÍONN SÉ POIST NA FOIRNE AMHAIL AN 31 NOLLAIG, 2007)

Rannóg	Aighneachtaí	Cumaisc	Seirbhísí Corparáideacha
Baill	Declan Purcell	Paul Gorecki	William Prasifka
Feidhmeanna	Staidéar, anailís agus aighneacht maidir le hiomaíocht i margaí ina ndéanann an Stát srian a chur le hiomaíocht agus ar libearalú margaí	Fógraí agus forfheidhmiú fógraí	Acmhainní Daonna, Bainistíochta Airgeadais, Tacaíocht Riaracháin, TFC, Caidreamh Poiblí
Bainisteoirí Rannóige Comhairleoirí Dlí	Carol Boate	Cormac Keating	Ciarán Quigley Noreen Mackey, David McFadden
Bainisteoir Cumarsáide			Clodagh Coffey
Oifigigh Cásanna	Ciarán Aylward, Paloma Repullo Conde, Cathal Hanley, Andrew Rae, Dave O'Connell.	Ibrahim Bah, Victoria Balaguer, Anne Ellis, Barry O'Donnell.	
Ardoifigigh Feidhmiúcháin			James Plunkett (Bainisteoir TF)
Oifigigh Feidhmiúcháin			Sandra Rafferty, Stephen Lalor, Pat Downey
Oifigigh Cléireachais			Elizabeth Heffernan, Laraine Cooper, Robert Holmes, Sandra Brennan, Susie Bregazzi

Cairtéil	Monaplachtaí	Polasaí
Carolyn Galbreath	Stanley Wong	William Prasifka
Imscrúdú agus ionchúiseamh agus forfheidhmiú i gcoinne cairtéil Alt 4	Imscrúduithe agus forfheidhmiú nuair a bhaintear mí-úsáid as ceannasacht (ingearach agus cothrománach) faoi Ailt 4 agus 5	Tacaíocht anailíseacha do rannóga eile, go príomha Rannóg na gCumasc. Bainistiú agus Comhordú ar Obair Idirnáisiúnta. Forbairt ar Struchtúir Faisnéise agus Traenála. Ceapadh agus Cur i bhfeidhm polasaithe agus straitéisí.
Vivienne Ryan	Patrick Kenny	John Evans

John Burke, Michael Downey, TJ Fitzpatrick, Catherine Kilcullen, Eksteen Maritz, Kenneth McGreevy, †Joe McLoughlin, †Tony Mulligan, Elisa Ryan, Sinead Sinnott, Joseph Walser.

Aoife Brennan, Kieran Coleman, Niamh Dunne, Theunis Kotze, Han Nie, Anne Ribault O'Reilly.

Janet McCoy, Kathryn MacGuill, Michele Pacillo.

†Tá Bleachtaire-Sháirsintí Tony Mulligan agus Joe MacLoughlin ar iasacht leis an Údarás Iomaíochta faoi láthair ó Bhiúró an Gharda Síochána um Scrúdú Calaoise.

Aguisíní

AGUISÍN A: STAITISTICÍ MAIDIR LE CUMAISIC A NDEARNADH MEASÚNÚ ORTHU 2005–2007

	2007	2006	2005
Cumaisc Fógartha	72	98	84
fógraí riachtanacha (Alt 18(1))	71	97	84
fógraí toilteanacha (Alt 18(3))	1	1	0
Tugtha ar Aghaidh ón mBliain Roimh Ré	9	7	11
tugtha ar aghaidh mar Chéim 1	8	7	10
tugtha ar aghaidh mar Chéim 2	1	0	1
Atreoraithe chuig Coimisiún an AE (ECMR Airt. 9)	0	0	0
LÍON IOMLÁN NA gCÁSANNA	81	105	95
cumaisc meán as na líon iomlán	20	22	23
an líon díobh a d'imigh isteach i gCéim 2 i mbliain an fhógra	3	3	1
an líon díobh a d'imigh isteach i gCéim 2 sa bhliain roimh an bhfógra	1	0	1
Cásanna a Aistarraingíodh	2	2	1
Aistarraingthe ag Céim 1	2	2	1
Aistarraingthe ag Céim 2	0	0	0
Cinntí	70	94	87
Céim 1 Cinntí – ceadaithe le tograí	64	91	80
Céim 1 Cinntí le tograí	2	0	5
Céim 2 dearfach – Cinntí gan choinníollacha nó tograí	3	2	0
Céim 2 – Cinntí le tograí	1	0	0
Céim 2 – Cinntí le coinníollacha	0	0	2
Céim 2 – Toirmisc	0	1	0
Atreoraithe chuig Coimisiún an AE (ECMR Art 22)	0	0	0
Tugtha ar Aghaidh chuig an gCéad Bhliain Eile	9	9	7
Tugtha ar Aghaidh mar Chéim 1	9	8	7
Tugtha ar Aghaidh mar Chéim 2	0	1	0

AGUISÍN B: CUMAISC A CUIREADH I BHFIOS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA SA BHLIAIN 2007

Fógra	Tionscal	Dáta an Fhógartha	Stádas
M/07/001 – Motorola/Netopia	Trealamh Rochtana Leathanbhanda	04 Eanáir 2007	I gCrích
M/07/002 – Eason/Menzies/ E M News Distribution	Dáileadh mórdhíola ar pháipéir nuachta agus irisleabhair	05 Eanáir 2007	I gCrích
M/07/003 – GE/Vetco	Táirgí soláthairtí ola agus gáis ar an tír mhór agus amach ón gcósta	08 Eanáir 2007	I gCrích
M/07/004 – Industri Kapital/ Magotteaux	Táirgí agus seirbhísí do thionscail áit a bhfuil próisis mhionaithe riachtanach do dhéantúsaíocht táirgí críochnaithe	11 Eanáir 2007	I gCrích
M/07/005 – River Newspapers NI/ Olok	Earnáil na meán, go háirithe, páipéir nuachta réigiúnacha	12 Eanáir 2007	I gCrích
M/07/006 – GMG/Saga	Meáin	17 Eanáir 2007	I gCrích
M/07/007 – McNamara/ Conrad International/ECHPL	Feidhmiú tithe ósta/soláthar seirbhísí fáilteachais	26 Eanáir 2007	I gCrích
M/07/008 – CBS Outdoor/Haveco	Margaíocht agus meáin	31 Eanáir 2007	I gCrích
M/07/009 – UTC/SFS Fire Services	Cosaint Dóiteáin	13 Feabhra 2007	Tarraingthe siar
M/07/010 – Irish Times/Gazette Group	Earnáil foilsitheoireachta nuachtán agus fógraíochta	27 Feabhra 2007	I gCrích
M/07/011 – Great-West Lifeco/Putnam	Bainistíocht sócmhainní	28 Feabhra 2007	I gCrích
M/07/012 – Bord na Móna/AES	Bainistíocht tráchtála dramhaíola intíre agus athchúrsáil	07 Márta 2007	I gCrích
M/07/013 – Quinn Group/ BUPA Ireland	Árachas sláinte agus cúnamh sláinte ceirde d'fhostaithe	09 Márta 2007	I gCrích
M/07/014 – Danish HoldCo/ Dako Denmark	Táirgeadh imoibreán agus uirlisí le haghaidh diagnóis in vitro	26 Márta 2007	I gCrích
M/07/015 – MDP/Topps	Milseogra agus siamsaíocht	04 Aibreán 2007	I gCrích
M/07/016 – GS Capital Partners/ Alliance Atlantis Communications	GS Capital Partners i mbun soláthar a dhéanamh ar chothrom príobháideach agus infheistíochtaí i raon leathan earnálacha, lena n-áirítear earnáil na siamsaíochta/na meán ar fud an domhain. Cuimsíonn na sócmhainní a fuarthas ó Alliance Atlantis na cearta cotháirgeadh agus dáileadh a dhéanamh ar an saincheadúnas CSI Franchise ar fud an domhain	03 Aibreán 2007	I gCrích
M/07/017 – Fulsa/ Mater Private Healthcare	Seirbhísí Cúraim Shláinte Príobháideacha	27 Aibreán 2007	I gCrích

AGUISÍN B: CUMAIS A CUIREADH I BHFIOS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA SA BHLIAIN 2007

M/07/018 – BNY/Mellon	Seirbhísí Airgeadais	04 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/019 – Agricultural Trust/ Irish Catholic	Tréimhseacháin Speisialtóireachta Seachtainiúla	09 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/020 – Alchemy/A-Wear	Miondiólachán éadaí ban sa RA agus in Éirinn	10 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/021 – Thomas Crosbie Holdings/ WKW FM	Meáin	11 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/022 – Thomas Crosbie Holdings/ South East Broadcasting	Gnó sna Meáin	11 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/023 – MDP/CDRV	Dáileadh ar threalamh agus ar cheimicí saotharlainne. Chomh maith leis sin, seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí le seirbhísí amhail bainistíocht seomra stórais, soláthar poiblí, comhtháthú ar an slabhra soláthair, seirbhísí teicniúla agus seachadach barr binse saotharlainne.	15 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/024 – Verizon Business/ Cybertrust	Seirbhísí Slándála	15 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/025 – 3i Group/Foster Group	Seirbhísí Ailtireachta	14 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/026 – State Street/IFIN	Seirbhísí airgeadais, go háirithe soláthar seirbhísí slándála domhanda agus intire d’infheisteoirí institiúideacha. In Éirinn tá State Street agus IFIN araon gníomhach i margaí cumhdaigh chistí agus riaracháin airgeadais.	23 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/027 – Britvic/C&C	Earnáil na ndeochanna boga (ó thaobh déantúsaíochta agus mórdhíoltóireacht deochanna boga)	24 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/028 – Citigroup/BISYS	Seirbhísí airgeadais go ginearálta agus go háirithe i soláthar seirbhísí cistí	31 Bealtaine 2007	I gCrích
M/07/029 – NTL/Clane	Miondiól – íoc. Teilifíse	01 Meitheamh 2007	I gCrích
M/07/030 – GDG/AEPL	Táirgí téimh spáis, fearais tí, easbhrú aeir agus táirgí cithfholctha	06 Meitheamh 2007	I gCrích
M/07/031 – Galco/Sperrin/Sperrin	Soláthar córas um chosaint ar chreimeadh cruaiche	12 Meitheamh 2007	I gCrích
M/07/032 – Alchemy/Calyx	Seirbhísí TF	13 Meitheamh 2007	I gCrích
M/07/033 – Oldcastle Precast/Carson	Imfhálú leibhéal gráid agus oiriúintí	18 Meitheamh 2007	I gCrích

AGUISÍN B: CUMAISC A CUIREADH I BHFIOS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA SA BHLIAIN 2007

M/07/034 – AXA IMPEE/Diana Group	Is soláthraí The Diana Group a chuireann úsc nádúrtha, blaitithe agus comhábhair fheidhmiúla ar fáil do thionscail a tháirgeann bia do pheataí agus don thionscail dí	22 Meitheamh 2007	I gCrích
M/07/035 – Investec/Kensington	Morgáistí do Thithe Cónaithe	28 Meitheamh 2007	I gCrích
M/07/036 – Intesa/Pirelli RE	Bainistíocht áise eastáit réadaigh	02 Iúil 2007	I gCrích
M/07/037 – Bank of Scotland/Polypipe	Córais píobán agus sláintíochta	06 Iúil 2007	I gCrích
M/07/038 – Musgrave/J&J Haslett	Mórdhiól bia agus dáileadh grósaerí i dTuaisceart Éireann	17 Iúil 2007	I gCrích
M/07/039 – EBS/Britannia	Seirbhísí Airgeadais	30 Iúil 2007	I gCrích
M/07/040 – Communicorp/SRH	Craoltóireacht raidió	30 Iúil 2007	I gCrích
M/07/041 – Origin/Odlum	Muilleoireacht plúir agus coirce	31 Iúil 2007	I gCrích
M/07/042 – Mellon/AAMGSS	Seirbhísí Airgeadais	01 Lúnasa 2007	I gCrích
M/07/043 – One51/Hegarty/A1/Galway Metal	Athchúrsáil ar dhramh-mhíotal	10 Lúnasa 2007	I gCrích
M/07/044 – Barclays/Global Refund	Seirbhísí Airgeadais	17 Lúnasa 2007	I gCrích
M/07/045 – CACEIS/Olympia Capital/Winchester/Brooke	Seirbhísí Airgeadais	20 Lúnasa 2007	I gCrích
M/07/046 – Smart Telecom/E-nvi	Earnáil cumarsáide leictreonaice na hÉireann a chuimsíonn soláthar Teilifíse ilchainéil, teileafónaíocht agus seirbhísí leathanbhanda	20 Lúnasa 2007	I gCrích
M/07/047 – LGIV/City Channel	Cláir theilifíse a léiriú agus craoltóireacht teilifíse	22 Lúnasa 2007	I gCrích
M/07/048 – News Corporation/Dow Jones	Foilsitheoireacht páipéir nuachta	27 Lúnasa 2007	I gCrích
M/07/049 – LBBW/Sachsen LB	Earnáil na baincéireachta mórdhiola, go háirithe maidir le margáí táirgí airgeadais domhanda	30 Lúnasa 2007	I gCrích
M/07/050 – Universal/Sparrowhawk	Meáin	04 M. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/051 – Siteserv/Sierra	Foirgníocht	10 M. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/052 – Standard Chartered/Pembroke	Aerárthaigh ar cíos, seirbhísí airgeadais agus bainistíochta	12 M. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/053 – VION/Oerlemans	Bia	18 M. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/054 – Novasep/PharmaChem	Cógaisíocht – dearadh ceimiceach agus táirgí ceimiceacha	19 M. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/055 – Bunzl/DGD	Soláthar bia – as baile – nó earnáil mhiondíola ar oileán na hÉireann	19 M. Fómh. 2007	I gCrích

AGUISÍN B: CUMAIS A CUIREADH I BHFIOS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA SA BHLIAIN 2007

M/07/056 – Brunner/Arnotts	Feidhmiú siopaí miondíola agus bainistíocht maoiné	24 M. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/057 – Renault/Glencullen	Dáileadh mórdhíola ar fheithiclí leis an mbranda Renault i bPoblacht na hÉireann	28 M. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/058 – Eurocopter/McAlpine	Dáileadh Héileacaptar	28 M. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/059 – Resolution/ Friends Provident	Earnálacha an árachais saoil agus na bainistíochta sócmhainní	11 D. Fómh. 2007	Tarraingthe siar
M/07/060 – Imtech/Suir	Seirbhísí innealtóireachta	19 D. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/061 – Newscorp/NGT/NGC-UK	Táirgeadh agus soláthar cainéal teilifíse	26 D. Fómh. 2007	I gCrích
M/07/062 – Honeywell/HHP	Táirgeadh ar threalamh bailiúcháin sonraí agus bainistíochta d'fheidhmchláir ar an láthair, <i>shoghluaiste agus a phróiseálann idirbhearta.</i>	05 Samhain 2007	I gCrích
M/07/063 – Pearl/Resolution	Árachas Saoil	12 Nollaig 2007	Gníomhach
M/07/064 – Johnston Press/Clonnad	Páipéir Nuachta agus irisleabhair saorbhileog/pobail saor in aisce	12 Nollaig 2007	Gníomhach
M/07/065 – Royal London/Resolution	Soláthar táirgí árachais saoil, pinsean agus infheistíochta	13 Nollaig 2007	Gníomhach
M/07/066 – Bank of America/LaSalle	Seirbhísí Airgeadais	13 Nollaig 2007	I gCrích
M/07/067 – Capvest/Drie Mollen	Táirgeadh Tae agus Caife	14 Nollaig 2007	Gníomhach
M/07/068 – Nike/Umbro	Dearadh agus margáíocht ar threalamh, éadaí agus ghiuirléidí spóirt	21 Nollaig 2007	Gníomhach
M/07/069 – UTV/FM104	Raidió	21 Nollaig 2007	Gníomhach
M/07/070 – 3i/Inspicio	Seirbhísí tástála, iniúchta agus anailísithe	21 Nollaig 2007	Gníomhach
M/07/071 – Barclays/Gardman	Táirgí cúraim éan fiáin agus gairdín	21 Nollaig 2007	Gníomhach
M/07/072 – Carillion/McAlpine	Bainistíocht foirgníochta agus áiseanna	24 Nollaig 2007	Gníomhach

AGUISÍN C: AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA A RINNE AN TÚDARÁS IOMAÍOCHTA SA BHLIAIN 2006

Uimhir na hAighneachta	Aighneacht Faoi bhráid	Topaic	Achoimre ar Mholtaí
7/001	An tAonad Náisiúnta um Beartas Soláthair Phoiblí	Feabhas a chur ar rochtain SMA ar Sholáthar Poiblí	Seans go mbeadh éifeacht neamhbheartaithe ag ceangaltais soláthair go ndéanfaí gnólachtaí atá incháilithe go hiomchuí a eisiaimh as margai nó tús áite a thabhairt do ghnólachtaí móra roimh ghnólachtaí beaga. Díríonn moltaí an Údaráis Iomaíochta ar shaincheisteanna a bhaineann le ceangaltais árachais rómhór, ceangaltais réamhcháilíochta, oiliúnt foirne, sonraíochtaí tairisceana agus saincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh.
S/07/002	An Oifig Cóir-thrádála	Caingne príobháideacha i nDlí na hIomaíochta: Sásamh éifeachtach do Thomhaltóirí agus don Ghnó	Tá an tÚdarás den tuairim gur chóir do Choimisiún an AE rialacha agus polasaithe a chur ar bun chun a chinntiú go bhfuil an ceart chun caingne príobháideacha a thionscnamh éifeachtach i ngach Ballstát, go mbeadh sé de dhualgas ar Bhallstáit cineál éigin de dhlíthíocht chomhchoiteann a thabhairt isteach agus nach cóir aon rud a dhéanamh le bheith níos boige ar iarratasóir – ar an gcoinníoll go sainítear damáistí mar dhamáistí cúiteacha.
S/07/003	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD)	Athbheithniú an OECD ar Sheirbhís Phoiblí na hÉireann	Molann an tÚdarás Iomaíochta gur chóir don OECD breithniú a dhéanamh ar cibé acu an cóir raon níos mó a bheith ann d'úsáid níos mó a bhaint as iomaíocht agus as praghsanna margaidh chun éifeachtacht agus luach ar airgead a chothú nó nach cóir; cibé acu an bhfuil raon ann don Rialtas glacadh go foirmiúil le polasaí na hiomaíochta neodraí nó nach bhfuil agus an gcuireann soláthar poiblí mar atá faoi láthair chun cinn éifeachtacht agus luach ar airgead nó nach gcuireann.
S/07/004	An Roinn Iompair	Ráiteas Straitéise na Roinne Iompair 2008-2010	Tá rialacháin atá as dáta ag srianadh rogha an tomhaltóra agus thionscnaíocht an fhiontraí ach cosc a chur ar fhíor-iomaíocht in earnáil an iompair poiblí. Caithfear athchóiriú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras rialaithe d'fhonn teacht chun cinn agus freastal ar éilimh an tomhaltóra - éilimh atá ag athrú. Má táthar chun athchóiriú a dhéanamh chun go bhféadfadh iomaíocht titim amach i margadh an iompair poiblí caithfear struchtúir a chruthú chun eolas, táill agus ticéadú a chomhtháthú d'fhonn eispéireas taistil gan cháim a sholáthar do chustaiméirí.

AGUISÍN C: AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA A RINNE AN TÚDARÁS IOMAÍOCHTA SA BHLIAIN 2006

S/07/005	An Roinn Cumarsáide, Ráiteas Straitéise an Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN)	RCFAN 2008-2010	Leagann an tÚdarás lomaíochta béim ar an ngá atá ann breis iomaíochta a thabhairt isteach i margadh leictreachais na hÉireann, go príomha ach scaradh a dhéanamh go hingearach agus go cothrománach ar an BSL, agus maíonn go gcoinníonn an Ráiteas Straitéis béim shoiléir ar sheachadadh na mbeart atá leagtha amach sa Pháipéar Bán, go háirithe iadsan a bhfuil athchóiriú struchtúrtha ag baint leo.
S/07/006	Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann	Athbhreithniú ar Iompar Eiticiúil Cheardchumann Dochtúirí na hÉireann	Díríonn aighneacht an Údaráis lomaíochta ar cheithre phríomh-shaincheist. Molann an tÚdarás roinnt athchóiriúchán sainiúil chun liobrálú a dhéanamh ar shrianta reatha ar fhógraíocht a dhéanann dochtúirí. Molann an tÚdarás freisin gur chóir tacaíocht níos mó a thabhairt d'ordú cógais chineálacha agus níos mó solúbthachta in atreorú na n-othar idir speisialtóirí. Mar fhocal scoir, luann an tÚdarás gur chóir go mbeadh treoirínite maidir le leasa airgeadais na ndochtúirí i gcomhréir leis an Acht Cogaisíochta 2007, maidir le leasa na bpoitigéirí.
S/07/007	An Coimisiún um Shábháilteacht Othar agus Dhearbhú Cáilíochta	Córas reachtúil chun Ceadúnú a dhéanamh ar Sholáthraithe agus ar Sheirbhísí Cúraim Shláinte Príobháideacha agus Poiblí	Tá an poitéinseal ag córais cheadúnaithe reachtúla bacainní ar iontráil nach bhfuil gá leo a chruthú, ag brath ar an gcaoi a ndeantar iad agus ar chineál na faidhbe/bhfadhbanna a bhfuil siad dírithe ar aghaidh a thabhairt orthu. Molann an tÚdarás lomaíochta go mbeadh aon chóras ceadúnaithe amach anseo i gcomhréir leis an bhfadhb a bhfuil sé ag iarraidh aghaidh a thabhairt uirthi, agus go socródh foras neamhspleách na critéir ar bhealach trédhearcach a cheadaíonn nuálaíocht.
S/07/008	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	Athbhreithniú ar an Acht lomaíochta	Déanann an tÚdarás lomaíochta roinnt moltaí a bhfuil mar aidhm acu feabhas a chur ar éifeacht pholasaí iomaíochta an Stáit. Molann an aighneacht roinnt beart a cheadódh pionóis airgeadais níos déine i gcoinne na ndaoine a dhéanfadh iarracht bac a chur le himscrúduithe agus pianbhreitheanna níos déine a ghearradh chun cosc a chur le hiompar frithiomaíoch. Tá sé beartaithe ag an Údarás freisin athruithe a chur i bhfeidhm ar an gcóras cumasc reatha.

AGUISÍN D: ÓRÁIDÍ, CUR I LÁTHAIR & PÁIPÉIR 2007

Teideal	Fóram	Dáta	Duine
Tuairisc chun dáta ar Fhorbairtí in	American Bar Association	23 Eanáir	William J Prasifka
Antitrust Goes Global: The Challenge of Managing Transnational Investigations and Litigation	Siompóisiam Dlíthiúil Idirnáisiúnta an Chumainn Iompair Aeir, Istanbúl	11-13 Feabhra	Stanley Wong
Co-operation and Enforcement: Obstruction and Enforcement of Cartel Investigations in Ireland	Coiste Iomaíochta an OECD, Páras	20 Feabhra	David McFadden
Comhdháil Leictreachais	Institiúid um Ghnóthaí Eorpacha	21 Feabhra	William J Prasifka
Market Studies – General Philosophies	Seimineár DTI sa RA	21 Feabhra	Declan Purcell
Market Studies – Some Lessons Learned	Seimineár DTI sa RA	21 Feabhra	Declan Purcell
Forfheidhmiú ar Airteagal 82 de Chonradh an AE	Dlí-Chumann na hÉireann, Ollscoil Luimnigh	28 Feabhra	Stanley Wong
The Advocacy Function of the Competition Authority	Údarás Iomaíochta ón mBulgáir ar cuairt	7 Márta	Declan Purcell
Vertical Integration in the Pharma Sector	Líonra Iomaíochta na hEorpa	15 Márta	Declan Purcell
Private vs Public Interest: The Strategic Use of Competition Law in Ireland by Private Interests	Ionad Amsterdam um Dlí agus Eacnamaíocht, Ollscoil Amsterdam, Ceardlann ar Idirghníomhú Straitéiseach idir Gnólachtaí agus Údaráis i bhfrithiontaobhas, Rialú agus Rialachán Cumasc, Amsterdam	16 Márta	Paul K Gorecki
Cartel Enforcement Update: Predicting a Bumpy Road Ahead for Cartels in Ireland	Ionad na hÉireann um Dlí Eorpach, Tuairisc chun dáta ar Dhlí na hIomaíochta: Public and Private Enforcement	28 Márta	Carolyn Galbreath
Improving Merger Control in Ireland	Merger Control in Ireland: Prospect and Retrospect	11 Aibreán	Noreen Mackey
ECN and International Co-operation	American Bar Association, Washington DC	17 Aibreán	William J Prasifka
Gairm an Dlí	ICEL	24 Aibreán	William J Prasifka
Hemat v Medical Council: Its Implications for Irish and EU Competition Law	Páipéar a foilsíodh in European Competition Law Review, Imleabhar 28, Eagrán 5, lgh 284-293.	Bealtaine	Pau K Gorecki & Noreen Mackey
Forfheidhmiú Frithiontaobhais SA agus na hEorpa	International Association of Young Lawyers	10 Bealtaine	William J Prasifka

AGUISÍN D: ÓRÁIDÍ, CUR I LÁTHAIR & PÁIPÉIR 2007

Irish Experience with Non-Horizontal Mergers: Coillte/Weyerhaeuser	Seimineár ar chuir an tÚdarás lomaíochta agus Institiúid na hÉireann um Ghnóthaí Eorpacha maoiniú ar fáil dó, i mBaile Átha Cliath. Seimineár chun measúnú a dhéanamh ar Chumaisc Neanmhchothrománacha	10 Bealtaine	Paul K Gorecki
Tuairisc ar Cheardlann Cumasc ICN 2007, Baile Átha Cliath	Comhdháil Bhliantúil an Líonra lomaíochta Idirnáisiúnta, Moscó	13 Bealtaine	John Evans
Ceardlann um Chleachtas Forfheidhmithe agus Srian Frithchairtéil	Ionad Réigiúnach um lomaíocht an OECD, Búdaipeist	21-25 Bealtaine	David McFadden
Grúpa Oibre Cumasc, Pléphainéal, Moderator of Breakout Sessions	6ú Comhdháil Idirnáisiúnta, Comhdháil Bhliantúil an Líonra lomaíochta Idirnáisiúnta, Moscó	30 Bealtaine-1 Meitheamh	Paul K Gorecki
Promoting Competition the Irish Electricity Market	Comhdháil – Fuinneamh Éireann	11 Meitheamh	William J Prasifka
The Competition Quandry: Betting the Company	Institute of Directors, Londain	11 Meitheamh	David McFadden
How much competition can we expect in the Irish private health insurance market?	Sunday Business Post 'Health Summit 2007', Páirc an Chrócaigh	13 Meitheamh	Carol Boate
Keeping Trade Associations on the Right Side of Competition Law	Lá Foirne IBEC Staff Day: How to Run a Trade Association	5 Iúil	Carolyn Galbreath
Rialú agus lomaíocht	Dlí na hIomaíochta PPC II, Dlí-Chumann	10 Iúil	Noreen Mackey
Cur i láthair d'ambasadóirí an AE		11 Iúil	William J Prasifka
Rialú agus lomaíocht	Public Affairs Ireland	16 Iúil	William J Prasifka
Dlí na hÉireann agus an AE a Fhorfheidhmiú	Seimineár, Banc Uladh	13 M. Fómh.	Stanley Wong
Competition and the Beverage Industry	Beverage Council of Ireland	14 M. Fómh.	William L Prasifka
Leasúcháin ar an Acht lomaíochta	Comhdháil Preas lomaíochta	26 M. Fómh.	William J Prasifka
Consumer Actions for Damages for Anti-Competitive Violations: UK Experience and Prospects in Ireland	Institiúid Gnóthaí Eorpacha na hÉireann	27 M. Fómh.	David McFadden

AGUISÍN D: ÓRÁIDÍ, CUR I LÁTHAIR & PÁIPÉIR 2007

Cartel Criminalisation in Ireland and Europe: Can the United States Model of Antitrust Enforcement be Successfully Transferred to Ireland and Europe	American Bar Association, Rannóg an Dlí Idirnáisiúnta, 2007, Cruinniú an Fhómhair	1 D. Fómh.	Carolyn Galbreath
Óráid i ndiaidh Dinnéir	Canadian Bar Association, Comhdháil Bhliantúil Dhlí na hIománaíochta, Ottawa	11 D. Fómh.	Stanley Wong
Rialú Cánach	Coiste Iománaíochta OECD, Páras	15 D. Fómh.	Declan Purcell
Ceannaire Ceardlainne	Comhdháil Bhliantúil Pholasaí Iománaíochta an AE, Cumann Lucht Tráchtála Mheiriceá chuid an AE, An Bhruiséil	22 D. Fómh.	Stanley Wong
A Big Court Case to Lose?	Foilsithe in Business and Finance, Imleabhar 43, ICh59	26 D. Fómh.	Paul K Gorecki
Why Legislators Intervene to Tackle Market Power	Ollscoil Luimnigh	12 Samhain	Patrick Kenny
Ról agus Feidhm an Údaráis Iománaíochta	Seimineár Public Affairs Ireland	20 Samhain	Declan Purcell
Polasaí Tomhaltóirí	An Institiúid Gnóthaí Eorpacha	22 Samhain	William J Prasifka
Dlí na hIománaíochta a Fhorfheidhmiú	Comhdháil Iománaíochta ICEL	23 Samhain	William J Prasifka
Iománaíocht san Earnáil Dramhaíola	Cruinniú Mullaigh Dramhaíola Náisiúnta	27 Samhain	Declan Purcell
The Role of Economic Evidence in Merger Control in Ireland: Current and Future Practice	Páipéar foilsithe in European Competition Journal, Imleabhar 3, Uimh. 2, Igh497-524	Nollaig	Paul K Gorecki, Cormac Keating, and Brendan O'Connor



Abhainn i nGleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin

